
# COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

# LAOIS COUNTY COUNCIL







# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# ANNUAL REPORT 2021

# COMH-AITHEASC AG AN gCATHAOIRLEACH AGUS AG AN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



An Comhairleoir
C. Bergin
Cathaoirleach



John Mulholland
Príomhfheidhmeannach

Fáiltímid roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2021 ina leagtar amach an dul chun cinn a rinne an Chomhairle maidir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach agus ina dtarraingítear aird ar an obair thábhachtach leanúnach atá ar siúl agus ar an líon mór nithe a bhain an Chomhairle seo amach i rith na bliana.

Feabhsaítear obair agus gnóthachtálacha Chomhairle Chontae Laoise mar thoradh ar obair a dheanamh i gcomhpháirtíocht le raon geallsealbhóirí agus ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabhail leo as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú leanúnach.

De réir mar a lean paindéim an Choróinvíris ar aghaidh ar fud an domhain bhí tionchar á imirt ar shaoil daoine fós sa bhliain 2021. Cé gur éascaíodh srianta mar thoradh ar na bearta éagsúla a bhí ann, lena n-áirítear an clár vacsaínithe, lean Lucht Bainistíochta agus Foireann Chomhairle Chontae Laoise dá gcuid oibre ar fud na bliana 2021 trí mheascán d'obair oifige agus d'obair chianda. Lean gach roinn de chuid na Comhairle de dheimhin a dhéanamh de go rabhthas ag freastal ar riachtanais athraitheacha ar seirbhísí.

Is ábhar tosaíochtaí i gcónaí é tithíocht a sholáthar agus cuireadh 108 n-aonad nua tithíochta breise ar fáil tri Chlár Atógála Éireann agus tri réitigh thithíochta a sholáthar do 220 teaghlach. Ina theannta sin, cuireadh tús le hoibreacha aisfheistiúcháin 157 dteach cónaithe mar chuid de thionscnamh píolótach faoin gClár Aisfheistiúcháin Títhíochta.

Rinneadh an babhta tosaigh comhairliúcháin faoinar bPlean Forbartha Contae agus faoi ullmhú Plean Nua Forbartha Contae 2021 - 2027 ar comhairliúchán é a seoladh i mí Eanáir 2021 agus glacadh an Plean nua sa bhliain 2022.

I dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú de, is ceannródaí é an Chomhairle le fada an lá sa réimse seo agus, sa bhliain 2021, lean sí de bheith ag obair ar son na haidhme comhchoitinne i ndail lenár lorg carbóin a laghdú. Leanadh den obair ar an Cube, is é sin, an tIonad Sármhaitheasa Ísealcharbóin a bheidh ina mhol goir ilphointe i leith fhorbairt Ionaid Sármhaitheasa Ísealcharbóin a mheallfaidh agus a fhorbróidh cuideachtaí atá dírithe ar nithe a bhaineann le leibhéil ísle carbóin. Chomh maith leis sin, lean an Chomhairle dá clár athsholáthair soilse sráide agus soláthraíodh 2,539 solas LED nua agus, mar thoradh air sin, shábháil Laois 747,500kwh san iomlán.

Cé go raibh tionchar mór á imirt ar ghnóthaí fós ar fud na bliana, cuireadh an Scéim um Tharscaoileadh Rátaí Tráchtála 2021 i bhfeidhm maidir le 989 gcuntas rátaí tráchtála ar bhain luach iomlán €3,827, 742.92. Ina theannta sin, ghníomhaigh an tAonad Tacaíochta Gnó i leith ghéarchéim Covid trí oibriú go dlúth leis an bpobal gnó agus trí spreagadh a thabhairt dó leas a bhaint as na tacaíochtaí iomchuí a bhí ann dá ngnóthaí. Ceapadh na tacaíochtaí sin chun cabhrú le gnóthaí cobhsaíocht a bhaint amach agus oiriúnú a dhéanamh don staid athraitheach le linn dóibh a bheith i mbun ullmhúcháin i ndáil le téarnamh a dhéanamh. Sa bhliain 2021, tháinig méadú suntasach ar an líon rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna, bhí éileamh an-ard ann maidir le meantóireacht agus tháinig méadú ar na tionscnaimh agus ar na tacaíochtaí gnó go léir, lena n-áirítear an clár nua dar teideal 'Green for Micro'.

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle dea-chleachtas a bhunú agus a chur chun cinn i dtaca le bainistiú agus cosaint na hoidhreachta de trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh amhail an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí agus an tsuirbhéireacht ar bhogaigh. Tá tús curtha ag Comhairle Contae Laoise agus Uíbh Fhailí le mórthionscadal nua trína nasctar caomhnú na hoidhreachta meánaoisí agus an bhithéagsúlacht le chéile. Bronnadh €748,000 le haghaidh an tionscadail trí bliana faoi Chiste Aistrithe Chóir an Rialtais arb é is aidhm dó ná tacú le tionscadail nuálacha a rannchuidíonn le hinbhuanaitheacht eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil Lár na Tíre agus lena ngabhann acmhainneacht i leith cúrsaí fostaíochta agus fiontraíochta.

Cuireadh tús le roinnt tionscnamh sa bhliain 2021 chun feabhas a chur ar sláinte agus ar fholláine daoine i gContae Laoise, lena n-áirítear na feachtais 'Fág solas ar lasadh' agus 'Coinnigh go maith' chun cabhrú le daoine aonair agus le pobail leanúint de bheith athléimneach agus folláin trí gheimhreadh a raibh dúshláin ar leith ag baint leis.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le comhaltaí tofa agus le foireann Chomhairle Chontae Laoise as a gcomhar agus as a dtacaíocht leanúnach agus as a dtiomantas i leith fónamh do mhuintir Chontae Laoise.

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Ráiteas Misin | 4 |
| Comhaltaí Chomhairle Chontae Laoise | 5 |
| Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Cúrsaí Pobail agus Gníomhú ar son na hAeráide | 6 |
| Bonneagar, Seirbhísí Uisce, Comhshaol, Seirbhísí Éigeandála agus Tionscadail Speisialta | 36 |
| Tithíocht, Athghiniúint agus Pleanáil | 59 |
| Airgeadas, Forbairt Eacnamaíochta agus Turasóireacht | 75 |
| My Pay | 87 |
| Aguisíní | 88 |
| Conas teagmháil a dhéanamh linn | 93 |

# RÁITEAS MISIN

*"Treoróidh an Chomhairle forbairt inbhuanaithe an Chontae ó thaobh cúrsaí geilleagracha, sóisialta, cultúrtha agus pobail de agus soláthróidh sí seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán do na pobail a bhfónaimid dóibh"*

## Sainordú

Is í Comhairle Chontae Laoise an príomhúdarás a thoghtar go daonlathach i gContae Laoise agus soláthraíonn sí raon ilchineálach fairsing seirbhísí a mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíochtaí geilleagair, sóisialta, comhshaoil, bonneagair, tionscail, turasóireachta agus cultúir an chontae. I measc na seirbhísí sin áirítear seirbhísí a bhaineann tithe, bóithre, pleanáil agus forbairt gheilleagrach, bainistíocht dramhaíola, cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí áineasa, leabharlanna, forbairt cultúir agus forbairt pobail, lena n-áirítear áineas agus spórt, a chur ar fáil agus a choimeád ar bun. Gníomhaíonn Comhairle Chontae Laoise mar ghníomhairí i leith seirbhísí uisce agus dramhuisce a sholáthar. Fónann fórsa saothair mór don Chomhairle, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach agus fostaithe gairmiúla, teicniúla, dlí, riaracháin, airgeadais agus allamuigh.

## Comhaltaí na Comhairle

Cuimsíonn Comhairle Chontae Laoise 19 gComhalta Thofa - seisear comhaltaí as gach ceann ar leith de Ceantair Bhardasacha Bhuiríos Mór Osraí-Mhóinteach Mílic agus na Gráige-Chúil an tSúdaire, agus seachtar comhaltaí as Ceantar Bardasach Phort Laoise.



Comhaltaí Tofa in éineacht leis an bPríomhfheidhmeannach le linn Chruinniú Ginearálta Bliantúil Chomhairle Chontae Laoise i mí an Mheithimh 2019

## Cruinnithe na Comhairle

I rith na bliana 2021, rinneadh Cruinnithe na Comhairle a sheoladh, de ghnáth, ar an Luan deireanach de gach mí i Seomra na Comhairle. Ach, de bharr Covid 19 agus chun an treoir maidir le sláinte phoiblí a chomhlíonadh, seoladh cruinnithe in Amharclann Dhún Másc agus i dTeacht na mBocht agus Músaem Dhomhnach Mór, agus ar mhodh cianda freisin. Tionóladh seacht gcruinniú dhéag sa bhliain 2021, gan aon chruinniú a bheith ann i mí Lúnasa.

## An Grúpa Beartais Chorparáidigh (G.B.C.)


Tá an Grúpa Beartais Chorparáidigh ceaptha chun feabhas a chur ar shainordú daonlathach agus ar ról ceaptha beartais na gcomhaltaí tofa. Faigheann an G.B.C. tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach na Comhairle agus den cheathrar Cathaoirleach ar na Coistí Beartais Straitéisigh (CBS-anna), mar aon le Cathaoirleach Cheantar Bardasach na Gráige/Chúil an tSúdaire. Is é príomhfheidhm an C.B.C obair na CBS-anna éagsúla a chomhordú agus fóram a chur ar fáil ina gcomhaontaítear cinntí beartais a dhéanann difear don Chomhairle ina hiomláine lena gcur faoi bhráid na Comhairle iomláine chun cinneadh a dhéanamh ina leith. Tháinig an G.B.C. le chéile 12 uair sa bhliain 2021.

## Ceantair Bhardasacha

Seo a leanas na mionsonraí faoin líon Cruinnithe Ceantair Bhardasaigh a tionóladh sa bhliain 2021: Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí/Mhóinteach Mílic - 12 chruinniú
Ceantar Bardasach Graigecullen-Chúil an tSúdaire - 11 chruinniú Ceantar Bardasach Phort Laoise - 12 chruinniú

# COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE LAOISE


## COMHALTAÍ
## CHEANTAR BARDASACH BHUIRÍOS MÓR OSRAÍ-MHÓINTEACH MÍLIC


Patrick Bracken (F.F.)


John King (F.G.)


*Oliver Clooney* (Neamhpháirtí)


Conor Bergin (F.G.)


Seamus McDonald (F.F.)


James Kelly (Neamhpháirtí)

## COMHALTAÍ
## CHEANTAR BARDASACH PHORT LAOISE


Mary Sweeney (F.G.)


John Joe Fennelly (F.F.)


William Aird (F.G.)


Noel Tuohy (Lucht Oibre)


Cathrine Fitzgerald (F.F.)


Caroline Dwane Stanley (S.F.)


Thomasina Connell (F.G.)

## COMHALTAÍ
## CHEANTAR BARDASACH CHÚIL AN tSÚDAIRE-GRAIGUECULLEN


P J Kelly (F.G.)


Aisling Moran (F.G.)


Padraig Fleming (F.F.)


Ben Brennan (Neamhpháirtí)


Aidan Mullins (S.F.)


Paschal McEvoy (F.F.)

D'éirigh an Comhairleoir Tom Mulhall as Comhairle Chontae Laoise le héifeacht ón 26 Eanáir 2021. Toghadh an Comhairleoir Mulhall don Chomhairle den chéad uair sa bhliain 2009, mar ionadaí don cheantar arb é Ceantar Bardasach Graiguecullen-Chúil an tSúdaire anois é agus, ina dhiaidh sin, tháinig sé chun bheith ina Chathaoirleach sa bhliain 2016. Bhí an Comhairlrleoir Mulhall ina ionadaí díograiseach poiblí agus bhí meas mór air. Chuir na Comhaltaí Tofa, agus an Lucht Bainistíochta agus an Fhoireann, dea-mhéin in iúl don Chomhairleoir le linn dó a bheith ar scor.


Tom Mulhall (F.G.)

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ: Donal Brennan

OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH, ACMHAINNÍ DAONNA/GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA **Pat Delaney**

## Plean Corparáideach

Ghlac Comhaltaí na Comhairle Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Laoise 2019 -2024 i Samhain, 2019. Sa Phlean Corparáideach, soláthraítear an creat maidir le straitéis chomhleanúnach a chur i bhfeidhm i leith fhorbairt an chontae sa tréimhse ó 2019 go 2024 agus ullmhaíodh é tar éis dul i gcomhairle le fostaithe, le hionadaithe tofa, leis an bpobal, le páirtithe leasmhara deonacha agus comhshaoil, le geallsealbhóirí seachtracha agus le comhlachtaí poiblí eile atá ag oibriú ag leibhéal áitiúil.

## Cairt Chustaiméirí

I gCairt Chustaiméirí Chomhairle Chontae Laoise, leagtar amach an dóigh a bhféachann an Chomhairle le déileáil lena custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeáint i ngach Oifig Comhairle phoiblí agus ar ár suíomh gréasáin ag www.laois.ie. Tugtar gealltanas sa Chairt maidir le comhionannas i dtaca le soláthar seirbhísí de agus tugtar aitheantas do chineál ilchineálach an phobail dá bhfónaimid. Ina theannta sin, tá Nós Imeachta maidir le Gearáin ó Chustaiméirí ann agus is féidir le haon duine nach bhfuil sásta le caighdeán na seirbhíse a fuair sé/sí leas a bhaint as an nós imeachta sin.

## Buaicphointí

Níor seoladh aon Fháiltithe Cathartha i rith na bliana 2021 mar gheall ar Covid 19.

## An Plean Bliantúil maidir le Soláthar Seirbhísí

Le linn chruinniú na Comhairle a seoladh ar an 13 Nollaig 2021, ghlac na Comhaltaí an Plean Bliantúil maidir le Soláthar Seirbhísí don bhliain 2022. Athbhreithneofar cur i bhfeidhm an Phlean sa bhliain 2022 mar chuid den phróiseas a bhaineann le forbairt Phlean 2023. Déanfar feidhmíocht na Comhairle maidir leis na táscairí feidhmíochta atá sonraithe ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) a chur san áireamh freisin.

## Comhpháirtíocht

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Comhpháirtíochta san Ionad Oibre amhail ar an 31 Nollaig 2021:

| Ainmnithe an Lucht Bainistíochta | Ainmnithe Ceardchumainn |
|---|---|
| Bernie Foran | Anne Marie Maher |
| Susan Grant | Rosa Bray |
| | Deirdre Alexander |
| | Tom O'Carroll |
| | Edmond Kenny |

De bharr Covid 19, níor tháinig an Coiste Comhpháirtíochta le chéile i rith na bliana 2021.

## An Scéim Teanga

Dhaingnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Laoise agus tháinig an scéim i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2009 Tá an scéim ar fáil lena léamh ar ár suíomh gréasáin ag www.laois.ie. Táthar ag leanúint den obair a bhaineann le scéim nua a ullmhú. Aithníonn Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil an ceart ag ár gcustaiméirí a roghnú go ndéanfaidh siad gnó linn sa teanga is fearr leo agus éascaítear iad ina ndéileálacha linn a mhéid is féidir, beag beann ar cé acu Gaeilge nó Béarla a roghnaítear.

Más mian leat dul i dteagmháil leis an gComhairle i nGaeilge seol teachtaireacht ríomhphoist, le do thoil, chuig gaeilge@laoiscoco.ie.

## Saoráil Faisnéise

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ar an 14 Deireadh Fómhair 2014. Leis an Acht sin, tugadh isteach athruithe ar an gcóras Saorála Faisnéise agus aisghaireadh agus ionadaíodh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, agus leathnaíodh raon na Saorála Faisnéise chuig roinnt comhlachtaí breise. Chomh maith leis sin, rinneadh comhdhlúthú, nuachóiriú agus uasdátú ar an reachtaíocht i gcoitinne.

**<u>Iarratias a fuarthas sa bhliain 2021</u>**

| | |
|---|---|
| Iarratais ar láimh amhail ar an 31 Nollaig 2020: | 5 |
| Iarratais a fuarthas sa bhliain 2021: | 74 |
| An líon breitheanna a tugadh le linn (lena n-áirítear 19 n-iarratas nár leanadh ar aghaidh leo): | 76 |
| An líon iarratas nár leanadh ar aghaidh leo: | 19 |
| Iarratais ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise: | 7 |
| Iarratais ar láimh amhail ar an 31 Nollaig 2021: | 3 |

**<u>Cineál na nIarrataí</u>**

| | |
|---|---|
| Pearsanta: | 16 |
| Neamhphearsanta: | 57 |
| Measctha: | 1 |

**<u>Achomhairc</u>**

Rinneadh 0 achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise sa bhliain 2021.

**<u>Foinse na nIarrataí</u>**

| | |
|---|---|
| An Pobal i gCoitinne, Aturnaetha agus Daoine Eile: | 46 |
| Iriseoirí: | 28 |

## Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta

Is in alt 126c den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, a leagtar amach feidhmeanna an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) agus, i measc na bhfeidhmeanna sin, áirítear scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil i gcomhthéacs dhá tháscaire is daichead.

Rinne NOAC an tuarascáil i leith na bliana 2020 a fhoilsiú i Meán Fómhair 2021.

Tá feidhmíocht Chomhairle Chontae Laoise sa bhliain 2020 maidir le gach réimse ar leith san áireamh sa tuarascáil seo i ngach ceann ar leith de na ranna iomchuí.

## Nochtadh Cosanta Clár na dToghthóirí 2022/2022a Thuairisciú

Fuair an tOifigeach Ainmnithe le haghaidh Nochtadh Cosanta 1 nochtadh i rith na bliana 2021.

### Clár na dToghthóirí 2022/2022

| **Dáilcheantar** | **Toghthóirí Uachtaráin** | **Toghthóirí Dála** |
|---|---|---|
| Laois-Uíbh Fhailí | 52,398 | 53,167 |
| Cill Dara Theas | 5,807 | 5,908 |
| **Toghlach Pharlaimint na hEorpa** | **Toghthóirí Eorpacha** | **Toghthóirí Ionchasacha Eorpacha** |
| An Deisceart | 58,931 | 826 |
| **Toghlimistéir Áitiúla** | **An Líon Toghthóirí** | |
| Buiríos Mór Osraí – Móinteach Mílic | 20,250 | |
| Graiguecullen-Cúil an tSúdaire | 20,264 | |
| Port Laoise | 21,536 | |

**Postvótálaithe agus Vótálaithe Speisialta**

| | | |
|---|---|---|
| Gardaí | Laois-Uíbh Fhailí | 1 |
| | Cill Dara Theas | 0 |
| Óglaigh na hÉireann | Laois-Uíbh Fhailí | 167 |
| | Cill Dara Theas | 40 |
| Taidhleoirí | Laois-Uíbh Fhailí | 7 |
| Cill Dara Theas | | 0 |
| Daoine Faoi Mhíchumas | Laois-Uíbh Fhailí | 9 |
| | Cill Dara Theas | 0 |
| Slí Bheatha | Laois-Uíbh Fhailí | 1 |
| | Cill Dara Theas | 0 |
| Vótálaithe Speisialta | Laois-Uíbh Fhailí | 16 |
| | Cill Dara Theas | 0 |

## ACMHAINNÍ DAONNA

### Staitisticí Earcaíochta

Bhí 553 dhuine san iomlán (agus comhraiceoirí dóiteáin san áireamh) ar fostú ag Comhairle Chontae Laoise ar an 31 Nollaig 2021.

I rith na bliana 2021, sheol an Chomhairle 33 chomórtas agus, i gcuid mhór cásanna, seoladh agallaimh ar líne nuair a bhí na srianta éigeantacha i bhfeidhm chun leathadh Covid 19 a chosc.

### Torthaí Oibre Rathúla

Ó mhí Eanáir 2021 i leith, tá éirithe linn na haschuir seo a leanas a bhaint amach go rathúil i leith Thionscnaimh na Comhairle maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil (tá na figiúirí atá curtha ar fáil cothrom le dáta suas go deireadh mhí na Nollag 2021).

**657**

An líon iarratas a fuarthas

22

An líon feachtas nua a fógraíodh

426

An líon agallamh ar líne a seoladh trí *Teams*

61

An líon agallaimh i bpearsa

32

An Líon Feachtas a cuireadh i gcrích/An líon Painéal a bhí ann

**56**

An líon coinní

22

An líon ball foirne a fuair ardú céime

### Tionscnaimh maidir le cothromaíocht oibre is saoil

Lean Comhairle Chontae Laoise de thionscnaimh maidir le cothromaíocht oibre is saoil a chur i bhfeidhm do bhaill foirne sa bhliain 2021. Ag deireadh na bliana, bhí leas á bhaint ag seisear fostaithe as an Scéim Sosa Gairme, bhí leas á bhaint ag 30 fostaí as an Scéim Comhroinnte Oibre 2020/2021, bhain 33 fhostaí leas as an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí, bhain 39 bhfostaí leas as an Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra agus bhain 10 bhfostaí leas as an Scéim um Shaoire Gan Phá.

### Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta 2020

Fuarthas na táscairí feidhmíochta atá ann sa doiciméad seo ó Thuarascáil Uimh. 44 ón gCoimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta a foilsíodh ar an 30 Meán Fómhair 2021, ar tuarascáil í a bhaineann leis an mbliain 2020, agus is é sin an tacar sonraí is déanaí atá ar fáil.

I dtaca leis an táscaire feidhmíochta náisiúnta maidir leis an líon laethanta oibre a cailleadh de bharr breoiteacht dheimhnithe agus breoiteacht neamhdheimhnithe, baineann na staitisticí seo a leanas le hábhar:

| An Líon Iomlán Ball Foirne Coibhéiseach Lánaimseartha (WTE) san Údarás Áitiúil | Deimhnithe | Neamhdheimhnithe |
|---|---|---|
| 449.38 | 2.26% | 0.16% |

Tá rata 3.5% socraithe mar sprioc náisiúnta le haghaidh asláithreachtaí mar gheall ar shaoire bhreoiteachta, de chineál deimhnithe agus neamhdheimhnithe.

## Caidreamh Tionscail

Lean Comhairle Chontae Laoise de dhea-chaidreamh tionscail a chothú sa bhliain 2021 agus níor tharla aon mhórdhíospóidí. Leanann an Chomhairle de bheith ag oibriú de réir Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí i gcomhairle leis na Ceardchumainn iomchuí.

## Oiliúint & Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta i leith oiliúint agus forbairt a chur ar fáil dár bhfostaithe go léir chun spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach agus chun scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta i leith feabhas leanúnach a chur ar sholáthar seirbhísí trí fhorbairt phearsanta a fostaithe.

Tá an clár oiliúna bliantúil bunaithe go príomha ar na riachtanais oiliúna a sainaithníodh trí Phleananna Forbartha Foirne agus trí Phleananna Forbartha Pearsanta mar chuid de phróiseas an Chórais Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta. Ina theannta sin cuimsíonn an Clár ceanglais Sláinte & Sábháilteachta, cláir náisiúnta FETAC, cláir foghlama oscailte tríú leibhéal agus seimineáir ghaolmhara/ceardlanna gaolmhara de réir mar a thagann siad chun cinn.

Bhí deacracht ag an Aonad Oiliúna maidir le clár oiliúna cuimsitheach don bhliain 2021 mar gheall ar shrianta Covid, Ach cinneadh go leanfaí d'oiliúint éigeantach agus d'oiliúint riachtanach a chur i gcrích i gcomhréir le treoirlínte maidir le Covid agus ba é a bhí sa chaiteachas iomlán a tabhaíodh sa bhliain 2021 ná €365,065 (agus caiteachas ar Sheirbhísí Dóiteáin san áireamh). Seo a leanas samplaí de na cláir oiliúna a cuireadh ar fáil: -

- Pas Sábháilte
- Spásanna Cúnga (Meánriosca)
- Láimhsiú Sábháilte Ualaí
- Oiliúint Tochaltóra 360˚
- Oscailt agus Athbhunú Bóithre
- Cúrsa Athnuachana maidir le Garchabhair
- Comharthaíocht, Soilsiúchán agus Gardáil ag oibreacha bóthair
- Bainistíocht Tráchta Shealadach Leibhéal 1 agus 2
- Córais Tís Caidéalaithe Teasa
- Oiliúint ar Chaighdeáin maidir le Tithíocht ar Cíos
- Bainistíocht agus spreagadh i leith oibrithe cianda
- Garchabhair ag an Obair
- Deimhniú i mBainistíocht Bóithre

- Réamheolas faoi Bhainistíocht Riosca Tuile
- Oiliúint CPC do Thiománaithe
- Oibríochtaí Gléasra Cóireála Uisce

## An Clár Foghlama Oscailte

Féachann Comhairle Chontae Laoise, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, le cabhrú agus tacú le fostaithe ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí foghlama oscailte tríú leibhéal a bhaineann le forbairt gnó na Comhairle agus le forbairt ról agus fhreagrachtaí an fhostaí agus a chuireann leis na nithe sin. Sa bhliain 2020, rinneadh roinnt clár foghlama oscailte a éascú mar a leanas:

- Deimhniú/Dioplóma i Staidéir Rialtais Áitiúil i gcomhar leis an IPA

- Deimhniú IPASS maidir le Teicnící Párolla

- Máistreacht san Athrú Aeráide in DCU

- Dioplóma Iarchéime san Fhiontraíocht Aeráide in TCD

- Cúrsa Iarchéime sa Bhainistíocht Leabharlainne agus Faisnéise in Ollscoil Uladh

## Beartais Foirne

I gcomhréir leis an dea-chleachtas i ndáil le bainistíocht Acmhainní Daonna, tá sraith beartas don fhoireann Acmhainní Daonna forbartha ag an gComhairle agus rinneadh na cinn seo a leanas a thabhairt isteach nó a athbhreithniú i rith na bliana 2021:

- Dínit san Ionad Oibre
- Saoire do Thuismitheoirí

## Comhionannas & Tacú le hÉagsúlacht

Is fostóir comhionannais deiseanna é Comhairle Chontae Laoise agus tá sí tiomanta i leith raon leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta a bhaineann leis an ngá le deireadh a chur le hidirdhealú, a chuireann comhionannas chun cinn agus a thugann cosaint do chearta daonna na foirne agus na ndaoine a bhaineann leas as ár seirbhísí.

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

### CEANN NA gCÓRAS FAISNÉISE: **Pat Grassick**

Is í an Roinn Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a bhainistíonn bonneagar, córais bogearraí agus suíomhanna gréasáin TFC na Comhairle. Áiríonn sé sin ionad sonraí an fhreastalaí, ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, fóin phóca agus an trealamh cumarsáide líonra, idir shreangaithe agus gan sreang, i Halla an Chontae, in Oifigí Ceantair, i Leabharlanna agus i láithreacha eile de chuid na Comhairle agus ar fud an chontae.

Tugann an Roinn TFC tacaíocht theicniúil do gach ceann eile de ranna na Comhairle agus do na Comhaltaí agus tá freagracht uirthi i ndáil le cur chun feidhme, cothabháil, forbairt agus slándáil chórais TFC na Comhairle. Le linn thréimhse phaindéim Covid 19, dhéileáil an fhoireann tacaíochta TFC le níos mó ná 7,300 glao tacaíochta teicniúla sa bhliain 2021, sin méadú os cionn 12%. Léiríonn sé sin an timpeallacht oibre chianda a bhí coitianta i rith na paindéime agus taispeánann sé luach na tacaíochta TFC ó thaobh na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle.

Tá an Roinn TFC tiomanta i leith feabhas a chur ar sheirbhísí TFC ar bhonn leanúnach laistigh den Chomhairle agus, comh maith leis sin, ar mhaithe leis na daoine den phobal a bhaineann leas as seirbhísí na Comhairle agus táthar ag díriú, níos mó ná riamh, ar sheirbhísí ar líne a chur ar fáil do shaoránaigh Chontae Laoise.

#### Freagairt TFC ar Phaindéim Covid 19

Rinneadh tuilleadh infheistíochta chun obair hibrideach a éascú i gComhairle Chontae Laoise chun leanúnachas na seirbhísí a theastaíonn ón bpobal a áirithiú. Suiteáladh trealamh teicneolaíochta físchomhdhála sna príomhsheomraí cruinnithe agus chuidigh sé sin linn a bheith i dteagmháil le daoine den phobal, leis na Comhairleoirí agus le baill foirne ar fud phaindéim Covid 19 i gcomhréir leis na srianta ionaid oibre a bhí ann.

#### Slándáil TFC

Bhí Cibear-Shlándáil chun tosaigh i dtaca le hathneartú slándála a dhéanamh i leith ár gcóras TFC agus díríodh go háirithe ar oiliúint foirne. Rinneadh infheistíocht i dtairseach Chibear-Shlándála agus RGCS chun méadú a chur ar fheasacht faoi na cibear-bhagairtí atá ann don Chomhairle.

Bunaíodh Coiste Slándála Faisnéise chun an beartas maidir le cosaint sonraí, idir shonraí digiteacha agus shonraí páipéar-bhunaithe, a stiúradh laistigh den Chomhairle lena chinntiú go mbeidh béim ar chosaint shonraí ár saoránach i gcónaí.

#### Suíomh Gréasáin agus Tairseach Chomhairliúcháin

Soláthraíonn suíomh gréasáin na Roinne foinse faisnéise agus míreanna nuachta a bhaineann le gníomhaíochtaí na Comhairle. Sa bhliain 2021, taifeadadh os cionn 600,000 cuairt ar an suíomh gréasáin Laois.ie. Ba iad na leathanaigh phleanála arís an réimse ba mhinice a d'úsáid úsáideoirí ár suímh gréasáin agus bhain gar do 14% de na cuairteanna go le nithe a bhí bainteach le cúrsaí pleanála. Sa bhliain 2021, b'ionann líon na n-íocaíochtaí ar líne agus 5%den trácht suímh gréasáin ar fad.





Rinneadh 17 gcomhairliúchán phoiblí a sheoladh ar thairseach chomhairliúcháin Chontae Laoise sa bhliain 2021 agus fuarthas os cionn 250 aighneacht ar líne ón bpobal, lena n-áirítear aighneachtaí maidir leis an Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2021-2027.

## Bonneagar TFC

Sa bhliain 2021, rinneadh an soláthar cumhachta (UPS) is buntaca dár bpríomhsheomra freastalaithe a uasghrádú chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú i gcás cliseadh cumhachta agus chun soláthar seirbhísí a chosaint tuilleadh.

Chuir Oifig Fiontar Áitiúil Laoise tús lena dtairseach rannpháirtíochta ar líne do chliaint chun digitiú a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar an teagmháil idir gnóthaí áitiúla agus an Oifig Fiontar Áitiúil.




## Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020

| An líon iomlán amharc per capita ar leathanaigh shuíomhanna gréasáin an údaráis áitiúil sa bhliain 2020 | An líon iomlán amharc per capita i leith chuntais mheán sóisialta an údaráis áitiúil ag deireadh na bliana 2020 | Costas Foriomlán an tSoláthair TFC in aghaidh gach Coibhéisigh Lánaimseartha | Costas foriomlán TFC mar chion den Chaiteachas Ioncaim |
|---|---|---|---|
| 7.3 | 0.61 | €4,327.81 | 2.2 |

## AN COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM GHNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS UM CHÚRSAÍ POBAIL

**STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:** **Donal Brennan**

**OIFIGEACH SINSEARACH FEIDHMIÚCHÁIN:** **Carmel McNicholl**

| Comhaltaí | Earnáil |
|---|---|
| *An ComhairleoirJohn King (Cathaoirleach)* | *Ruth Sullivan (PPN, Pobal/Deonach)* |
| *An Comhairleoir Fleming* | *Bobby Delaney {PPN, Comhshaol)* |
| *An Comhairleoir P J Kelly* | *Donald Scully {An Colún Talmhaíochta/Feirmeoireachta)* |
| *An Comhairleoir James Kelly* | *Michael Gorman {PPN, Uilechuimsitheacht Shóisialta)* |
| *An Comhairleoir Oliver Clooney* | *Ann Fingleton {PPN, Gnó/Tráchtáil)* |

### Coiste Forbartha Pobal Áitiúil Laoise (LCDC)

Bunaíodh Coiste Forbartha Pobal Áitiúil Laoise i mí Mheán Fómhair 2014 chun cur chuige comhtháite straitéiseach a fhorbairt, a chomhordú agus a fheabhsú i leith Forbairt Áitiúil agus Pobal. Déanann an Coiste Forbartha Pobal Áitiúil formhaoirseacht ar chur i bhfeidhm na nithe seo a leanas:

- An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) - riaradh an bhuiséid bhliantúil €604, 228. Is é Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise a chuireann an conradh i bhfeidhm.
- Cuspóirí pobail sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.
- Cur i bhfeidhm Straitéis Forbartha Áitiúla Laoise a oibrítear faoi Chlár LEADER 2014-2020 i gcomhpháirtíocht leis an údarás áitiúil (comhpháirtí airgeadais) agus leis an gcuideachta forbartha áitiúla (comhpháirtí i leith cur i bhfeidhm).
- Tháinig deireadh le Clár LEADER 2014 - 2020 ar an 31 Márta 2021, ar clár é a ndearna Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla (LAG) Laoise 134 thionscadal, ar bhain luach €5,557,492.21 leo, a cheadú ina leith.
- Cuireadh tús le Clár Idirthréimhseach LEADER ar an 1 Aibreán agus bronnadh suim €1,092,976 ar LAG Laoise le haghaidh tionscadail éagsúla. Amhail ar an 31 Nollaig 2021, bhí 16 thionscadal, arbh fhiú €574,675.97 iad, ceadaithe.
- De bhreis air sin, cuireadh in iúl do LAG Laoise go bhfuil €485,767 bronnta ar Laois, faoi mhaoiniúcháin LEADER EURI, le haghaidh tionscadail éagsúla. Cuireadh tús le beochan tionscadal sa bhliain 2021.
- Éire Shláintiúil - Deontas Bhabhta 3, is é sin, suim €338,851 a fuarthas ón Roinn Sláinte i gcomhair roinnt tionscnamh. De bharr Covid 19, rinneadh an tréimhse i leith chríochnú na dtionscadal a fhadú tuilleadh ón 31 Nollaig 2021 go dtí an 31 Márta 2022.
- Cheadaigh Coiste Forbartha Pobal Áitiúil Laoise maoiniúchán iomlán €136,524 i leith Chlár Feabhsúcháin Pobail na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail sa bhliain 2021.
- Mhaoinigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil 4 thionscadal eile, arbh fhiú €23,794 iad, faoin Scéim nuabhunaithe Deontas Caipitiúil Fiontraíochta Sóisialta de chuid Chiste na gCuntas Díomhaoine.
- Leithroinneadh suim €237,048 do Coiste Forbartha Pobal Áitiúil faoin gCiste Gníomhaíochtaí Pobail, a fógraíodh i mí na Samhna 2021.

## Fóram Freagartha Tacaíochta Pobail Laoise

Chuir an fhoireann Phobail agus TF Líne Chabhrach Phobail Chomhairle Chontae Laoise agus cuireadh ag obair í Dé Máirt, an 30 Márta 2020. I bhfianaise an laghdaithe ar chásanna Covid 19, cinneadh, ar bhonn náisiúnta, go scoirfeadh na línte cabhrach go léir d'oibríochtaí le héifeacht ón 29 Deireadh Fómhair 2021. Tacaíodh le 816 ghlaoiteoir ar an Líne Chabhrach san iomlán le linn an líne chabhrach a bheith á hoibriú.

## Líonra Rannpháirtíochta (PPN) Laoise

Bunaíodh Líonra Comhpháirtíochta Poiblí (PPN) Laoise i Márta 2015 agus is é an príomhnasc trína mbíonn an tÚdarás Áitiúil i dteagmháil le grúpaí Uilechuimsitheachta Sóisialta, grúpaí Comhshaoil agus le grúpa san Earnáil Phobail agus Dheonach i gContae Laoise. Tríd an PPN, bíonn deis ag grúpaí ionadaithe PPN a ainmniú chun bheith páirteach i gcomhlachtaí cinnteoireachta agus beartais sa chontae amhail an Coiste Forbartha Áitiúla agus Pobail (LCDC), an Comhchoiste Póilíneachta (JPC) agus an Coiste Beartais Straitéisigh (SPC). Éascaíonn PPN Laoise comhroinnt faisnéise faoi dheiseanna chun maoiniúchán a fháil, faoi chomhairliúcháin phoiblí agus faoi fhorbairt beartais, tá sé ag leanúint debheith ag méadú agus tá 634 ghrúpa cláraithe ann faoi láthair.

Sa bhliain 2021, thacaigh PPN le pobail éagsúla i gContae Laoise agus le grúpaí ar baill de chuid PPN iad trí bhíthin gníomhartha tábhachtacha amhail Léarscáil Idirghníomhach PPN, Oiliúint & Forbairt Cumais, agus Cártaí 'Seiceáil Isteach' Laoise. Sa bhliain 2021, d'eagraigh PPN Laoise roinnt imeachtaí oiliúna agus forbartha cumais ar fhreastail líon mór daoine orthu. Sheol PPN Laoise 2 imeacht ar líne i gcomhair Laois Connects 2021 - 'Rory's Stories - An Unexpected Journey to Self-Belief and Understanding Self Harm Talk' - is é sin aint ar líne a chuir Feidhmennacht na Seirbhíse Sláinte i láthair. De bhreis air sin, sheol PPN Laoise 2 Chruinniú Iomlánacha Contae ar líne sa bhliain 2021.

## Gradaim Laoise i leith Cúrsaí Pobail agus Deonacha 2021

Beidh Gradaim na hEarnála Pobail & Deonaí 2021 ar siúl le linn searmanas fíorúil i mí Eanáir 2022, agus é á óstáil ag Comhairle Chontae Laoise i gcomhar le PPN Laoise agus Ionad Oibre Deonaí Laoise. Tabharfar ómós d'ainmnithe in ocht gcatagóir i leith a gcuid oibre ar son shaol an phobail o gContae Laoise, lena n-áirítear Gradam 'Laoch Gan Aitheantas' agus gradam nua-bhunaithe i leith Freagairt Pobail ar Covid 19. Gach bliain, cuireann na Gradaim deis ar fáil chun léargas a thabhairt ar an obair mhór atá á déanamh ar bhonn áitiúil ag an earnáil phobail/dheonach, ag an earnáil uilechuimsitheachta sóisialaí agus ag an earnáil chomhshaoil i gContae Laoise.



## Comhpháirtíocht Oideachais

Rinneadh athrú ar chlár Chomhpháirtíocht Ghnó na Scoileanna dar teideal "Scileanna Oibre" i mbliana chun "An Saol Oibre" a thabhairt air agus tá sé dírithe ar mhic léinn dara bliain ós rud é gur léir go bhfuil an idirghabháil seo níos éifeachtaí i ndáil le haghaidh a thabhairt ar an staid a bhaineann le luathfhágáil scoile agus i ndáil le luathfhágáil na scoile a sheachaint. Reáchtáiltear an clár i gcomhair le Coláiste Phort Laoise agus is é atá i gceist leis ná seisiún réamhráiteach, forléargas cuideachta, Spléachadh ar Ghnáthlá Oibre trína bhfaigheann mic léinn deis chun bualadh le daoine de chuid fhoireann na Comhairle a bhfuil cúlraí éagsúla oibre agus oideachais, cuairt ar láithreáin agus seisiún deiridh. Reáchtálann Comhpháirtíocht Náisiúnta Ghnó na Scoileanna agus an Roinn Oideachais agus Scileanna an clár.

## Comhairle na nÓg i gContae Laoise

Sa bhliain 2021, sheol Comhairle na nÓg i gContae Laoise 27 gcruinniú agus ba chruinnithe ar líne iad an chuid is mó acu cé go raibh roinnt cruinnithe i bpearsa ann a seoladh amuigh faoin aer. Reáchtáladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar Zoom i mí na Samhna 2021 agus bhí 71 duine óga as 10 gcinn de mheánscoileanna éagsúla i láthair. Fuarthas maoiniúchán breise ón Roinn chun forbairt a dhéanamh ar phlean straitéiseach maidir le rannpháirtíocht gheallsealbhóirí i bplean forbartha cúig bliana Chomhairle na nÓg i gContae Laoise (2021 - 2025).

## Mórtas Áite 2021

Tugann an Comórtas 'Mórtas Áite' aitheantas do thionscnaimh a dtugann pobail áitiúla fúthu chun mórtas gceantar a chruthú agus ceiliúrann sé rannchuidiú ríthábhachtach na ngrúpaí pobail leis an tsochaí. Ba é Coiste Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise ionadaí Chontae Laoise sa chatagóir daonra i gComórtas 'Mórtas Áite' Uile-Oileáin 2021. Rinneadh imeacht fíorúil na ngradam, ar lena linn a fhógrófar na buaiteoirí, a chur ar ceal de bharr Covid agus tá sé le bheith ann i mí Aibreáin 2022.



## Comhchoiste Póilíneachta (JPC) Chontae Laoise

Tháinig Comhchoiste Póilíneachta Chontae Laoise le chéile 4 huaire sa bhliain 2021.

## Ciste na dTionscadal Pobail (Comhaltaí Tofa) 2021

Fuair os cionn 77 ngrúpa/dtionscadal pobail cúnamh mar thoradh ar oibriú an chiste seo sa bhliain 2021 agus bronnadh suim iomlán €110,421.

## Tionscadail Chomhoibríocha/Uilechuimsitheacht Shóisialta

Chuaigh Comhairle Chontae Laoise i mbun comhpháirtíochta le geallsealbhóirí i leith tionscadal sa bhliain 2021, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- An Clár Cóitseála Pobail
- Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta Chomhpháirtíocht Spóirt Laoise do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Líonra Lánpháirtíochta Laoise
- Lá na hAfraice i gContae Laoise
- Tacaíochtaí lánpháirtíochta do phobail nua
- CYPSC (Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga)

## Seirbhísí d'Imircigh

Ghlac Comhairle Chontae Laoise freagracht chuici féin i ndáil le Seirbhís Tacaíochta d'Imircigh sa chontae ar feadh aon bhliain amháin sa tréimhse 2020/2021, agus rinneadh conradh le RESPOND chun an tseirbhís a sholáthar.

Tháinig deireadh le hobair an Ghrúpa Oibre Idirghníomhaireachta maidir le Dídeanaithe (RIAWG) ar an 17 Nollaig agus cuireadh cóiríocht ar fáil i gContae Laoise do 6 dhuine aonair i rith ré an chláir. San iomlán, athlonnaíodh 106 dhuine aonair, lena n-áirítear 14 naíonán a rugadh in Éirinn.

## Lá 'Fág Slí' 2021

Ghlac Comhairle Chontae Laoise páirt i Lá 'Fág Slí' a reáchtáladh ar an 24 Meán Fómhair 2021. Is é atá i Lá 'Fág Slí' ná feachtas a thugann pobal na ndaoine faoi mhíchumas agus an pobail i gcoitinne le chéile chun breithniú a dhéanamh ar riachtanais daoine faoi mhíchumas sna spásanna poiblí a chomhroinnimid go léir. Is é Cónaidhm Mhíchumais na hÉireann atá i gceannas ar an bhfeachtas agus léiríonn sé comhoibriú uathúil ar fud na hÉireann idir an earnáil dheonach agus earnáil an rialtais áitiúil.




## Laois Connects 2020 - Meabhairshláinte Dhearfach & Folláine á gCur Chun Cinn

I mbliana, reáchtáladh Clár Laois Connects sa tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021. De ghnáth, chuirfí an clár i bhfeidhm thar thréimhse aom seachtain amháin. Mar gheall ar éilimh a bhí ann sa bhliain 2020, agus mar gheall ar na deacrachtaí a bhí ann sa chéad 9 mí den bhliain 2021, cuireadh fad leis an tionscnamh le go mbeadh an clár chomh hinrochtana agus ab fhéidir ag an oiread sin daoine agus ab fhéidir.

Rinneadh meascán imeachtaí de chineál ar líne, taobh istigh agus allamuigh, a sholáthar go rathúil ar fud na míosa.

Laois connects

## An Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte

Sa bhliain 2020, bronnadh maoiniúchán €383,375 faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020 agus chuaigh an maoiniúchán sin chun tairbhe do 5 thionscadal i naoi suíomh ar i gContae Laoise. Tá 1 tionscadal díobh sin curtha i gcrích agus na 4 cinn eile le cur i gcrích i rith na bliana 2022. Ina theannta sin, rinneadh dhá thionscadal a fuair maoiniúchán ó Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2019 a chur i gcrích go hiomlán freisin. De bhreis air sin, cuireadh tionscadail uile de chuid na bliana 2020 i gcrích sa bhliain 2021 faoi Scéim na mBeart Luathaithe.



## Clár Aoisbhá Laoise

Tháinig an Chomhghuaillíocht Aoisbhá le chéile 5 huaire agus tháinig Comhairle na nDaoine Scothaosta le chéile 3 huaire i rith na bliana 2021. Reáchtáladh an cruinnithe go léir ar líne agus bhí an phaindéim go mór chun tosaigh ar an gclár oibre. Bhíothas i dteagmháil le geallsealbhóirí éagsúla e.g. ár gcuid Leabharlann, an Garda Síochána agus Nasc Áitiúil TFI agus cuid mhór grúpaí eile lena chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar shaoránaigh scothaosta agus ar shaoránaigh atá scoite go mór amach ón bpobal. Eagraíodh ceardlanna chun feasacht a chruthú maidir leis an Scéim Aitheantais do Ghnóthaí Aoisbháúla. Cuireadh spásanna páirceála nua Aoisbháúla ar fáil i Maighean Rátha. I gcomhar le clár 'Éire Shláintiúil', dáileadh 2000 clúdach aghaidhe saor in aisce ae ár bpobail. Soláthraíodh táibléid Android do thithe altranais chun cabhrú le cónaitheoirí fanacht i dteagmháil le daoine dá dteaghlaigh. Fuarthas tacaíocht ón gclár le haghaidh tionscadal cniotála do chónaitheoirí tithe altranais agus dá ngarchlann.

## Éire Shláintiúil

Is é atá in 'Éire Shláintiúil', Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013 - 2025', ná creat náisiúnta le haghaidh gníomhartha chun feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann le linn ré na glúine amach romhainn.

Is é seo 4ú bliain an chreata, agus is é is aidhm do 'Ciste Éire Shláintiúil' ná tacú le tionscadail agus tionscnaimh nuálacha earnálacha lena dtugtar tacaíocht do bheartais thábhachtacha náisiúnta i réimsí amhail meabhairshláinte, gníomhaíocht fhisiciúil, cothú agus sláinte ghnéis, ar réimsí iad ina gcuirtear Éire saor ó thobac chun cinn agus ina laghdaítear tomhailt alcóil agus, ag an am céanna, ina bhforbraítear spásanna agus áiteanna le haghaidh sláinte agus folláine. I measc na dtionscnamh rathúla faoi chlár 'Éire Shláintiúil', áirítear "Go dTé Tú Slán", tionscadal "Táimid Báúil le Beathú Cíche i gContae Laoise" agus tionscnamh "Fág Solas ar Lasadh".

Cuireadh tús le feachtas 'Go dTé Tú Slán' i mí na Samhna 2020 agus lean sé ar aghaidh go dtí lár na bliana 2021. Bhí an feachtas dírithe ar chabhrú le daoine - idir dhaoine aonair & phobail - a n-athléimneacht agus a bhfolláine a choimeád ar bun i rith geimhreadh a bhí measartha dúshlánach isteach san Earrach/sa Samhradh.

Chuir an tUas. Frank Feighan T.D. tús leis an tionscnamh "Táimid Báúil le Beathú Cíche i gContae Laoise" i mí Dheireadh Fómhair 2021 le go mbeadh sé ar siúl i gcomhthráth leis an tSeachtain Náisiúnta um Beathú Cíche. Is é is aidhm don fheachtas ná cabhrú le feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine máithreacha beathaithe cíche, naíonán agus a dteaghlach trí spreagadh a thabhairt do ghnóthaí, d'eagraíochtaí agus do ghrúpaí pobail teacht chun bheith 'Báúil le Beathú Cíche'.




Bá é a bhí i bhfeachtas "Fág Solas ar Lasadh", ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2021, ná tionscadal comhoibritheach arna mhaoiniú ag 'Éire Shláintiúil' Laoise agus arna choimisiúnú ag Ionad Ealaíon Dhún Másc. Rinneadh ealaíontóirí agus mic léinn ealaíne meánscoileanna áitiúla a choimisiúnú chun dearthaí fuinneoige a chruthú a mbeadh meabhairshláinte dhearfach ann mar ábhar inspioráide dóibh.
Cuireadh an saothar ealaíne ar taispeáint,
i gcomhar le Laois Connects, i rith na tréimhse ó lár Dheireadh Fómhair agus ghlac Áras an Chontae páirt sa tionscnamh seo. Ina theannta sin, thacaigh Seirbhís Leabharlainne na Comhairle leis an tionscnamh le go leanfadh sé ar aghaidh trí mhí na Samhna, rud a rinneadh trí phacaí agus ábhair a chur ar fáil do líon mór pobal chun a gcuid dearthaí fuinneoige fáin a chruthú sa bhaile. Bhain saoránaigh taitneamh as Turas Fíorúil chuig rian an taispeántais thart ar lár bhaile Phort Laoise. I rith an turais fhíorúil, tharraing cur i láthair i bhfoirm físeáin aird ar fhaisnéis thábhachtach teagmhála agus ar mhionsonraí tábhachtacha teagmhála maidir le tacaíochtaí i leith Folláine Mheabhrach agus Cosc Féinmharaithe atá ar fáil.



## Cláir Phobail/Chomhshaoil

Trí leanúint den chomhpháirtíocht shármhaith le comhaltaí tofa, le pobail áitiúla, le scoileanna agus le gníomhaireachtaí, eagraíodh na tacaíochtaí, na tionscnaimh agus na tionscadail seo a leanas:

- Soláthraíodh ceardlanna ar líne maidir le hábhair ba dhíol spéise go na grúpaí Bailte Slactmhara chomh maith le tacaíocht agus comhairle leanúnach a bheith á tabhairt ag saineolaithe intí agus baill foirne de chuid disciplíní éagsúla
- Seimineáir Ar Líne 'Scoileanna Glasa' do mhúinteoirí atá páirteach sa chlár agus fuair 15 scoil gradam Brataí Goirme sa bhliain 2021.
- Feachtas feasachta raidió agus ar líne maidir le hIarmhar Bia BBQ a raibh an cócaire cáiliúil Catherine Fulvio páirteach ann agus a ndearnadh tagairt dó in RTE Guide.



- Sraith físeán ina gcuirtear gnóthaí áitiúla deisiúcháin agus athúsáide ar taispeáint ar mhaithe le Seachtain na hAthúsáide a raibh saineolaithe maireachtála inbhuanaithe de chuid "The Useless Project" páirteach ann.
- Cúrsaí Ar Líne Uaschúrsála d'aosaigh a bhí ag cocúnáil i rith tréimhsí dianghlasála agus foirne uirlisí agus na hábhair go léir a bhí ag teastáil á seachadadh ar thithe cónaithe na rannpháirtithe.
- Tacaíonn clár Picker Pal le scoileanna, le leanaí agus lena dteaghlaigh trí bhíthin chlár spraíúil uilebhliana gníomhaíochtaí idirghníomhacha agus paca Picker Pal a thugtar do gach teaghlach lena thabhairt abhaile ionas go mbeidh iad in ann dul i mbun eachtraíocht bailithe bruscair. Ghlac suas le 1,200 leanbh agus a dteaghlaigh páirt sa chlár seo i rith na bliana acadúla i gContae Laoise.

Tugadh cuireadh do chomhlachtaí, do ghrúpaí, do choistí agus d'eagraíochtaí leasmhara a raibh sé beartaithe acu gabháil d'oibreacha comhshaoil/taitneamhachta i rith na bliana 2021 iarratas a dhéanamh ar thacaíocht mhaoiniúcháin. Áiríodh an méid seo a leanas i measc na n-oibreacha sin:

### An Scéim Deontas (Comhshaoil) Pobail

Bronnadh deontais ar ghrúpaí ar bhonn oibreacha taitneamhachta lena n-áirítear tírdhreachú, forbairt spásanna oscailte (plandú crann agus tor, ceapacha bláthanna etc) agus/nó ceannach trealaimh chun limistéir/ spásanna oscailte a chothabháil/a fheabhsú/ a ghlanadh. Fuair 103 ghrúpa, as áiteanna ar fud an chontae, maoiniúchán €32,547 sa bhliain 2021.

### Scéim Deontais Chomórtas na mBailte Slachtmhara

Tugadh cuireadh go ghrúpaí Bailte Slachtmhara iarratas a dhéanamh ar thacaíocht mhaoiniúcháin i gcomhréir le catagóirí moltóireachta Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. I rith na bliana 021, leithroinneadh deontais arbh fhiú €31,841 iad do 22 ghrúpa faoin scéim seo.

## Athrú Aeráide

I rith na bliana 2021, chuathas i mbun tionscadail éagsúla chun na cuspóirí sin a shaothrú. Áiríodh an méid seo a leanas i measc na bpríomhthionscnamh:

◊ Is ceannródaí é Comhairle Chontae Laoise le fada an lá i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú de. Bhain an Chomhairle méadú measta éifeachtúlachta 48% amach agus sáraíonn sé sin an sprioc náisiúnta 33% don bhliain 2020.

◊ Meitheal trasearnála um Ghníomhú ar son na hAeráide a thagann le chéile ar bhonn míosúil.

◊ Comhordaíonn Comhairle Chontae Laoise Grúpa Forfheidhmithe Ísealcharbóin atá comhdhéanta de raon geallsealbhóirí, lena n-áirítear geallsealbhóirí atá ag obair le chéile chun an aidhm chomhchoiteann a bhaineann le laghdú lorg carbóin bhaile Phort Laoise a bhaint amach. Leanadh den obair sin sa bhliain 2021 agus ullmhaíodh dara tuarascáil eatramhach.

◊ Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe: tá iarratas déanta ag SEC 2040 Phort Laoise agus ag SEC Dharú ar Mháistirphlean Fuinnimh do Phort Laoise. Fuair SEC Chumann Gnó Chúil an tSúdaire ceadú ó SEAI le haghaidh Máistirphlean Fuinnimh.

◊ Tá Staidéar ar Thaisteal Inbhuanaithe Scoile á dhéanamh ag An Taisce i mBaile Phort Laoise chun tairbhí agus constaicí a shainaithint a mhéid a bhaineann le forbairt cultúir rothaíochta i measc leanaí scoile.

◊ Tá tús curtha le Cúrsaí Litearthachta Aeráide do mhic léinn Idirbhliana i 5 Mheánscoil i gContae Laoise Áiríonn sé sin gné oiliúna múinteoirí lena ngabhann 9 modúl foghlama sheachtainiúla ghníomhbhunaithe.

◊ Chuir Eolaíocht Lártíre ceithre Cheardlann maidir le Gníomhú ar son na hAeráide ar fáil thar thréimhse 8 seachtaine do gach 5ú rang i mBaile Phort Laoise mar chuid de Thionscadal Bhaile Ísealcharbóin Phort Laoise agus, ina theannta sin, seoladh ceardlanna i ngach Meánscoil.

### Gníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre

Is í Comhairle Chontae Laoise an t-údarás ceannais i leith Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre agus comhordaíonn an tOifigeach Fuinnimh cruinnithe seachtainiúla grúpa oibre agus cruinnithe ráithiúla grúpa stiúrtha idir na hÚdaráis Áitiúla uile de chuid an Réigiúin Lártíre agus Oirthearaigh (MEA). Tá Comhairle Chontae Ros Comáin ag dul isteach in MEA anois rud a ailíneoidh an MEA le Foghrúpa Lártíre na hOifige Réigiúnaí um Ghníomhú ar son na hAeráide.

### Reiligí

Tá freagracht ar an Rannóg Pobail i ndáil le 27 reilig ghníomhacha laistigh den chontae. Soláthraítear cúnamh deontais do choistí deonacha reilige agus rinneadh oibreacha feabhsúcháin i roinnt reiligí mar chuid den chlár bliantúil oibreacha.

### Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020

| An céatadán de scoileanna áitiúla atá páirteach i scéim Chomhairle na nÓg ina gceantar áitiúil | Líon céatadánach na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae agus an cion de na heagraíochtaí sin atá ina chuid de Choláiste Uilechuimsitheachta Sóisialta an PPN |
|---|---|
| 80% | 12.71% |

## AN RANNÓG EALAÍON

### Teach Ealaíne Laoise, An Sráidbhaile

Cheiliúr Teach Ealaíne Laoise a 10ú bliain oibríochta i mí Bhealtaine 2021 agus choimeád sé áitíocht iomlán ar bun ó thaobh Ealaíontóirí Cónaitheacha de cé go raibh stiúideonna ar leithligh dúnta ar feadh tréimhsí éagsúla i gcomhréir le srianta Rialtais. I mí Iúil, athosclaíodh Gailearaí an Tí Ealaíne agus seoladh taispeántas dar teideal "Painting the Particular", is é sin, péintéireachtaí d'bhailte Bhaile Átha Cliath 2004-2016 le Mart Burke, saothar cré-earraí le Monica O'Meara, "Moving On", ón 17 Meán Fómhair go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2021, agus bhí taispeántas deiridh ann lenar ceiliúradh 10 mbliana de shaothar ealaíontóirí. Léiríonn "In Trust, In Gratitude, In Hope" saothar níos mó ná 80 ealaíontóir a bhfuil baint acu leis an Teach Ealaíne. Lean Comharghrúpa Theach Ealaíne Laoise de bheith ag teacht le chéile go fíorúil ar bhonn tráthrialta agus bhí grúpa ball ag obair le chéile chun tacaíochtaí ar líne a sholáthar.



### An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Ghlac 5 scoil páirt sa scéim seo sa bhliain 2021. Ligeann an scéim do mhic léinn eispéireas forleathan a bheith acu in éineacht le healaíontóir gairmiúil agus tugtar deis dóibh blaiseadh a fháil ar mheáin éagsúla ealaíne. I measc na scoileanna a bhí i gceist ar leibhéal na mbunscoileanna, áiríodh Scoil Mhuire i Mainistir Laoise, Scoil Fionntaine Naofa i Seanchua agus Scoil Tobar an Léinn sa Ráithín. I measc na scoileanna a bhí i gceist ar leibhéal na meánscoileanna áiríodh Coláiste Dhún Másc agus Scoil na mBráithre Críostaí, Port Laoise.

### An Clár Ealaíon Samhraidh


Rinneadh an cúrsa bliantúil 'Ealaíona Samhraidh d'Aosaigh' a sheoladh, in éineacht le Mary Burke, sa Teach Braiche sa Sráidbhaile. Ghlac ochtar rannpháirtithe páirt chun saothair ealaíne a chruthú a d'fhreagair do bhaile an tSráidbhaile.

### Féile Bealtaine Laoise

I measc na n-imeachtaí ar líne áiríodh dráma grinn dar teideal "Getting Hitched" a léirigh Cuideachta Amarclainne Carnation agus Cúrsa Scríbhneoireachta Gearrscéalta 4 seachtaine ar líne, in éineacht le Pauline Clooney, agus bhí éileamh mór ar an gcúrsa sin. Ghlac ealaíontóirí Theach Ealaíne Laoise páirt i gcomórtas ealaíne agus i dtaispeántas ar líne dar teideal "Caring and Sharing" agus, mar thoradh air sin, roghnaíodh mír ealaíne a bhí le bronnadh ar thrí cinn d'ospidéil phoiblí i Laois.

## Amharclann Óige Laoise

Oiriúnaíodh ceardlanna i rith na bliana chun sraith ceardlann ar líne agus líon teoranta ceardlann allamuigh a chur san áireamh. Leanadh de thacaíocht a thabhairt do chláir neamhspleácha amharclainne óige i Maighean Rátha agus i gCúil an tSúdaire.



## Oíche Chultúir Laoise

Seoladh Oíche Chultúir Laoise Dé hAoine, an 17 Meán Fómhair. I measc na mbuaicphointí, áiríodh imeachtaí beo sna hionaid seo a leanas:

PORT LAOISE - Ceol le Bandwagon in Ionad Ceoil Laoise; in Ionad Ealaíon Dhún Másc, léiriú scannáin dhuaisbhuaitigh Aisling Conroy, arb as Port Laoise ó dhúchas di, agus ceolchoirm le Pádraig Rynne, Tara Breen, Jim Murray agus Donal Lunney. Cuireadh taibhealaín ar siúl In *Kavanaghs Upstairs.*

RÁTH DOMHNAIGH - nocht Ballaí Phort Láirge múrphictiúr ardcháilíochta.

MÓINTEACHMÍLIC - bhain an lucht féachana taitneamh as Teilgean Allamuigh Anne Jellicoe i bPobalscoil Mhóinteach Mílic agus sheinn Comhaltas Mhóinteach Mílic ceol in Ospidéal N Uinseann.

AN SRÁIDBHAILE - D'óstáil Gailearaí Theach Ealaíne Laoise '*Moving On*' - Taispeántas Cré-Earraí.

CÚIL AN tSÚDAIRE - Seoladh Ceardlanna Ealaíne in Mount Henry Art Studios.

I measc **na n-imeachtaí ar líne** áiríodh léiriú 'Weaving Textiles & Poetry' - scannán a rinneadh mar cheiliúradh ar "Baile Filíochta" agus ar oidhreacht shaibhir Mhóinteach Mílic i dtaca le teicstílí de. Bhí buaiteoir Platform 31, an t-ealaíontóir Ella de Búrca, páirteach i gComhrá le Kevin Kavanagh. Bhí Turas Fíorúil ann go Teach Oidhreachta agus Músaem Mhainistir Laoise, mar aon le taispeánadh scannán faoi Ealaín na Ceardaíochta Adhmaid leis an dealbhóir Evgeny Chubatyy.



## Mapáil Ealaíon agus Sláinte ar fud Lár na Tíre(MAHAM)

Cuireadh tionscadal **MAHAM** (Mapáil Ealaíon agus Sláinte ar fud Lár na Tíre) i gcrích sa bhliain 2021 agus foilsíodh tuarascáil ina raibh sonraí bailithe le chéile i ndáil leis an raon gníomhaíochtaí ealaíon agus sláinte a bhí ag tarlú ar fud an réigiúin.

## Féile Litríochta agus Ceoil na nDuilleog 2021

Ghníomhaigh Cliodhna Ní Anluain mar choimeádaí fhéile bhliantúil 2021. Chinntigh an fhéile rannpháirtíocht sa chruthaitheacht agus sna healaíona agus, i measc na n-imeachtaí a bhí ann, áiríodh léitheoireachtaí/plé, léiriúcháin amharclainne, scríbhneoirí i scoileanna agus ceardlanna a reáchtáladh i gcomhar le hIonad Ealaíon Dhún Másc i rith na tréimhse ón 2 go dtí an 7 Samhain 2021. Láithrigh scríbhneoirí mórchlú agus painéil mhórchlú in Ionad Ealaíon Dhún Másc chomh mhaith le láithriú ag roinnt imeachtaí ar líne - Bhí teorainn leis an líon daoine sa lucht féachana/éisteachta de bharr Covid 19. leavesfestival.ie



## Scéim na dTaibhiúchán Beo Áitiúil - Céim 1 & 2

Tá an scéim seo á maoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus á riaradh ag an Oifig Ealaíon í, agus tacaíonn sí leis na hearnálacha ealaíon agus cultúir trí thaibhiúchán beo a sholáthar, trí sheirbhísí ealaíontóirí gairmiúla, ceoltóirí, léiritheoirí, criú agus baill foirne eile a fhruiliú.

Le linn **Céim 1,** ullmhaíodh scannáin taibhiúcháin a léiríodh go gairmiúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar an oidhreacht fhoirgnithe shaibhir, ar shéadchomharthaí, agus ar láithreáin agus ar thírdhreacha oidhreachta i gContae Laoise. Bhí deis ag 76 dhuine, idir thaibheoirí agus ealaíontóirí, páirt a ghlacadh i gCeim 1. Reáchtáladh taispeáint scannán in Ionad Ealaíon Dhún Másc le linn Chéim 1. Tharraing na scannáin líon suntasach breathnóirí ar líne.

Tháinig deireadh le **Céim 2** i mí na Nollag agus bhí raon imeachtaí éagsúla beo ann lena linn i suíomhanna allamuigh agus taobh istigh ar fud an chontae, lena náirítear imeachtaí pobail bríomhara, margaí agus ceolchoirmeacha cairdiúla inár gcuid Ionad Ealaíon. Ina theannta sin, tugadh spreagadh do thaibhealaíontóirí saothar a fhorbairt agus a chur i láthair agus taifeadadh an saothar sin rud a chuir uirlis thábhachtach phoiblíochta ar fáil do na taibheoirí lena húsáid nuair a scaoilfí srianta arís. De bhreis ar na himeachtaí sin,



d'ullmhaigh Music Generation Laoise clár imeachtaí ar fud an chontae, lena n-áirítear mórimeacht allamuigh chun ceol nua le Martin Tourish agus le Ceolfhoireann Trad Music Generation Laoise a chur i láthair.

## Platform 31

I gContae Laoise, roghnaíodh an t-ealaíontóir Ella de Búrca mar fhaighteoir deontais arbh fhiú €8,000 é agus ar deontas é a thugann deis náisiúnta d'ealaíontóirí chun forbairt a dhéanamh ar a gcleachtas agus chun smaointe nua a thástáil sna réimsí seo a leanas: comhoibriú, taighde, forbairt lucht féachana, déanamh áite agus comhroinnt saothair. Tá an clár ceaptha chun tacú le 31 ealaíontóir lár-ghairmréime (duine amháin i ngach ceann ar leith den 31 údarás áitiúil ar fud na hÉireann) agus chun forbairt gairmréime a thairiscint do na healaíontóirí sin.

## In the Open | Faoin Speir

D'éirigh le hiarratas comhoibríoch a rinne an Oifig Ealaíon agus Ionad Ealaíon Dhún Másc chuig an gComhairle Ealaíon ar an Scéim a bhaineann le tionscadail 'Faoin Spéir'. Fuarthas maoiniúchán le haghaidh sraith tionscadal taibhealaíon i 7 mbaile. D'éirigh go han-mhaith leis an Sráidbhaile, le Mainistir Laoise, le Ráth Domhnaigh agus le Cúil an tSúdaire sa bhliain 2021 agus beidh imeachtaí ar siúl i Móinteach Mílic, i Maighean Rátha agus i bPort Laoise sa bhliain 2022.

## Baile Filíochta - 10 - 18 Meán Fómhair 2021

Faightear maoiniúchán ina leith seo ó Éigse Éireann agus ón gComhairle Ealaíon agus bhí Móinteach Mílic i measc an fiche baile ar fud na tíre a roghnaíodh. Coimisiúnaíodh File an Stáit, an Dr Arthur Broomfield, chun dán a chumadh don Bhaile. Ina theannta sin, is i Móinteach Mílic a tharla lainseáladh Baile Filíochta, tráth a reáchtáladh seisiún grianghrafadóireachta le haghaidh an imeachta.

## Ionad Ealaíon Dhún Másc

Lean Comhairle Chontae Laoise de thacaíocht a thabhairt d'Ionad Ealaíon Dhún Másc mar cheann de na príomhionaid ealaíon i gContae Laoise agus leanann an Oifig Ealaíon de bheith ag obair go comhoibríoch leis an Ionad ar líon mór clár.

## Ionad Ceoil Laoise (LSM) agus *Music Generation Laois*

Leanann an Chomhairle de thacaíocht airgeadais a sholáthar don dá chláir oideachais ceoil atá á mbainistiú anois ag Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí. Reáchtáladh clár cuimsitheach imeachtaí rannpháirteacha ceoil ar fud na bliana agus déanfar tacaíocht leantach don Oifig Ealaíon, agus comhoibriú leantach léi, a chothú agus a fhorbairt amach anseo.

## Céatadán don Ealaín

Rinneadh dul chun cinn maidir le socruithe le haghaidh dhá shaothar choimisiúnaithe ar leithligh, faoi "Céatadán don Ealaín", i bPort Laoise, ceann amháin ar láithreán atá tadhlach leis an timpeallán ag O'Moore Park agus an ceann eile ar láithreán lasmuigh den leabharlann nua ar an tSráid Mhór i bPort Laoise.

## Tacaíochtaí do na hEalaíona

Leanadh de thacaíochtaí airgeadais do dhaoine aonair agus do ghrúpaí a sholáthar sa bhliain 2021 trí Scéim Bronnta Deontas an Achta Ealaíon agus trí Sparánacht Ionad Tyrone Guthrie.

## Clár Laoise i leith Éire Ildánach

Faigheann an clár tacaíocht ó Éire Ildánach agus, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Laoise, reáchtáladh raon gníomhaíochtaí agus imeachtaí i rith na bliana a raibh na cinn seo a leanas ina measc:

- Tionscadal Mhainistir Laoise maidir le Gníomhú ar son na hAeráide – le déanaí, fógraíodh an tionscadal seo mar bhuaiteoir ghradam Chomhlachais Tráchtála na hÉireann sa chatagóir 'Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe'.

- Ghlac 2478 nduine, idir leanaí agus dhaoine óga, páirt i gCruinniú na nÓg ar lena linn a lainseáladh imeacht tionscnaimh Shraith Laoise: Comórtas Ealaíne 'Sense of Place', ceardlanna, taispeáint scannán agus eagrán daoine óga den phodchraoladh dar teideal "In Your Nature".

- Rinneadh Sparánacht tionscnaimh Laoise i leith Scannán Gearr a bhronnadh ar *Swandive Productions* i ndáil le scannán gearr dar teideal 'Superhuman'.

- Saothar nua múr-ealaíne i rith Oíche Chultúir leis an ealaíontóir ADW chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhuintir agus ar spiorad Ráth Domhnaigh agus teilgean físmhapáilte faoi Anne Jellicoe (1823-80) leis an ealaíontóir Caroline Conway i bPobalscoil Mhóinteach Mílic.

- Cheiliúr Teach Ealaíne Laoise a 10ú cothromdháta trí bhíthin an taispeántais dar teideal 'In Trust. In Gratitude. In Hope.' ar taispeántas é a bhain le freagairt 60 ealaíontóir ar dhán sainchoimisiúnaithe dar teideal 'The Window Seat' leis an bhfile Pat Boran.

- Leathnaíodh an tionscadal ceoil idirghlúine 'Cuimhní Ceoil - Céim 3' chuig Men's Sheds agus chuig Scoileanna Náisiúnta na Rátha agus Eiréil chomh maith le cuairteanna allamuigh a bheith ann ar Aonad Altranais Pobail N. Uinseann agus ar Ospidéal N. Bríd sa Sián.

- I gcomhpháirtíocht le Músaem Nua-Ealaín na hÉireann (IMMA), chuir Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Laoise tús le thionscnamh nua forbartha gairmiúla d'ealaíontóirí agus d'oideoirí ealaíne a bhfuil cúlra amharc-ealaíon acu agus ar spéis leo a bheith ag obair le daoine scothaosta agus, go háirithe, leo siúd a bhfuil néaltrú orthu. Bhí an oiliúint sin dírithe ar ealaíontóirí agus ar oideoirí ealaíne ag a bhfuil taithí ar éascaíocht agus ar spéis leo a bheith ag obair le daoine ar a bhfuil néaltrú agus lena gcúramóirí agus a bheith ag soláthar treoir ghairmiúil i dtaobh conas ceardlanna breathnaithe ealaíne atá oscailte do dhaoine ar a bhfuil néaltrú i gcás inar féidir leis an duine ar a bhfuil néaltrú, agus le cúramóir nó teaghlach an duine sin, páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht atá i gceist. Tá sé seo saor ó tháille i gcás ealaíontóirí rannpháirteacha. Soláthraíodh an oiliúint agus an measúnú go léir ar líne.

## AN RANNÓG SPÓIRT & FÓILLÍOCHTA

Bhí dúshláin bhreise ann sa bhliain 2021 mar gheall ar COVID 19 agus, mar thoradh air sin, rinneadh imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí pleanáilte ag an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta a atheagrú go mór. D'ainneoin na ndúshlán sin, bhí roinnt buaicphointí ann i rith na bliana.

### An Soláthar maidir le Fóillíocht

Mar gheall ar shrianta Covid 19, bhí Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire dúnta go dtí Meitheamh 2021 agus, ó sin i leith, d'éirigh leis fanacht ar oscailt a bhuí sin le hiarrachtaí suntasacha an lucht bainistíochta agus na mball foirne. Sa bhliain 2021, thairbhigh Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire ó Dheontas SEAI um Pobail Fuinnimh Níos Fearr ar tríd a suiteáladh painéil gréine PV rud as a leanfaidh sábháil leanúnach fuinnimh.

D'fhan Ionad Fóillíochta Phort Laoise dúnta don phobal i rith na bliana 2021, go príomha chun uasghrádú forleathan a éascú i ngach limistéar de chuid an fhoirgnimh agus le go mbeifí in ann an t-ionad a athoscailt go luath sa bhliain 2022. Rinneadh na hoibreacha sin a pháirtmhaoiniú tríd an gClár Caipitiúil Spóirt agus trí scéim deontais (SEAI) um Pobail Fuinnimh Níos Fearr.

I Meitheamh 2021, cheadúnaigh Comhairle Chontae Laoise bord Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire chun Ionaid Fóillíochta Phort Laoise agus Chúil an tSúdaire araon a oibriú. Tá athstruchtúrú suntasach déanta ar bhord Chúil an tSúdaire agus, i mí na Nollag 2021, chomhaontaigh sé a ainm a athrú go Laois Leisure CLG agus é ar intinn aige na saoráidí a athainmniú mar *Laois Leisure Portlaoise* agus *Laois Leisure Portarlington*.

Tá Comhairle Chontae Laoise ag leanúint de chomhairle agus de thacaíocht a sholáthar do Chumann Forbartha Pobail Bhaile na Coille a oibríonn Linn Allamuigh Bhaile na Coille. Sa bhliain 2021, cuireadh oibreacha i gcrích a bhí maoinithe faoin Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte agus, mar thoradh ar na hoibreacha sin, cuireadh feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh na saoráide agus ar an rochtain ar an tsaoráid. De bhreis air sin, thug Comhairle Chontae Laoise ranníocaíocht i gcomhair na gcostas foirne agus sábháilteachta a ghabhann le hoibriú na saoráide i rith séasúr samhraidh an-rathúil sa bhliain 2021.

### Saoráidí Súgartha

Lean Comhairle Chontae Laoise de bheidh ag bainistiú fiche saoráid súgartha pobail i rith na bliana 2021 ar saoráidí iad a bhfuil gá le clár forleathan bliantúil cothabhála agus deisithe ina leith mar gheall ar mhéadú úsáide mar thoradh ar Covid 19. Leanadh den uasghrádú ar rochtain agus ar bhithéagsúlacht ag ceithre limistéar súgartha ar fud Chontae Laoise.

Leanann an Chomhairle de bheith ag cabhrú le grúpaí áitiúla i ndáil le forbairt dhá clós súgartha pobail. Bhí oibreacha suiteála chlós súgartha Bhaile na Coille críochnaithe, nach mór, i mí na Nollag 2021 agus osclófar an tsaoráid i Márta 2022 faoi bhainistíocht Chomhairle Chontae Laoise.

Sa bhliain 2021, deonaíodh ceadú pleanála Chuid VIII do Chumann Forbartha Bhuiríos Mór Osraí, agus iad ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Laoise, chun clós súgartha pobail a fhorbairt agus cuirfear an obair i gcrích i Samhradh na bliana 2022.

## Seachtain na Rothaíochta

Is clár náisiúnta é 'Seachtain na Rothaíochta' trína ndéantar daoine a spreagadh chun a rothair a úsáid le haghaidh taistil agus fóillíochta; chomhordaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair é agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a mhaoinigh é. Fuair Comhairle Chontae Laoise maoiniúchán €12,400 chun Clár Sheachtain na Rothaíochta 2021 a chur i bhfeidhm agus chomhordaigh sí os cionn 17 n-imeacht le cúnamh ó chomhpháirtithe i Scoileanna agus i bPobail ar fud an chontae sa tréimhse ón 12 go dtí an 18 Meán Fómhair i gcomhthráth le seachtain soghluaisteachta na hEorpa. I measc na n-imeachtaí a bhí ann airíodh rothaíocht spraoi do theaghlaigh, imeachtaí rothaíochta scoile agus rothaíocht ionaid oibre, lena n-áirítear Pedals Away Cycle Bus Trip Chomhairle Chontae Laoise Dé Céadaoin, an 15 Meán Fómhair 2021.




## CLÁR GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO LEANAÍ & DO DHAOINE ÓGA

### An tSeachtain Náisiúnta Áineasa/An Lá Náisiúnta Súgartha

Is é atá sa tSeachtain Náisiúnta Áineasa/Lá Náisiúnta Súgartha ná comhthionscnamh idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Údaráis Áitiúla. D'eagraigh an Rannóg Spóirt agus Áineasa sraith ceardlann i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla ar fud an chontae i mí Iúil 2021. Bhí na himeachtaí sin dírithe ar phobail spraoi a chruthú chun spreagadh a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga in áiteanna spriocdhírithe chun bheith ag súgradh amuigh faoin aer.





## Tionscadail Speisialta 2021

## Tionscadail CLÁR

Leanadh de na tionscadail cothabhála agus forbartha ar fud na bliana 2021. Fuarthas maoiniúchán le haghaidh trí thionscadal áineasa breise CLÁR 2021.

## Clár Bonneagair Tuaithe Allamuigh (ORIS)

Leanadh de na tionscadail cothabhála agus forbartha ar fud na bliana 2021. Fuarthas maoiniúchán le haghaidh 7 dtionscadal breise faoi ORIS 2021.

### Maoiniúchán ó 'Éire Shláintiúil' sa bhliain 2021

Lean Comhairle Chontae Laoise de Chlár na bPáirceanna Gníomhacha a chur i bhfeidhm sa bhliain 2021, lena n-áirítear le linn Sheachtain Feasachta Meabhairshláinte Laois Connects i mí Dheireadh Fómhair trí na cláir chur i bhfeidhm i limistéir phoiblí/ bpáirceanna poiblí i bPort Laoise, i gCúil an tSúdaire, i Móinteach Mílic, i mBaile an Chaisleáin, i mBaile na Coille, i Mainistir Laoise, sa Sráidbhaile agus i Maighean Rátha. D'éirigh go han-mhaith leis an gclár trína dtairgtear seisiúin ghníomhaíochta saor in aisce do gach aoisghrúpa agus do gach leibhéal cumais agus bhí éileamh mór air sna pobail go léir óna bhfuarthas an méid is mó aiseolais riamh rud a léiríonn tábhacht na seisiún sin do na rannpháirtithe a d'iarr tuilleadh imeachtaí den chineál céanna.



## Tacaíocht do Chlubanna/Ghrúpaí Pobail

I rith na bliana 2021, lean an Oifig Spóirt & Fóillíochta de bheith ag obair go rathúil le clubanna, le scoileanna agus le grúpaí pobail chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniúchán, agus chun maoiniúchán a tharraingt anuas, d'fhonn forbairt a dhéanamh ar a gcuid saoráidí, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- An Scéim Deontas Caipitiúil Spóirt
- An Scéim Bonneagair Mórscála Spóirt
- CLÁR
- An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- An Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS)

## Moil Phobail Ghníomhacha

Leanann an Rannóg de bheith ag obair le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise agus le pobail áitiúla chun tacaíocht a thabhairt do Mhol an tSráidbhaile/Bhaile an Bhiocáire/Thigh Mochua agus do Mhol Ráth Domhnaigh/Eiréil. Is é is aidhm do na moil phobail ghníomhaigh ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla chun bheith níos réamhghníomhaí i dtaca le cláir ghníomhaíochta fisiciúla a phleanáil agus a sholáthar ar an leibhéal áitiúil.

## Gradam Brataí Glaise do Pháirceanna

D'oibrigh an Rannóg le rannóga eile chun a áirithiú go gcoimeádfaí Gradam tábhachtach na Brataí Glaise ag Páirc an Phobail i bPort Laoise agus ag Páirc an Phobail i gCúil an tSúdaire sa bhliain 2021.

## URBACT

Sa bhliain 2021, roghnaíodh Port Laoise, mar aon le cúig bhaile comhpháirtíochta eile, mar atá, Ráth Droma, an Ros, Baile Dhún na nGall, Sligeach agus Cathair Chorcaí, chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh comhroinnte eolais arb é is aidhm dó ná roinnt tionscadal a chur chun chinn agus a chur i gcrích suas go deireadh na bliana 2022 agus ar tionscadail iad a chuirfidh feabhas ar dheiseanna súgartha do gach aoisghrúpa i bPort Laoise.

## SÁBHÁILTEACHT UISCE I gCONTAE LAOISE

### Feasacht ar Shábháilteacht Uisce sa bhliain 2021

I gcomhar le Coiste Shábháilteacht Uisce na hÉireann - Limistéar Laoise, lean Comhairle Chontae Laoise d'Fheasacht ar Shábháilteacht Uisce a chur chun sa bhliain 2021 agus, de bhar shrianta Covid 19, díríodh an obair ar fheachtas feasachta ar líne.

### Ranganna Sábháilteachta Uisce sa bhliain 2021

Níor athchromadh ar Ranganna Shábháilteacht Uisce na hÉireann i.e. Sábháilteacht Uisce (Earrach agus Fómhar) sa bhliain 2021 de bharr Ionad Fóillíochta Phort Laoise a bheith dúnta. Rinne Shábháilteacht Uisce na hÉireann i gContae Laoise Seachtain Snámha mar aon le Scileanna Cadhcála, ar éirigh go han-mhaith léi, a reáchtáil i mí Iúil 2021.

### An Clár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS)

I gcomhar le Coiste Shábháilteacht Uisce na hÉireann, lean Comhairle Chontae Laoise de thacaíocht a thabhairt don Chlár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS) agus den chlár sin a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna Chontae Laoise. De bharr shrianta Covid 19, níor cuireadh clár PAWS linn-bhunaithe i bhfeidhm sa bhliain 2021.

### Baoithe Tarrthála

I rith na bliana 2021, lean Comhairle Chontae Laoise de chigireacht a dhéanamh ar bhaoithe tarrthála agus de bhaoithe tarrthála a chothabháil, a chur in airde agus a athsholáthar i suíomhanna uisce ar fud an chontae.

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

### AN LEABHARLANNAÍ CONTAE: **Bernie Foran**

Leanann an tSeirbhís Leabharlainne de ról lárnach a bheith aici i leith na bpobal go léir i gContae Laoise. Lean Leabharlanna Poiblí de ról lárnach a bheith acu maidir le seirbhís éifeachtúil túslíne a sholáthar do gach ball agus maidir le rochtain a thabhairt dóibh ar leabhair, ar mheáin, ar sheirbhísí ar líne agus ar shaoráidí idirlín/wifi/priontála.

Athosclaíodh Leabharlanna Poiblí ar an 8 Bealtaine 2021 tar éis deireadh a chur le srianta sláinte poiblí a bhain le Covid 19 agus tairgeadh seirbhísí iomlána iasachtaithe dá bharr sin. Leanann an tSeirbhís Leabharlainne de sheirbhís seachadta leabhar a thairiscint do dhaoine nach féidir an teach a fhágáil agus do dhaoine atá ag cocúnáil a thairiscint agus de sheirbhís 'glaoigh agus bailigh' a oibriú ar seirbhís í trína ligtear do chustaiméirí aon leabhair nó aon acmhainní leabharlainne a ordú roimh ré agus teacht chuig an leabharlann ina dhiaidh sin chun na nithe sin a bhailiú

Ó thosach ghéarchéim Covid 19, tá oiriúnú déanta ag Seirbhísí Leabharlainne agus tá siad ag leanúint de sheirbhísí leabharlainne a sholáthar trí bhíthin ár seirbhísí ar líne, le tacaíocht ón bhfoireann ar bhonn cianda. Leanann an leabharlann de rochtain a thabhairt do dhaoine phobal ar ár n-ábhar ar líne, agus de chomhairle a thabhairt dóibh ina leith sin, lena n-áirítear R-Leabhair a mbaintear úsáid forleathan astu agus ar eisíodh 35,000 ítim ar líne de chuid an bhailiúcháin sin sa tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2021.

### Forbairt Chaipitiúil

- Leabharlann Phort Laoise

I gcomhréir leis na srianta sláinte poiblí, leanadh d'oibreacha, agus athchromadh ar oibreacha, ar an Leabharlann nua i rith na bliana 2021 ar an tSráid Mhór i bPort Laoise áit ar críochnaíodh na hoibreacha dúshraithe, an phíleáil, an bunurlár, na chéad bhloc-oibreacha agus na hoibreacha cruach. Is é Frank C. Murray and Sons Construction Ltd., as Baile an Bhriotaigh, Ros Cré, an conraitheoir. Beidh 1800 méadar cearnach de spás oscailte ann sa Leabharlann nua agus beidh leabharlann leanaí, ranna aosach agus staire áitiúla, limistéir staidéir, spásanna cruinnithe pobail, seomraí digiteacha agus spás taispeántais inti freisin. Tá forbairt na Leabharlainne nua á páirtmhaoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail trí bhíthin deontas €3 mhilliún agus tá maoiniúchán €2.7 milliún á fháil ó Thionscadal 40 an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Is é atá sa dáta críochnaithe tógála is déanaí anois ná deireadh Ráithe 3/tús Ráithe 4 sa bhliain 2022.



- Deisiú agus Ionadú Dhíon Leabharlann Ráth Domhnaigh


Cuireadh tús leis na hoibreacha chun díon Leabharlann Ráth Domhnaigh a dheisiú agus a uasghrádú i Meán Fómhair agus críochnaíodh iad i mí na Nollag 2021. Fuarthas páirtmhaoiniúchán do na hoibreacha ó chlár náisiúnta na ndeontas caipitiúil beagscála do Leabharlanna atá á mhaoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ceadaíodh deontas €100,000 do Leabharlann Chontae Laoise i gcomhair dheisiú dhíon na leabharlainne.

## Imeachtaí agus Cláreagrú

Lean foireann na leabharlainne d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí a sholáthar ar chlár ar líne agus d'fhíseáin bheo agus ábhar beo maidir le scéalaíocht agus ceardaíocht d'úsáideoirí óga agus maidir le cainteanna faoi litríocht agus stair áitiúil a éascú. Óstáladh imeachtaí go tráthrialta ar líne trí zoom agus, ina measc sin, áiríodh cainteanna faoi chúrsaí ceoil, sláinte, staire agus tuismitheoireacht. Leanann an Leabharlann de litearthacht, folláine, cultúr agus meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn trínár gcuid postálacha uile meán sóisialta agus trí naisc le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 'Éire Ildánach' agus 'Éire Shláintiúil, leathanaigh Chultúir, Oidhreachta agus Bhithéagsúlachta, agus leathanaigh áitiúla eile, a chomhroinnt.

## Pacaí Gníomhaíochta Aoisbháúla

Lainseáil an Cathaoirleach, Catherine Fitzgerald, Paca Gníomhaíochta Aoisbháúil Sheirbhís Leabharlainne Chontae Laoise i bhFeabhra 2021. Thiomsaigh agus dhear foireann na Leabharlainne na pacaí lena n-áirítear a leabhrán a ghabhann leo. Tá gníomhaíochtaí spraoi, scéalta, dánta agus puzail ann sna pacaí spreagtha sástachta seo. Ina theannta sin, bhí dea-mhéin ó roinnt pearsana cáiliúla de chuid Chontae Laoise san áireamh iontu. Dáileadh na pacaí ar chocúnóirí, ar thithe altranais, ar Ionaid Sue Ryder agus ar ionaid éagsúla eile i gContae Laoise.




## Dúshlán Náisiúnta Léitheoireachta an tSamhraidh-Réaltaí an tSamhraidh



Ó tharla go raibh srianta sláinte poiblí i bhfeidhm fós, thairg Clár Réaltaí an tSamhraidh 2021 clár ar líne agus in-bhrainse a raibh leabhair áirithe ar líne i gceist leis mar aon le hábhar poiblíochta do léitheoirí óga, tráthanna ceisteanna, léitheoireachtaí as leabhair agus comórtais. Chláraigh an tSeirbhís Leabharlainne 1,021 leanbh sa chontae le haghaidh an chláir léitheoireachta. I rith mhíonna an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa, bhí lúcháir orainn fáilte a chur roimh ár gcuid léitheoirí óga arís. Sa bhliain 2021, chruthaigh agus d'óstáil an tSeirbhís Leabharlainne Siúlóid Scéalaíochta Leabharlainne i 6 pháirc phoiblí allamuigh (agus i bportach Mhainistir Laoise), Le linn na Siúlóide Scéalaíochta, atáirgeadh an leabhar leanaí "Scouts Best Day Ever", le Jennifer Farley, ina iomláine ionas go raibh leanaí agus teaghlaigh in ann a bheith ag léamh leo agus cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil ansin chun tóraíocht taisce agus tráth ceisteanna a chríochnú.

## Na Chéad 5 - Málaí Leabharlainne Bige

I rith mhí na Samhna agus mhí na Nollag, dháil leabharlanna an chontae "Na Céad 5 - Mála Leabharlainne Bige" ar gach Ionad Luathfhoghlama sa chontae. Bhí 5 leabhar ann i ngach mála, ceann amháin i nGaeilge agus ceithre cinn i mBéarla agus bhí acmhainní cuiditheacha eile ann a bhí forbartha ag Barnardos. Is comhthionscnamh é seo de chuid Leabharlanna Poiblí, na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus é á mhaoiniú trí Chiste na gCuntas Díomhaoin agus, mar thoradh air, forbrófar naisc idir luathfhoghlaim agus an leabharlann áitiúil chun dúil i leabhair a spreagadhI rith mhí na Samhna agus mhí na Nollag, dháil leabharlanna an chontae "Na Céad 5 - Mála Leabharlainne Bige" ar gach Ionad Luathfhoghlama sa chontae. Bhí 5 leabhar ann i ngach mála, ceann amháin i nGaeilge agus ceithre cinn i mBéarla agus bhí acmhainní cuiditheacha eile ann a bhí forbartha ag Barnardos. Is comhthionscnamh é seo de chuid Leabharlanna Poiblí, na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus é á mhaoiniú trí Chiste na gCuntas Díomhaoin agus, mar thoradh air, forbrófar naisc idir luathfhoghlaim agus an leabharlann áitiúil chun dúil i leabhair a spreagadh.




## *Europe Direct* i bPort Laoise

Bhí rath ar Leabharlann Phort Laoise le déanaí maidir leis an nglao i leith ionaid Europe Direct 2021-2025, rud a chuirfidh 5 bliana eile le punann hIonad Europe Direct sa chontae. Soláthraíonn Ionad Europe Direct i Leabharlann Phort Laoise rochtain ar ábhar (as líne agus ar líne) a bhaineann le raon leathan réimsí, lena n-áirítear na réimsí seo a leanas: faisnéis ghinearálta i dtaobh conas a oibríonn institiúidí agus gníomhaireachtaí éagsúla an Aontais Eorpaigh, an nuacht is déanaí faoi ghnóthaí agus imeachtaí an Aontais Eorpaigh agus faisnéis faoi chearta na saoránach san Aontas Eorpach. Faigheann an t-ionad maoiniúchán le haghaidh imeachtaí agus gníomhaíochtaí.




## Staraí Cónaitheach/Deich mBliana na gCuimhneachán

Lean Leabharlann Chontae Laoise den scéim dar teideal 'Staraí Cónaitheach' a reáchtáil sa bhliain 2021. Faightear maoiniúchán don scéim sin ó chiste Dheich mBliana na gCothrom Céad Bliain/na gCuimhneachán, agus leanann sí de dhíriú ar oidhreacht, ar chultúr agus ar stair áitiúil Laoise sa tréimhse chuimhneacháin seo.

Sa bhliain 2021, bhí lúcháir ar Sheirbhís Leabharlainne Laoise foilseachán dar teideal "Opening a Window on the Past" a lainseáil. Faoi chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2019-2020, a dtugann Éire Ildánach agus Comhairle Chontae Laoise tacaíocht ina leith, d'fhostaigh rannóg Leabharlann agus Chartlann an Chontae staraí cónaitheach chun taighde a dhéanamh ar ról mhná Laoise le linn na ndeich mbliana stairiúla lena mbaineann (1913/1923). Le linn na cónaitheachta rinneadh scrúdú ar mhná Laoise i rith na tréimhse sin agus ar obair na mban sin i leith imeachtaí áirithe agus i leith a dtionchair ar athrú sochaíoch.



Ceapadh Regina Dunne faoin scéim seo agus, trí úsáid a bhaint as a taighde ar Chartlann Chomhairle Chontae Laoise, ar Chartlanna Míleata agus ar fhoinsí eile, déanann sí cur síos ar shaol beirt bhan ar leith de chuid Chontae Laoise, mar atá, Helen Roe agus Lucy Franks. San fhoilseachán seo, déantar scrúdú ar an gcreideamh a bhí ag an mbeirt acu san oideachas agus léirítear a ndiongbháilteacht, a bhfís agus a ngnóthachtálacha a bhfuil a lorg le fáil fós sa chontae sa lá atá inniu ann. Tugtar léargas ann freisin ar chúrsaí oideachais, ar an tsochaí agus ar chúrsaí cultúir le linn na tréimhse lena mbaineann. Lainseáladh an leabhar ar an 14 Lúnasa in Bloom HQ.

## Cartlann Ronnie Mathews/Éire Ildánach

Sa bhliain 2021, cuireadh tús le hobair chartlannaíochta ar Bhailiúchán Ronnie Matthews. Fuarthas an bailiúchán níos túisce i mbliana agus próiseálfar é i gcomhar le Eneclann arb é cuideachta cheannais staire agus oidhreachta na hÉireann é. Ba staraí clúiteach é Ronnie Matthews agus scríobh sé roinnt leabhar faoi Chúil an tSúdaire agus, i rith a shaoil, bhailigh sé doiciméid, léarscáileanna agus déantáin a bhaineann leis an mbaile agus, ina theannta sin, tá roinnt ítimí a bhailigh a athair san áireamh sa bhailiúchán. Déanfaidh Eneclann Ltd. cartlannú agus catalógú cúramach ar an ábhar seo anois agus déanfar socruithe maidir le haon obair chaomhantais a bhfuil gá léi. Tá maoiniúchán curtha ar fáil trí Chlár 'Éire Ildánach' (2017 - 2022) le haghaidh cartlannú riachtanach agus obair catalógaithe de réir mar a ullmhaítear na hábhair lena gcur ar fail ar mhaithe le taighde agus taispeáint amach anseo.



## Leabharlann Tearmainn Phort Láirge

Ainmníodh Leabharlann Phort Laoise mar an chéad leabharlann phoiblí Tearmainn i Márta 2020. I rith na bliana 2021, bhí an leabharlann i dteagmháil go tráthrialta le Líonra Lánpháirtíochta Laoise chun ceiliúradh a dhéanamh ar ár bpobal ilchineálach. Sa bhliain 2021, reáchtáil an tseirbhís leabharlainne sraith agallamh ar Facebook le daoine de chuid an phobail idirnáisiúnta i gContae Laoise agus iad ag caint faoina dtíortha dúcháis. Féach na naisc anseo thíos:

https://www.youtube.com/watch?v=QzZkpU-IJmw
https://www.youtube.com/watch?v=SsVAAkh2Cjk

## Maoiniúchán ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

Tá maoiniúchán iomlán €21,296 faighte ag an tseirbhís leabharlainne ó Chiste na gCuntas Díomhaoin le haghaidh trí thionscadal leabharlainne mar atá liostaithe anseo thíos.

- Tionscadal na Leabharlainne Tearmainn €8,100
- Tacaíocht do thuismitheoirí (ranganna agus acmhainní tuismitheoireachta) €6,480
- Leabharlann Chéadfach (Trealamh agus Acmhainní) €6,716

## Leabharlann Chéadfach

Le déanaí, thug Leabharlann Chontae Laoise seirbhísí agus saoráidí leabharlainne céadfaí isteach. Fuarthas maoiniúchán ó Chiste na gCuntas Díomhaoin sna blianta 2020 agus 2021, ar ciste é atá á riaradh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus dírítear an maoiniúchán sin ar sheirbhísí leabharlainne do phobail atá imeallaithe, atá eisiata go sóisialta agus atá faoi mhíbhuntáiste.

I measc na saoráidí i leabharlann Mhóinteach Mílic, áirítear Seomra Céadfach ina soláthraítear timpeallacht shuaimhneach chiúin lena ngabhann teilgin solais agus gné uisciúil. Tairgeann leabharlanna eile de chuid Chontae Laoise, lena n-áirítear leabhbarlanna Mhainistir Laoise, Maighean Rátha agus Ráth Domhnaigh, preab-spásanna céadfacha. Tá 'Tover-tafel' nó 'Tábla draíochta' ann i leabharlann Mhóinteach Mílic anois arb é atá ann ná sraith cluichí solais idirghníomhacha atá saincheaptha chun cabhrú le daoine ar a bhfuil néaltrú, ar a bhfuil uathachas agus ag a bhfuil deacrachtaí foghlama. Oireann sé do dhaoine i ngach aoisghrúpa. Freagraíonn cluichí a theilgtear ar thábla ar a bhfuil braiteoirí infridhearga do ghluaiseachtaí láimhe agus sciatháin. Is féidir an seomra céadfach agus an tábla draíochta a chur in áirithe le haghaidh leathuair an chloig trí ghlaoch teileafóin a chur ar Leabharlann Mhóinteach Mílic ag 057 8644572 nó trí theachtaireacht ríomhphoist a chur chuig mountmellicklibrary@laoiscoco.ie. Ina theannta sin, tairgeann Leabharlanna Chúil an tSúdaire agus Mhainistír Laoise scáileán tadhaill idirghníomhach. Tá bailiúchán Bréagán agus Acmhainní Céadfacha iniasachta ag Leabharlanna Mhóinteach Mílic agus Chúil an tSúdaire. Is bealach iontach é sin do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do SNA-anna chun a fháil amach cad a oireann dóibh. Beidh an bailiúchán sin ar fáil go gairid i Leabharlann Ráth Domhnaigh. Tá ár gcatalóg i leith Bhailiúchán na mBréagán agus na nAcmhainní Céadfacha seachadta ar gach bunscoil i gceantar Laoise agus ar altraí sláinte poiblí. Tá an chatalóg ar fáil ó leabharlanna agus ar líne ag https://laois.ie/wp-content/uploads/Laois-Library-Sensory-Toy-Booklet.pdf

## Ciste na Leabhar

Ba é a bhí i gCiste na Leabhar don bhliain 2021 ná €115,000.

## Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020

| | |
|---|---|
| An líon cuairteoirí ar leabharlanna in aghaidh an duine de réir dhaonáireamh 2016 | 0.93 |
| An líon ítimí a eisíodh chuig iasachtaithe i rith na bliana | 113,134 |
| Baill Ghníomhacha Leabharlainne in aghaidh an duine den daonra sa bhliain 2020 | 0.09 |
| An líon Ball Cláraithe atá ann sa leabharlann | 14,402 |

## BONNEAGAR, SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOL, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA & TIONSCADAIL SPEISIALTA

**STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:** **Simon Walton**

**INNEALTÓIR SINSEARACH:** **Adrian Barrett**

| Comhaltaí | Earnáil |
|---|---|
| *An Comhairleoir Paddy Bracken (Cathaoirleach)* | *John Killeen, Forbairt/Tógáil* |
| *An Comhairleoir John Joe Fennelly* | *John Talbot, Talmhaíocht/Feirmeoireacht* |
| *An Comhairleoir William Aird* | *Deirdre O'Connell Hopkins, Ceardchumann* |
| *An Comhairleoir Ben Brennan* | |
| *An Comhairleoir Noel Tuohy* | |

Sa bhliain 2021, fuair an Rannóg Bóithre deontais bhóthair agus maoiniúchán buiséid ina raibh suim €20.4 milliún. Fuarthas cistí breise i rith na bliana i gcomparáid leis na suimeanna a glacadh i scéim na n-oibreacha bóthair rud a d'fhág go raibh suim iomlán €30M ann. Rinneadh dul chun cinn ar Chlár na nOibreacha Bóthair i ngach ceann de na trí Cheantar Bhardasacha agus cuireadh an clár i gcrích.

Fuarthas maoiniúchán suntasach breise i rith na bliana, ó mhí Lúnasa ar aghaidh, ón Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt faoi shruthanna maoiniúcháin an Taistil Ghníomhaigh agus an Ghníomhaithe ar son na hAeráide, agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Tá oibreacha ar na tionscadail seo ar siúl fós agus leanfaidh siad ar aghaidh ar fud na bliana 2022. Rinne Roinn na mBóithre Scéim na Proinnspásanna Allamuigh agus na nGabhálas a riaradh trí athoscailt gnóthaí a éascú le linn phaindéim Covid 19.

### Dearadh Bóithre

Chuir Comhairle Chontae Laoise líon mór scéimeanna cothabhála agus feabhsaithe i gcrích sa bhliain 2021, lena n-áirítear an méid seo a leanas: oibreacha feabhsaithe sábháilteachta a chur i gcrích, feabhsuithe ar chomharthaíocht, marcálacha bóthair, oibreacha pabhála, chomh maith le suiteáil mullard, soilsiúchán poiblí agus oibreacha feabhsaithe acomhail. Sa téacs seo a leanas, leagtar amach na hoibreacha a cuireadh i gcrích agus an maoiniúchán a bhain leo.

#### Oibreacha Caipitiúla Pabhála - Caiteachas €400,000

Rinneadh na hoibreacha seo a leanas faoin scéim seo i mbliana:

- N78 - Baile Uí Laigheanáin
- N80 - An Leacht

#### N80 - Oibreacha Feabhais Cosáin 2021 – Caiteachas €38,250

- Uasghrádú N80 - Cosán ar Shráid Emmett, Móinteach Mílic (€19,250)
- Uasghrádú an chosáin láithrigh lasmuigh den Phobalscoil i Móinteach Mílic (€19,000)

## Scéimeanna RSRM - Caiteachas

Scéim Sábháilteachta Ísealchostais 2021 – €220,00

01 – Baile na Coille – Fálta & Crainn a thabhairt chun bealaigh,
02 - Crosbhóthar Treacy – Oileán tráchta agus comharthaíocht a shuiteáil,
003 - Bóthar Chorcaí, Darú – Trasrian do coisithe & soilsiúchán a shuiteáil,
04 - An Caiseal, Baile an Ruáin - Fálta a thabhairt chun bealaigh agus sconsa a shuiteáil,
05 - Acomhal an R419 agus Sráid Foxcroft, Cúil an tSúdaire – Athailíniú acomhail,
006 - Bóthar Ros Fhionnghlaise - Trasrian do coisithe agus suiteáil soilsiúcháin,
007 - An Chúil, An Ráithín - Fálta a thabhairt chun bealaigh agus sconsa a shuiteáil,
008 - Lea Cross, Cúil an tSúdaire – Soilsiúchán poiblí a shuiteáil.

## Deontas feabhsúcháin shonraigh 2021

Derrin Cross, Buiríos Mór Osraí - €200,000 – Athailíniú acomhail, soilsiúchán poiblí, cuaille coincréite agus sconsa ráillí a thabhairt chun bealaigh agus sconsa sábháilteachta éighníomhaí a chur ina ionad, oileán acomhail agus comharthaíocht.

## Soilsiúchán Poiblí

Tá 9,500 solas ann san iomlán i gContae Laoise. Tá 60% de na soilse uasghrádaithe go LED anois agus, mar thoradh air sin, baineadh sábháil os cionn 70% amach i gceann de na limistéir seirbhíse is mó tomhailt fuinnimh de chuid Chomhairle Chontae Laoise.

## Cothabháil Gheimhridh

Rinneadh oibríochtaí glaoch amach 77 n-uaire i sheisiún geimhridh 2020/2021 agus cóireáladh 458 km den ghréasán a gcuirtear salann air i gContae Laoise. Go dtí seo, bhí 25 ghlaoch amach ann i rith sheisiún geimhridh 2021/2022.

## Ceantar Bardasach Phort Laoise (An Lárcheantar)

Sa Lárcheantar, feabhsaíodh fad iomlán 9.4km faoi Scéimeanna Oibreacha Feabhsúcháin Athbhunaithe (Neartú).

Athshéalaíodh fad iomlán 7.1km de bhóithre agus feabhsaíodh an frithsciorradh orthu faoi Scéimeanna Oibreacha Feabhsúcháin Athbhunaithe (Cóiriú Dromchla).

## Clár na gCosán lena n-áirítear Athnuachan Uirbeach

Rinneadh oibreacha cosáin arbh fhiú os cionn €100,000 iad i mbailte Phort Laoise agus Mhainistir Laoise sa bhliain 2021.

## Plandú i mBaile Phort Laoise



Cothabhálann an Ceantar Bardasach seo coimeádáin, ceapacha agus bláthchiseáin chrochta i níos mó ná 300 suíomh ar fud Bhaile Phort Laoise. Plandaítear ceapacha geimhridh i mí na Samhna agus ceapacha samhraidh i mí na Bealtaine sna suíomhanna sin gach bliain. Chomh maith leis sin, oibríonn Oifig an Ceantair Bhardasaigh go dlúth le Coiste Bailte Slachtmhara Phort Laoise chun níos mó ná 120 bláthchiseán crochta a phlandú agus a chothabháil ar an tSráid Mhór agus i gCearnóg an Leastaraigh sa bhaile.

Bíonn na bláthchiseáin chrochta ar taispeáint ó Mheitheamh go Deireadh Fómhair gach bliain.

### Tionscadail Bhithéagsúlachta Phort Laoise

Bainistíonn Oifig Cheantar Bardasach Phort Laoise 35,000m$^2$ de mhóinéir ghearrtha bhliantúla agus 1,000m$^2$ de mhóinéir ísealghearrtha thart ar bhaile Phort Laoise agus is móinéir iad ar bunaíodh achar 1,800m$^2$ díobh as an nua sa bhliain 2021. Bunaíodh móinéar coinnle corra ar Ascaill Shéamais Fhionntain Uí Leathlobhair gar d'Ionad Shráid an Droichid.

I gcomhar le Coiste Bailte Slachtmhara Phort Laoise, forbraíodh straitéis maidir le timpealláin chun soilsiúchán, dealbha agus plandú a sholáthar do thimpealláin Chearnóg an Mhargaidh, Fhaiche an Aonaigh, Pháirc O'Moore agus Stáisiún an Gharda Síochána i bPort Laoise.

Sa bhliain 2021, i gcomhar le Coiste Bailte Slachtmhara Phort Laoise, le hIontaobhas Fiadhúlra na hÉireann agus leis an Líonra Náisiúnta Foghlama, chuir Oifig Cheantar Bardasach Phort Laoise Port Laoise chun cinn mar "Baile mór laistigh de ghairdín" trí leathnú a dhéanamh ar phlandú plandaí agus bleibíní pailneoir-bháúla.

### Gníomhú ar son na hAeráide

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2021 maidir le Tionscadal "10,000 Crann do Phort Laoise" a bhí á reáchtáil i gcomhar le Crainn ar an Talamh, le Coiste Bailte Slachtmhara Phort Laoise agus leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Plandaíodh os cionn 6,000 crann nua in Earrach na bliana 2021 sna hionaid seo a leanas:

- Nascbhóthar Chluain Maighneáin, Páirc an Phobail, Cuarbhóthar Theas Phort Laoise agus tailte príobháideacha
- Crainn torthaí ar Ascaill an Athar de Brún agus in Achadh an Chairn

Plandaíodh 6,500 crann eile i mí na Nollag 2021 ar Bhóthar Bhuiríos Mór Osraí, ar Nascbhóthar Chluain Maighneáin, ag CLCG Phort Laoise, in Eastát Cónaitheach Ardbranagh, ag teorainneacha Ionad Mulhall & Kyle, ag Ospidéal N Fionntáin agus i nGairdín an Phobail, Plás O'Moore.

### Proinnspásanna Allamuigh

Sa bhliain 2021, soláthraíodh boird agus saoráidí suite allamuigh sna suíomhanna seo a leanas i bPort Laoise:

- Mearnóg an Mhargaidh,
- Hynes Square,
- An Phríomhshráid,
- Cearnóg an Leastaraigh.



Dearadh forscáth saincheaptha lena chur os cionn an phroinnspáis allamuigh ag Hynes Square agus tá sé le soláthar sa bhliain 2022.

### Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Rinneadh dromchlú bóthair agus oibreacha cosáin agus siltin a chur i gcrích sna háiteanna seo a leana:

- St. Brigid's Place,
- Marian Avenue, Port Laoise.

## Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair & Oibreacha Feabhsaithe Acomhail

Rinneadh oibreacha chun feabhas a chur ar shábháilteacht bhóthair, ar léargas agus ar shábháilteacht tiománaithe a chur i gcrích sna háiteanna seo a leanas: :

- Baile an Ragadaigh agus Ceapach na Seannach, Baile na Coille,
- Caiseal, Baile an Ruáin,
- An Chúil, An Ráithín.

## Scéimeanna maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide agus an Clár Siltin



Rinneadh oibreacha siltin a chur i gcrích sna suíomhanna seo a leanas:

- Woodgrove, Port Laoise,
- Aughnacross, An Spinc,
- Baile Tarsna, Mainistir Laoise,
- Crutt, An Spinc,
- Port Laoise Tuath & an ceantar máguaird (Broomville, Triogue Manor, Summerhill Lane, Coillte Theamhrach), Baile na Coille (Ráth Lis, Droim an Tirialaigh, Iron Mills),
- Dún Másc,
- Maigh Fhada.

Ba é a bhí i gceist leis na hoibreacha ná tóchair nua a chur in ionad draenacha a bhí róbheag agus poill suaite ardchaighdeáin agus sruthchúrsaí oscailte a chur ar fáil agus feabhas a chur ar an ngréasán draenála bóithre.

## Oibreacha Athshlánaithe Droichead

Rinneadh oibreacha suntasacha athshlánaithe droichid ar Sheeran's Bridge, Colt. Rinneadh deisiúchán saoirseachta agus athphointeáil ar uchtbhallaí, ar theanntaí agus ar bhallaí coinneála a chur i gcrích. Deisíodh an droichead trí úsáid a bhaint as teicníochtaí traidisiúnta agus baill foirne de chuid Chomhairle Chontae Laoise a rinne na hoibreacha go léir.





Rinneadh an conradh le haghaidh athsholáthar buan Dhroichead Shráid an Droichid i bPort Laoise a bhronnadh sa bhliain 2021 agus tá tús le cur leis an obair sa bhliain 2022.

## Moilliú Tráchta

Rinneadh oibreacha moillithe tráchta i roinnt suíomhanna i Limistéar Cheantar Bardasach Phort Laoise. Bhain formhór na n-oibreacha sin le suiteáil rampaí moillithe tráchta i limistéir chónaithe, lena n-áirítear na limistéir seo a leanas:

- Port Laoise - Market Mews, Woodgrove, Broomville, Eastát Ghleann Bearú, Céide Achadh an Chairn, Béal Fhada Íochtarach, Marian Avenue, Faiche an Aonaigh, Bellingham
- Bóthar Bhaile an Mhuilinn, Mainistir Laoise
- Scoil Náisiúnta Bhaile na Coille

## Gradam na Brataí Glaise

Tugann scéim Ghradam na Brataí Glaise aitheantas agus duaiseanna i leith páirceanna agus spásanna glasa dea-bhainistithe agus leagann sí síos an caighdeán tagarmharcála i ndáil le bainistiú spásanna áineasa allamuigh ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain.

Bronnadh Bratach Ghlas ar Pháirc an Phobail, Port Laoise, sa bhliain 2021 arís.

## Léig Frithbhruscair IBAL 2021

Fuair Port Laoise an 1ú háit i measc 40 baile a measúnaíodh mar chuid de Léig Ghnó na hÉireann i gcoinne Bruscair (Babhta 1). Fuair Port Laoise an dara háit sa bhabhta deiridh moltóireachta agus bhain sé stádas amach mar "Níos Glaine ná Noirm na hEorpa".



## Oibreacha Eile

Cuireann Oifig Bóithre Cheantar Bardasach Phort Laoise taisc eile i gcrích ar bhonn bliantúil, amhail na nithe seo a leanas:

- Cothabháil agus forbairt Pháirc an Phobail agus Pháirc Líneach Triogue,
- Glanadh sráideanna agus bailiú bruscair,
- Marcálacha bóthair a athnuachan,
- Cothabháil, glanadh agus deisiú draenacha,
- Bearradh ciumhaisí ag acomhail ar bhóithre réigiúnacha,
- Speicis lotnaidí ionracha in áiteanna poiblí a rialú,
- Gearradh féir agus rialú fiailí i lár bhaile Phort Laoise,
- Oibreacha Crannliachta i limistéir phoiblí,
- Deisiúcháin ar dhromchlaí bóthair,
- Cothabháil ghinearálta bonneagair, amhail ráillí agus bacainní,
- Fógraí faoi Ghearradh Fálta a sheirbheáil,
- Fógraí Poiblí a eisiúint (lena n-áirítear guaiseacha ar an mbóthar amhail smionagar agus ithir),
- taisteal Gníomhach - Seastán rothar a shuiteáil i gCearnóg an Leastaraigh, i gCearnóg an Mhargaidh, ar an bPríomhshráid agus i bPáirc an Phobail.





## Ceantar Bardasach Graiguecullen-Chúil an tSúdaire (An Ceantar Oirthearach)

Sa Cheantar Oirthearach, chuir Restoration Improvement Works fad iomlán 12.2km de dhromchlú bóthair (Neartú) i gcrích sa bhliain 2021.

Chuir Restoration Improvement Works fad iomlán 17.6 km de dhromchlú bóthair i gcrích faoi Scéimeanna Feabhsúcháin Athbhunaithe (Cóiriú Dromchla) sa bhliain 2021.

Rinneadh oibreacha athshlánaithe droichead ar roinnt droichead, go háirithe na droichid seo a leanas:

- Droichead Mhaigh Eanaigh (L39305): Is é a bhí i gceist leis sin ná atógáil iomlán an droichid, lena n-áirítear áirse saoirseacht, teanntaí agus athbhunú bóthair.
- Droichead an Rois Mhóir/ Bhaile na Tiobraide (L7918): Mar chuid de scóip na n-oibreacha, áiríodh fad uchtbhalla agus balla sciatháin dhamáistithe a thabhairt chun bealaigh agus atógáil na coda sin den uchtbhalla agus den bhalla sciatháin.
- Droichead Ioma/Kennels Cross (R419): Is é a bhí i gceist leis sin ná atógáil cuid d'áirse, de bhalla agus d'uchtbhalla scoilte. Soláthraíodh armúr carraige freisin síos an sruth ó chlaí an droichid chun sciúradh ionchasach an déanmhais a chosc.

Cuireadh Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta i gcrích i gCúil an tSúdaire ag an acomhal an R419 idir Bóthar Phort Laoise agus Sráid Foxcroft gar don seanstáisiún dóiteáin. I measc na n-oibreacha sin áiríodh athailíniú na ciumhaise/an chosáin ar an gcoradh géar agus dromchlú bóthair.

Cuireadh oibreacha feabhsaithe sábháilteachta i gcrích freisin ag an gcrosbhóthar atá tadhlach le Treacy's, An Fraoch Mór (acomhal an R445 agus an L7812) agus ag crosbhóthar Bhaile an Chaisleáin (acomhal an L3978 agus an L7980).

Rinneadh sé fhad de róid a dhromchlú faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil:

- Páirc Ioma, Ioma
- Áth an Mhuilinn, Coill Mhaolruanaidh
- An Sceachánach, Baile Uí Laigheanáin
- An Cillín, Maigh Géine
- Baile Mhadóg, An Sráidbhaile
- Cloch Ghrianáin

Cuireadh oibreacha suntasacha draenála bóthair i gcrích ar fud an Cheantair Bhardasaigh sa bhliain 2021:

- Bóthar an Ráithín, Baile Uí Laigheanáin (chun seanfhadhb maidir le tuiliú a réiteach),
- Móin Iúir (píopaí draenála a shuiteáil san abhainn),
- Melbourne Lane, Log an Churraigh (tóchar mór-thrastomhais a shuiteáil le haghaidh srutháin i gciumhais áit,
- Bóthar na Cloiche, An Eala (gáitéir a ardú ar ród),
- Baile na Tiobraide, Cill Uisean (píopaí draenach oscailte i gciumhais),
- Coolane (tóchar nua trasnaithe bóthair a thógáil áit ar thit seantóchar as a chéile),
- An Cillín (draenáil nua bóthair a shuiteáil ar shruthán),
- Cúil an tSúdaire agus an Sráidbhaile (scairdeáil draenála bóthair).

Cuireadh oibreacha draenála i gcrích freisin i mBaile Mhadóg agus i gCúil na Baice faoi leithroinnt na bliana i leith Oibreacha Oiriúnaithe Aeráide agus Athléimneachta.

Faoin Scéimeanna Athnuachana Bailte & Sráidbhailte, fuarthas suíocháin nua, araidí bruscair, soithí plandaí agus clár faisnéise do thurasóirí sa Sráidbhaile. Fuarthas suíocháin nua, mullaird chosáin, soithí plandaí agus clár faisnéise do thurasóirí i gCúil an tSúdaire. I gcomhairle le Coiste Bailte Slachtmhara Chúil an tSúdaire, ordaíodh araidí comhdhlúthaithe grianfhuinnimh

freisin agus táthar ag súil go seachadfar iad go luath sa bhliain 2022.

Sa bhliain 2020, rinneadh Clár Cothabhála Abhann 5 bliana a fhorbairt le hoibreacha siltin na Bearú. Sa bhliain 2021, cuireadh na hoibreacha cothabhála abhann seo a leanas a chur i gcrích faoin gClár seo:

- Fásra agus siolta a thabhairt chun bealaigh ó Abhainn na Bearú idir Abhainn an tSráidbhaile agus An Rí (800m),
- Fásra agus siolta a thabhairt chun bealaigh ó Abhainn na Bearú idir Béilinn agus mótarbhealach an M7 (2,300m),
- Fásra agus siolta a thabhairt chun bealaigh ón Trióg idir Poles Bridge agus Abhainn an tSráidbhaile (500m),
- Fásra a thabhairt chun bealaigh ó Abhainn an tSráidbhaile idir an Sráidbhaile agus Droichead na nGarrán (3.2km).

Cuireadh oibreacha deisithe agus tógála cosáin i gcrích sa bhliain 2021 ar fud Cheantar Bardasach Graiguecullen/Chúil an tSúdaire. Seo a leanas cuid de na tionscadail chosáin is mó a bhí i gceist:

### An Sráidbhaile

- Bóthar Bhaile an Bhiocáire

Faoin Scéim Bonneagair Allamuigh Breise, rinneadh limistéar pabháilte agus trasrian do choisithe a thógáil tadhlach le Leabharlann/hIonad Ealaíon an tSráidbhaile.

Ina theannta sin, suiteáladh raon beart moillithe tráchta ar fud an Cheantair Bhardasaigh sa bhliain 2021, lena n-áirítear rampaí moillithe luais, radar luais, trasriain do choisithe, comharthaíocht bhóthair agus marcálacha bóthair.

### Cúil an tSúdaire:

- An Phríomhshráid (an dá thaobh) ó Bhanc na hÉireann go Cearnóg an Mhargaidh,
- Sráid Foxcroft,
- An Nascbhóthar,
- Bóthar Éadan Doire (cuireadh codanna den obair i gcrích ar an dá thaobh den R419) go Cnoc Mhuire – maoiníodh an obair sin faoi leithroinnt na bliana 2021 do Thaisteal Gníomhach,
- Cosán agus Rian Rothair Bhóthar na Canálach.

## Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí/Mhóinteach Mílic (An Ceantar Iartharach)

### Cothabháil Bóithre

Sa Cheantar Iartharach, cuireadh fad iomlán 18 km de dhromchlú bóthair i gcrích faoi Scéimeanna Oibreacha Feabhsúcháin Athbhunaithe (Neartú) sa bhliain 2020. Chuir Restoration Improvement Works fad iomlán 19km de dhromchlú bóthair i gcrích (Cóiriú Dromchla).

### Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Rinneadh dromchlú bóthair agus oibreacha cosáin agus siltin a chur i gcrích sna háiteanna seo a leanas:

- Reilig N Fearghal, Baile Colla,
- Ardán N Iósaif, Móinteach Mílic,
- An Cillín, Camros
- An Ráithín Liath, An Chúlchoill,

- Cúirt Osraí, Buiríos Mór Osraí.

## Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil

Cuireadh dromchlú bóthair agus oibreacha siltin i gcrích sna háiteanna seo a leanas:

- Derry House, Ros Fhionnghlaise,
- Crannach, Maighean Rátha,
- Codach, Baile an Chaisleáin,
- An Ghléib, Cúil Ruáin
- Codach Theas, Baile Colla,
- Knockiel, Ráth Domhnaigh,
- Caolach, An Paidhc.

## Siltean Abhann

Cuireadh oibreacha siltin abhann i gcrích sna háiteanna seo a leanas:

- Fásra a thabhairt chun bealaigh ón mBearú idir Droichead Borness agus Droichead Phort na hInse.
- Cuireadh oibreacha i gcrích chun siolta a thabhairt chun bealaigh ó Abhainn Easa idir Droichead an Chlochair agus Droichead Borness.
- Barraí gairbhéil faoi Dhroichead an Bhaile Ghaelaigh agus faoi Dhroichead an Chlochair i Móinteach Mílic a thabhairt chun bealaigh.

## **Oibreacha Athshlánaithe Droichead**

### Droichead Bhorracháin, Eiréil

Shocraigh dúshraith Dhroichead Bhorracháin mar thoradh ar sciúradh a bhí ina chúis le titim pháirteach an dá aghaidh. Rinneadh oibreacha deisithe ar na teanntaí, ar na hascaillí stua agus ar an áirse bhairilleach chun iomláine struchtúrach an déanmhais a athbhunú.

### R421 - Droichead Contae - Cluain na Slí

Tá an droichead seo suite ar theorainn Laoise/Uíbh Fhailí i mbaile fearainn Gharraí Hoidir, Cluain na Slí. Cuireadh oibreacha suntasacha athbhunaithe i gcrích a raibh atógáil uchtbhallaí agus deisiúcháin saoirseachta i gceist leo. De bhreis air sin, athphointeáladh aghaidh an droichid. Deisíodh an droichead trí úsáid a bhaint as teicníochtaí traidisiúnta agus baill foirne de chuid Chomhairle Chontae Laoise a rinne na hoibreacha go léir.

### R423 - Droichead na Dubhabhann, Móinteach Mílic

Go luath sa bhliain 2021, thit uchtbhalla Dhroichead na Dubhabhann a fhéachann síos an sruth. Ghníomhaigh baill foirne dár gcuid féin chun na codanna lochtacha den uchtbhalla a scartáil agus chun iad a atógáil trí úsáid a bhaint as clocha agus moirtéal aoil tarrthálais. Cuireadh scafall in airde ar na haghaidheanna den droichead a fhéachann suas agus síos an abhainn chun tabhairt chun bealaí fásra ón droichead a éascú. Bhíothas in ann foirceann an uchtbhalla a shraonadh ón trácht a thagann ina threo rud a fhágfaidh go mbeidh an droichead níos sábháilte d'úsáideoirí uile an bhóthair.

De bhreis ar na droichid a luaitear thuas, dheisigh baill foirne de chuid Chomhairle Chontae Laoise roinnt droichead eile

freisin, lena n-áirítear Droichead Thigh na hInse, Tóchar Chaisil agus Droichead Sheeren.

## An Clár Siltin

Cuireadh Scéimeanna Siltin i gcrích i suíomhanna áirithe ar fud an Cheantair Bhardasaigh sa bhliain 2021 lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- An Goirtín, Baile Colla,
- Bóthar Thulach Mhór, Cluain na Slí
- Ceapach Nialláin, Darú
- Ráth Chofaigh, Ros Fhionnghlaise,
- Knockiel. Ráth Domhnaigh.

Ba é a bhí i gceist leis na hoibreacha ná tóchair nua a chur in ionad draenacha róbheag agus poill suaite ardchaighdeáin agus sruthchúrsaí oscailte a chur ar fáil ar mhaithe lena chinntiú go mbeadh an gréasán bóithre saor ó uisce dromchla.

## An Deontas i gcomhair Oiriúnú don Athrú Aeráide

Maoiníodh na scéimeanna seo a leanas faoin Deontas i gcomhair Oiriúnú don Athrú Aeráide:

- Oibreacha cobhsaithe claífoirt ag Cros Bhaile an Chearda, Camros,
- Oibreacha siltin i Leacach Mór, Cill Aichidh,
- Modhnuithe ar an bpabháil ar Pound Street, Ráth Domhnaigh, chun tuiliú a chosc ar Shráid an Mhuilinn.

## Oibreacha Cosáin

Rinneadh oibreacha feabhsaithe cosáin sa bhliain 2021 sna suíomhanna seo a leanas:

- Bóthar Dhoire, Darú,
- An Fhoraois, Maighean Rátha,
- Ardán N Iósaif, Móinteach Mílic
- Sráidbhaile Bhaile Colla,
- Fadú an chosáin san Fhoraois, Maighean Rátha,



- Binse Rothaíochta Cliste i gCluain na Slí,
- Binse Rothaíochta Cliste i Maighean Rátha.

- Cuireadh tús le páirceáil am-theorannaithe i Maighean Rátha i mí na Nollag 2021. Chun an pháirceáil sin a éascú, cuireadh feabhas ar an gcarrchlós poiblí ag Banc na hÉireann trína athdhromchlú agus trí uasghrádú a dhéanamh ar an soilsiúchán poiblí. Chosain na hoibreacha sin €65,000 a maoiníodh faoi scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair i leith Thionscadail Feabhsaithe an Fhearainn Phoiblí 2021.



- Soláthraíodh maoiniúchán €19,364 faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh chun feabhas a chur ar an raon siúil atá ann i mBuiríos Mór Osraí.



## Tionscadail Taistil Ghníomhaigh/an Údaráis Náisiúnta Iompair

Fuair Comhairle Chontae Laoise leithroinnt €3.7m ón Údarás Náisiúnta Iompair sa bhliain 2021 chun tionscadail Taistil Ghníomhaigh a chur i gcrích. Is é atá i gceist le Taisteal Gníomhach ná úsáid a bhaint as modhanna iompair nach mór fuinneamh fisiciúil a úsáid ina leith, amhail siúl nó rothaíocht. De ghnáth, baineann tionscadail Taistil Ghníomhaigh le feabhas a chur ar shaoráidí siúil agus rothaíochta.

Sa bhliain 2021, cuireadh tús le roinnt tionscadal mar a leanas:

- Gormbhealach Triogue, Port Laoise, Céim 1,
- Páirceáil Rothar i bPort Laoise,
- Cosán nua ó Chlub CLCG Dhún Másc go Móinteach Mílic,
- Oibreacha feabhsaithe cosáin ar an R419, Bóthar Éadan Doire, Cúil an tSúdaire,
- Trasrian do choisithe ag Summerhill Lane, Port Laoise.

Sa bhliain 2021, cuireadh tús le hobair dhearthóireachta freisin i ndáil le tionscadail eile Taistil Ghníomhaigh agus táthar ag súil le roinnt acu a chríochnú sa bhliain 2022:

- Feabhsúcháin ar Ascaill an Athar de Brún, Port Laoise, ar mhaithe le hÚsáideoirí Bóthair Leochaileacha,
- Feabhsúcháin sábháilteachta d'Úsáideoirí Bóthair Leochaileacha i bPort Laoise,
- Cosán nua agus trasrian do choisithe i Ráth Liag, Port Laoise, chun an N80 a nascadh le Club CLCG Phort Laoise,
- Cosán nua i mBaile an Ruáin ón mbunscoil go dtí Club an CLCG,
- Cosán nua agus trasrian do choisithe sa Sráidbhalie ar an N80 go dtí an reilig,
- Cosán nua i mBaile na Coille ón R432 go dtí an linn snámha

## Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020 PCSI

Rátálacha san Innéacs maidir Riocht Dromchlaí Pabhála (PSCI)

Aicme Bhóthair

| Cineál Bóthair | Rátáil 1— 4 | Rátáil 5— 6 | Rátáil 7 — 8 | Rátáil 9 — 10 |
|---|---|---|---|---|
| A) Réigiúnach | 17.8% | 5.4% | 63.7% | 13 |
| B) Príomhbhóthar Áitiúil | 7.00% | 26.1% | 52.1% | 12.1% |
| C) Tánaisteach Áitiúil | 9% | 28.6% | 54.1% | 7.5% |
| D) Treasach Áitiúil | 17.4% | 25.5% | 36.9% | 11.4% |

| | Neartú Bóithre Réigiúnacha | Athshéalú Bóithre Réigiúnacha | Neartú Bóithre Áitiúla | Athshéalú Bóithre Áitiúla |
|---|---|---|---|---|
| Fad | 17.2km | 9.1Km | 23.8km | 29.9km |
| Méid an Caiteachais | €4,715,464 | €501,427 | €3,170,484 | €1,088,813 |

## SEIRBHÍSÍ UISCE

**INNEALTÓIR SINSEARACH GNÍOMHACH:** **Tom O'Carroll**

### Plean Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann 2019 go 2024.

Leanann Uisce Éireann de gach Tionscadal Caipitiúil Seirbhísí Uisce a mhaoiniú. I gcomhar le hUisce Éireann, tá scéimeanna éagsúla curtha i gcrích ag Comhairle Chontae Laoise chun tacú le forbairt shocheacnamaíochta an chontae. Maidir le scéim feabhsaithe Sholáthar Uisce Phort Laoise, rinneadh tobar tollta PW09 ag Cúil Bheannchair a fhorbairt le déanaí agus, faoi láthair, tá sé ar fuireachas lena úsáid más gá. Maidir le Soláthar Uisce Chúil an tSúdaire freisin, tá 2 thobar thollta curtha i ngníomh sa Dúleacht. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i nDarú trí thobar tollta a chur ag obair i nGléasra Cóireála Uisce Fhormaoileach.



### Cláir

Clár Díghalrúcháin/Rialaithe PH - tá deireadh le fógra fiuchta uisce ag Gléasra Cóireála Uisce an Strand, tá próiseas-phromhadh déanta ar an tsuiteáil agus tá an tsuiteáil coimisiúnaithe. Cuireadh tús le hoibreacha sibhialta i nGléasraí Cóireála Uisce Dhoire Gaill, na Cille, Five Wells agus an Locha. Rinneadh dul chun cinn ar oibreacha MEICA i nGléasraí Cóireála Uisce na gCnoc, Dhoire Gaill, an Locha agus Bhaile an Ruáin. Táthar chun tosú ar oibreacha uasghrádúcháin i nGléasraí Cóireála Uisce Dhoire Maol agus Choill Mhinsí go luath sa bhliain 2022. Clár na n-aonad coimeádánaithe - suiteáladh aonad coimeádánaithe UV, mar aon le humar maolaithe, ar an láthair ag Gléasra Cóireála Uisce Aughfeerish agus cuireadh coimisiúnú/tástáil/ promhadh próisis i gcrích. Cuireadh oibreacha uasghrádaithe díghalrúcháin i gcrích freisin. Oibreacha Inraoin faoin gClár Stoirme agus Sloda – Gléasra Cóireála Dramhuisce Bhaile an Chaisleáin: tá sé beartaithe umar nua stoirme a shuiteáil ar an láthair faoi dheireadh na bliana 2022.

### Méadú Acmhainneacht Ghléasra Cóireála Dramhuisce Bhaile an Ruáin

Rinneadh acmhainneacht ghléasra cóireála dramhuisce Bhaile an Ruáin a leathnú ó 600PE go 900PE. Baill foirne de chuid Oibríochtaí Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae Laoise a rinne an obair sin. Tá an tsuiteáil curtha i gcrích anois. Soláthróidh sé sin acmhainneacht le haghaidh scéim tithíochta atá á tógáil ag Rannóg Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise i mBaile an Ruáin agus beidh acmhainneacht ann freisin le haghaidh roinnt forbairtí eile

### Gréasáin Uisce agus Caomhnú Uisce

Cuireadh Oibreacha Feabhsaithe agus Uasghrádaithe an Ghréasáin Uisce i gcrích i bPort Laoise, i gCúil an tSúdaire agus i Móinteach Mílic. Leanadh d'oibreacha 'Deisiú Tosaigh, Aimsigh agus Deisigh' agus Athsholáthar Luaidhe a chur i gcrích ar fud an chontae. Rinneadh dul chun cinn suntasach i gCúil an tSúdaire i dtaca le bainistíocht sceití agus rinne Uisce Éireann roinnt tionscadal eile i bPort Laoise, i gCúil an tSúdaire, sa Sráidbhaile, i Ráth Domhnaigh, i nDarú agus i Mainistir Laoise, lena n-áirítear athshlánú príomhphíopaí agus seirbhísí cúlchlóis, a mhaoiniú trí Phacáiste Dreasachta sa bhliain 2021.

## An tSaotharlann Seirbhísí Uisce

Tá Saotharlann Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae Laoise ina saoráid chreidiúnaithe de chuid Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú agus tá sí deimhnithe faoi chaighdeán idirnáisiúnta ISO 17025:2017. D'éirigh leis an tSaotharlann a stádas creidiúnúcháin a choimeád ar bun, ar stádas é a dheonaigh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú i mí Dheireadh Fómhair 2016. De réir cláir atá ceadaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain 2021, lean baill foirne saotharlainne, ina gcáil mar sheirbhís riachtanach, de thástáil agus de shampláil a dhéanamh ar fud na bliana 2021 trí mheasúnachtaí Covid 19 a dhéanamh ar phleananna i leith córais shábháilte oibre agus ar rioscaí. Tháinig méadú ar an tsampláil ó 3,529 sampla sa bhliain 2020 go 4,076 shampla sa bhliain 2021.

I measc na gcustaiméirí atá ann áirítear Uisce Éireann le haghaidh na soláthar uisce phoiblí agus na scéimeanna dramhuisce go léir i gContae Laoise, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus WPRO le haghaidh tionscadail abhann agus dobharcheantar i Lár na Tíre. De bhreis air sin, déanann an tsaotharlann cláir shamplála agus thástála a chur i gcrích do Roinn Seirbhísí Uisce agus do Roinn Comhshaoil Chomhairle Chontae Laoise.

Tá teagmháil leanúnach ar siúl leis an Oifig Aistrithe Seirbhísí Uisce, le Coiste Uisce an Chumainn Bainisteoirí Contae agus Cathrach agus leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil chun bailchríoch a chur ar an bPlean Gnó le haghaidh chur i bhfeidhm Sheirbhísí Comhroinnte an Ghréasáin Saotharlann Creidiúnaithe Údaráis Áitiúil. Faoin bPlean sin, déanfar an tSaotharlann a fhorbairt ionas go mbeidh sí ina saoráid ar scála réigiúnach a thugann seirbhísí d'údaráis áitiúla eile in aice láimhe. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an líon samplaí, sa ghearrthéarma, ó 4,076 shampla mar atá ann faoi láthair go dtí 9,000 sampla. Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun feabhas a chur ar ár stádas creidiúnúcháin trí leathnú a dhéanamh ar scóip an chreidiúnúcháin agus trí infheistíocht a dhéanamh in ionstraimíocht nua-aoiseach rud a chumasóidh acmhainneacht mhéadaithe anailíseach. I rith na tréimhse 2020-2021, rinneadh infheistíocht chaipitiúil €157,000 in ionstraimíocht..

## An Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019-2021

Is é atá i gcuspóir straitéiseach an Chláir Uisce Tuaithe ná feabhas a chur ar cháilíocht, iontaofacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí uisce a sholáthraítear do chónaitheoirí tuaithe in áiteanna nach bhfuil seirbhísí Uisce Éireann ar fáil iontu. I gcomhar leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil, agus le tacaíocht ó Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, leanadh den obair a bhaineann le tacaíocht airgeadais agus riaracháin, agus le tacaíocht theicniúil, a thabhairt lena chinntiú go ndéantar soláthar uisce, de chineál sábháilte, iontaofa agus dóthanach, a chur ar fáil don daonra tuaithe agus don phobal feirmeoireachta i gContae Laoise i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014, arna leasú, agus, ar an dóigh sin, ar bhealach ina dtugtar cosaint do shláinte phobal Laoise agus ina dtugtar tacaíocht d'fhorbairt shocheacnamaíochta na hearnála talmhaíochta.

Cuireadh moill ar roinnt oibreacha mar thoradh ar shrianta COVID 19 ach rinneadh/críochnaíodh na hoibreacha seo a leanas i rith na bliana 2021

Beart 2 - Comhlíontacht i leith Sláinte Phoiblí

- Grúpscéim Uisce Raithean an Mhanaigh,
- Grúpscéim Uisce an Fhraoigh Mhóir,
- Grúpscéim Uisce Dhoire na Saortha,
- Grúpscéim Uisce Theach na Bearú.

Beart 3 - Feabhsú agus Caomhnú Uisce

- Grúpscéim Uisce Dhoire na Saortha,
- Grúpscéim Uisce Bhaile Colla,
- Grúpscéim Uisce Bhaile Phiocáis.

- Grúpscéim Uisce an Fhraoigh Mhóir,
- Grúpscéim Uisce Eiréil,
- Grúpscéim Uisce na Cúlchoille.

Beart 4 - Grúpscéimeanna Uisce Nua
- Grúpscéim Uisce nua i Shanbo, Buiríos Mór Osraí,
- Grúpscéim Uisce Bhaile an Bhiocáire.

Beart 5 - Grúpscéimeanna Uisce láithreacha a aistriú chuig Uisce Éireann
- Grúpscéim Uisce Dhún Másc,
- Grúpscéim Uisce Mhaigh Fhada,
- Kilbride,
- Ullard,
- An Ráithín.

Beart 6 - Ceangail Uisce agus Dramhuisce Pobail
- Ceangal Dramhuisce Pobail ag Eastát Goodwin

Próiseáladh suim €465,703.67 i bhfoirm íocaíochtaí fóirdheontais do Ghrúpscéimeanna Uisce.
Íocadh €174,189.93 le 39 n-iarratasóir i leith deontais tobair.

## Déanmhais Chontúirteacha agus Áiteanna Contúirteacha

Cothabhálann an t-údarás áitiúil Clár Áiteanna Contúirteacha/Déanmhas Contúirteach agus bhí 14 chomhad oscailte ann sa chlár amhail ar an 31 Nollaig 2021. Tá faireachán á dhéanamh ar na comhaid go léir agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leo. De bharr míreanna áirithe maoine a bheith tréigthe le fada an lá, tá cuid acu á n-atarchur ar mhaithe lena n-imscrúdú agus ar mhaithe le tuarascáil a dhéanamh ina leith.

## Aonaid Leasa

Chuir Comhairle Chontae Laoise agus Uisce Éireann clár píolótach i bhfeidhm sa bhliain 2020 chun aonaid leasa a sholáthar do bhaill foirne. Tá spás oifige, spás cistine, seomra gléasta agus seomra folctha ina bhfuil cithfholcadán ann i ngach aonad. I rith na bliana, soláthraíodh aonaid leasa sna háiteanna seo a leanas:
:
- Gléasra Cóireála Uisce Fhormaoileach
- Gléasra Cóireála Uisce na Cille
- Gléasra Cóireála Dramhuisce Bhaile an Ruáin
- Gléasra Cóireála Dramhuisce Bhaile Uí Laigheanáin
- Gléasra Cóireála Dramhuisce Bhuiríos Mór Osraí
- Gléasra Cóireála Dramhuisce Bhaile na Coille
- Gléasra Cóireála Uisce Dhoire Gaill

## Táscairí Feidhmíochta 2020

| | |
|---|---|
| % de scéimeanna cláraithe a ndearnadh faireachán orthu | 82.61 |

## COMHSHAOL

### INNEALTÓIR SINSEARACH GNÍOMHACH: **Tom O'Carroll**

Is iad príomhaidhmeanna Roinn Comhshaoil na Comhairle forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, bonneagar bainistíochta dramhaíola atá éifeachtúil ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar, Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a chur i bhfeidhm agus córais chuí rialála agus faireacháin a choimeád ar bun le haghaidh cosaint agus rialú truaillithe.

Tá freagracht ar an Rannóg Comhshaoil i ndáil le raon feidhmeanna, idir reachtúil agus neamhreachtúil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Gearáin faoi Chúrsaí Comhshaoil a Bhainistiú
- Dramhaíl a Bhainistiú
- An Comhshaol a Chosaint – Uisce, Aer & Torann
- Bruscar a Bhainistiú – Cosc & Rialú
- Athchúrsáil & Láithreáin Conláiste Chathartha
- Pleanáil
- Bailte Slachtmhara

Gach bliain, mar chuid de ghealltanais agus d'oibleagáidí Chomhairle Chontae Laoise faoi rialacha AE & Stáit, déantar Plean RMCEI (Critéir Íosta atá Molta i leith Iniúchtaí Comhshaoil) a fhorbairt ina leagtar amach cuspóirí Chomhairle Chontae Laoise maidir le cigireacht. Cuimsíonn an RMCEI critéir neamhcheangailteacha maidir le cigireachtaí comhshaoil a phleanáil agus a chur i gcrích, agus maidir le bearta a leanann astu a dhéanamh, agus maidir tuairisciú a dhéanamh faoi na cigireachtaí sin. Is é is cuspóir dó ná comhlíonadh dlí comhshaoil AE a neartú agus rannchuidiú le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú de chineál níos comhsheasmhaí i ngach Ballstát.

### Gearáin faoi Chúrsaí Comhshaoil a Bhainistiú

Oibríonn an Rannóg Comhshaoil Córas Bainistíochta Gearán Comhshaoil agus tá saoráid saor in aisce ann chun bruscar/ dumpáil a thuairisciú. Déantar gearáin a aicmiú agus tarchuirtear iad chuig an bpearsanra cuí lena n-imscrúdú. Seo a leanas miondealú ar na 1,090 ngearán a fuarthas sa bhliain 2021:

| An Cineál Gearáin | Gearáin | An Líon a Imscrúdaíodh | Gníomhach | Réitithe |
|---|---|---|---|---|
| Bruiscar | 184 | 184 | 2 | 182 |
| Feithiclí Tréigthe | 35 | 35 | 2 | 33 |
| Forfheidhmiú i leith Cúrsaí Dramhaíola | 680 | 680 | 22 | 658 |
| Bainistíocht & Bonneagar | 11 | 11 | 0 | 11 |
| Aer | 56 | 56 | 8 | 48 |
| Uisce | 67 | 67 | 4 | 63 |
| Torann | 32 | 32 | 2 | 30 |
| Tréidliacht | 25 | 25 | 3 | 22 |
| Iomlán | 1,090 | 1,090 | 43 | 1,047 |

## Dramhaíl a Bhainistiú

Sa bhliain 2021, lean an Roinn Comhshaoil de bheith ag obair le teaghlaigh chun comhlíonadh Fhodhlíthe Chomhairle Chontae Laoise um Bainistiú Dramhaíola (Stóráil, Tíolacadh & Deighilt Dramhaíola Teaghlaigh & Tráchtála) 2018 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh um Dhramhaíl Bhia (Araidí Donna). Eisíodh litreacha chuig teaghlaigh, agus tugadh cuairteanna ar theaghlaigh sa bhliain 2021, 760 san iomlán, agus tá tuilleadh oibre den sórt sin, mar aon le cigireachtaí tí, le déanamh sa bhliain 2022.

## Forfheidhmiú i leith Cúrsaí Dramhaíola

Tá an Rannóg um Fhorfheidhmiú Dramhaíola tiomanta i leith an comhshaol ardchaighdeáin atá soláthartha aici do mhuintir Chontae Laoise a chothabháil agus a fheabhsú tríd an Reachtaíocht agus na Rialacháin Dramhaíola a fhorfheidhmiú. D'éirigh go maith leis an Rannóg i rith na bliana maidir le gearáin faoi chúrsaí dramhaíola a réiteach agus iad ag obair go dlúth lena comhghleacaithe sa Rannóg Forfheidhmiúcháin Pleanála. Sa bhliain 2021, fuarthas 715 ghearán a raibh baint acu le forfheidhmiú i leith cúrsaí dramhaíola.

Tá freagracht ar an Rannóg Comhshaoil i ndáil le Ceadanna Saoráide Dramhaíola nua agus Deimhnithe Clárúcháin a athbhreithniú agus a eisiúint. Sa bhliain 2021, cláraíodh 11 Chead Saoráide Dramhaíola agus trí Dheimhniú Clárúcháin i gContae Laoise.

D'oibrigh an Rannóg um Fhorfheidhmiú Dramhaíola i gcomhar leis an bPríomhúdarás Réigiúnach um Forfheidhmiú Dramhaíola (WERLA) chun dul i ngleic le tosaíochtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin dramhaíola sa bhliain 2021 agus beidh sí ag díriú ar thosaíochtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin dramhaíola sa bhliain 2022 de réir mar atá ordaithe ag Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre WERLA.

Is iad seo a leanas na Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Dramhaíola don tréimhse 2022 - 2024

- Dul i nGleic le Dramhaíl Neamhdhleathach agus le Láithreáin is Ábhar Imní do Ghníomhaireachtaí Éagsúla
- Dramhaíl Tógála agus Scartála
- Feithiclí Deireadh Ré agus Miotail
- Dramhaíl Teaghlaigh agus Tráchtála
- Tionscnaimh maidir le Freagracht Táirgeoirí agus tosaíochtaí áitiúla

### Oideachas agus Feasacht

Cuireadh roinnt feachtas agus cúrsaí i gcrích trí na meáin shóisialta agus trí fhógraíocht áitiúil faoi chúrsa uaschúrsála troscáin, faoi bhailitheoirí neamhdhleathacha dramhaíola, faoi athchúrsáil, faoi athúsáid agus faoi dhramhaíl bhia.

## Tionscnaimh Frithdhumpála 2021

Cuireadh roinnt tionscadal i gcrích faoin Tionscnamh Frithdhumpála dar teideal *Not in Our Nature* agus fuarthas maoiniúchán ina leith sin ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE). Áiríodh an méid seo a leanas i measc na dtionscnamh:

### A) Bleaist Náisiúnta Fómhair 2021

Bhí an tionscnamh uile-chontae seo dírithe ar thacaíocht do ghrúpaí áitiúla chun dul i mbun glantachán ceantar áitiúil agus cuireadh i gcrích é i gcomhar le Bailte Slachtmhara, le tacaíocht chaoin ó Bhord na Móna.

**B) UAV/Teicneolaíocht UAV/Drón agus Fuaimfheiste**

Tá aiseolas an-dearfach faighte faoin bhfuaimfheiste teachtaireachta (AMD) atá ann i láthair ag Droichead Bruder, Port Laoise, chun stop a chur leis an leibhéal ard dumpála neamhdhleathaí agus tá laghdú tagtha ar an líon teagmhas dumpála neamhdhleathaí sa limistéar sin. Ina theannta sin, cheannaigh an Rannóg Comhshaoil dhá dhrón agus tá oiliúint curtha i gcrích maidir le hoibriú na teicneolaíochta seo.

**C) Maithiúnas i leith Dramhaíl Thoirtiúil**

Rinneadh os cionn 300 tocht agus tuairim is 40 tona de dhramhaíl thoirtiúil teaghlaigh a bhailiú ó roinnt limistéar ina dtarlaíonn leibhéal ard dumpála neamhdhleathaí. Bhí an tionscadal seo dírithe ar shruthanna dramhaíola toirtiúla a thabhairt chun bealaigh sula mbeadh tinte cnámh Oíche Shamhna ann. Ba léir toradh dearfach an tionscadail ós rud é gur lú agus gur shábháilte an líon gníomhaíochtaí Tine Cnámh sna limistéir sin agus ós rud é gur tháinig laghdú ar na teagmhais dumpála neamhdhleathaí i leith rudaí toirtiúla den sórt sin.

**D) Glanadh Limistéir Phortaigh – Portaigh Chluain Eidhneach/Eiréil**

Cuireadh obair i gcrích ar ghlanadh dhá láithreán dumpála neamhdhleathacha mórscála i bPortaigh Chluain Eidhneach & Eiréil.

## Seachtain Ghlantacháin Chontae Laoise

Cé nach rabhthas in ann Seachtain Ghlantacháin Chontae Laoise a sheoladh i mbliana mar gheall ar phaindéim Covid 19, lean an Rannóg Comhshaoil de thacaíocht a thabhairt do Bhailte Slachtmhara, do chónaitheoirí áitiúla agus do ghrúpaí glantacháin chun gléasanna bailithe bruscair, lámhainní, veisteanna ard-infheictheachta agus málaí bruscair a fháil. Bhí idirchaidreamh ann idir foireann na Rannóige Comhshaoil agus na grúpaí sin chun an bruscar a bhailítear a thabhairt chun bealaigh agus a dhiúscairt.

I rith na bliana, cheap na Maoir Bhruscair conraitheoirí, le comhoibriú ó ghrúpaí pobail, agus i gcomhar leis an gComhairle, agus rinneadh **540.78** tona de dhramhaíl a dumpáladh go neamhdhleathach a thabhairt chuig saoráidí údaraithe.

## Cosaint an Chomhshaoil

Pléann an fhoireann um Chosaint an Chomhshaoil le reachtaíocht agus beartas maidir le cáilíocht uisce abhann agus screamhuisce, cáilíocht an aeir agus truailliú ó thorann a chur chun feidhme, de réir mar a bhaineann an reachtaíocht agus an beartas sin le Contae Laoise.

### A) Cáilíocht Uisce

- Measúnaíodh tuairim is 101 Iarratas Pleanála agus gineadh tuarascálacha ar bhearta coiscthe truaillithe uisce
- Faoi alt 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 go 1990, lean an Chomhairle d'fhaireachán a dhéanamh sa bhliain 2021 ar cheadúnais maidir le sceitheadh chun aibhneacha agus chun screamhuisce. Bhí 14 cheadúnas á n-oibriú sa bhliain 2021.
- Chomh maith leis sin, rinne an Chomhairle cigireachta ar umair sheipteacha de réir Phlean Náisiúnta Cigireachta an EPA 2018 – 2021. Córais Chóireála Dramhuisce Tís. Rinneadh 25 chigireacht san iomlán sa bhliain 2021. Eisíodh sé Fhógra Chomhairleacha mar thoradh ar na cigireachtaí sin.
- Fuair Comhairle Chontae Laoise 67 ngearán maidir le cúrsaí uisce sa bhliain 2021 agus tá 4 cinn de na gearáin sin le réiteach fós. Imscrúdaíodh gearáin, agus déileáladh leo, de réir Comhairle maidir le Sláinte Phoiblí agus Shrianta Covid.

- Rinne Comhairle Chontae Laoise idirchaidreamh leis an Rialtas Lárnach, leis an EPA agus le LAWPRO i ndáil leis na Dréacht-Phleananna Bainistíochta Abhantraí 2021-2027 agus i ndáil leis na Dréacht-Treoirlínte Pleanála faoin Treoir maidir leis an gCreat Uisce.

### B) Cáilíocht Aeir




Bhí Ceadúnas Astaíochtaí Aeir amháin gníomhach sa chontae sa bhliain 2021. Fuair Comhairle Chontae Laoise 56 ghearán maidir le cáilíocht an aeir sa bhliain 2021 . Bhain cineál na ngearán sin leis na nithe seo a leanas: fadhbanna maidir le boladh talmhaíochta agus núis deataigh. Rinneadh 60 cigireacht ghuail thoitigh a chur i gcrích sa bhliain 2021. I gcomhar leis an RPA, rinneadh suirbhéireacht Faireacháin Cáilíochta Aeir i mbailte Mhainistir Laoise, Dharú agus na Cúlchoille. Is féidir teacht ar shonraí beo cáilíochta aeir le haghaidh na dtrí stáisiún faireacháin sa chontae (Port Laoise, Maighean Rátha agus Cúirt Ioma) ag www.airquality.ie.

### C) Truailliú ó Thorann

Fuair Comhairle Chontae Laoise 32 ghearán faoi chúrsaí torainn sa bhliain 2021. Ba ghearáin de chineál tís iad cuid de na gearáin sin agus, sna cásanna sin, molann an Chomhairle do chomharsana an fhadhb a phlé eatarthu féin agus teacht ar réiteach comhaontaithe. Bhain gearáin eile le gníomhaíochtaí tráchtála/tionscail sa Chontae.

### Bruscar a Bhainistiú - Cosc & Rialú

Tá 3 Oifigeach lánaimseartha Coiscthe agus Rialaithe Bruscair ag an Comhairle Chontae Laoise.

D'eisigh an Chomhairle 79 bhfógra pionóis sheasta sa bhliain 2021 mar gheall ar sháruithe ar an Acht um Rialú Bruscair, 1997, agus thionscain sí imeachtaí dlíthiúla i ndáil le 5 chas acu sin.

I gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla Bailte Slachtmhara, lainseáil an Rannóg Comhshaol a bhfeachtas i gcoinne Salú ag Madraí le haghaidh Phort Laoise agus an chontae ar fad i bPáirc an Phobail Dé Máirt, an 27 Aibreán 2021. Ba é ab aidhm don fheachtas ná úinéireacht fhreagrach madra a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt d'úinéirí madra salú a madraí a ghlanadh, agus rinneadh an méid sin trí bhíthin clár fógraíochta ilchineálach lenar leagadh béim ar oideachas agus ar fheasacht i measc an phobail agus ar spreagadh a thabhairt an rud ceart a dhéanamh.




Lean an fhoireann de bheith ag obair le grúpaí Bailte Slachtmhara chun Dáileoirí Mutt Mitt a chur ar fáil ar bhealaí siúil móréilimh i gcuid mhór limistéar.

## Líonadh Talún agus Láithreáin Chonláiste Chathartha

Lean an Chomhairle den Limistéar Conláiste Cathartha a bhainistiú agus a oibriú i bPort Laoise. Mar thoradh ar mhéadú na maoirseachta a dhéanann foireann líonta talún, agus na dtreoracha a thugann siad, tá laghdú mór tagtha ar leibhéil an éillithe i dtaca leis na hábhair a bhailítear. Rinneadh roinnt feabhsúchán ar an leagan amach agus ar chomharthaíocht, ar feabhsúcháin iad chun méadú a dhéanamh ar rochtain do dhaoine den phobal a úsáideann an tsaoráid, agus chun méadú a dhéanamh ar fheasacht na ndaoine sin, a chur i gcrích ag an láithreán, chomh maith le saoráid íocaíochtaí cárta dochair/creidmheasa a sholáthar. Tá an faireachán ar fad á dhéanamh ar cheadúnais dramhaíola agus tá sé cothrom le dáta.

Déantar Láithreán Conláiste Cathartha Phort Laoise a oibriú faoi bhainistíocht Athchúrsáil Bhord na Móna. Déanann an Rannóg Comhshaoil cigireachtaí láithreáin go tráthrialta chun a chinntiú go bhfuil leibhéil mhaithe seirbhíse á soláthar.

Ina theannta sin, oibríonn an Chomhairle 42 láithreán 'Fág Anseo' (bainc bhuidéal) ar fud an Chontae agus déantar cothabháil agus faireachán ar na láithreáin sin ar bhonn laethúil.

## Pleanáil

Déanann an Rannóg Comhshaoil meastóireacht ar iarratais a fhaightear ar chead pleanála, ar meastóireacht í a bhaineann le comhlíonadh reachtaíochta comhshaoil agus dea-chleachtais.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna a ndéantar breithniú ina leith de ghnáth i dtaca le cúrsaí comhshaoil de:

- Bainistíocht chuí Dramhaíola ó Thógáil & Scartáil/Ghlanadh Láithreáin
- Pleananna Bainistíochta Cothaitheach
- Bainistíocht Clóis Feirme/An Treoir maidir le Níotráití
- Measúnachtaí Tionchair Torainn
- Oibríochtaí Cairéil
- Gléasraí Díleá Anaeróbaigh

## Comórtas na mBailte Slachtmhara & Grúpaí Pobail:

Lean an Chomhairle den obair a dhéantar i gcomhar le grúpaí pobail chun an contae a choimeád glan agus slachtmhar.

## Gradaim & Gnóthachtálacha sa bhliain 2021:

### A) Bailte Slachtmhara

Ainmníodh Mainistir Laoise mar an baile slachtmhar is lú de chuid na hÉireann le linn ócáid ghiorraithe bhronnta ghradaim na mBailte Slachtmhara san RDS i mí na Samhna 2021.

### B) Léig Frithbhruscair IBAL - Níos Glaine ná Noirm Eorpacha

Bhí Port Laoise sa dara háit sa liosta 40 baile/cathair a ndearnadh suirbhéireacht orthu. Bhí ocht gcinn de na deich láithreán baile a ndearnadh cigireacht orthu sa ghrád is fearr i dtaca le bruscar de (Grád A) i bPort Laoise. Sin an rangú ab airde a fuair Port Laoise riamh agus is é is cúis leis sin an comhoibriú idir Comhairle Chontae Laoise agus pobail agus gnóthaí Phort Laoise.

## Forléargas Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre maidir le hÚsáid Fuinnimh sa bhliain 2021

Is iad na réimsí ina n-úsáidtear an méid is mó fuinnimh i gComhairle Chontae Laoise soilsiúchán poiblí agus foirgnimh. De réir Tuarascáil Bhliantúil SEAI 2021 maidir le Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, tuairiscíodh go raibh sábháil 46.8% déanta ag an gComhairle faoi dheireadh na bliana 2021 i gcomparáid leis an sprioc 33% faoin mbliain 2020.

- Lean an Chomhairle de bheith ag obair mar an príomhúdarás áitiúil i nGníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre. Chuaigh Comhairle Chontae Ros Comáin isteach i nGníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre, rud a d'fhág go raibh ailíniú déanta le CARO Réigiún Lár na Tíre.
- I gcomhréir le IR 425 (2014), comhlánaíodh Deimhnithe Taispeána Fuinnimh le haghaidh foirgnimh a dtugann daoine den phobal cuairt orthu agus ina bhfuil achar urláir os cionn 250m$^2$.
- Ba í Comhairle Chontae Laoise an príomhiarratasóir i leith an Iarratais ar Dheontas ó Chlár na bPobal Is Fearr ó thaobh Fuinnimh de a mhéid a bhaineann le raon tionscadal i Lár na Tíre.
- I measc na dtionscadal Aisfheistithe Tithíochta a ndeachaigh Comhairle Chontae Laoise ina mbun áiríodh aisfheistiú soilsiúchán LED in Áras an Chontae, suiteáil painéal gréine in Ionad fóillíochta Chúil an tSúdaire, uasghrádú BMS le haghaidh Áras an Chontae agus Ionad Fóillíochta Phort Laoise, rudaí a bhí in ionannas sábháil fuinnimh 323,511kWh.
- Lean Comhairle Chontae Laoise dá rannpháirtíocht i gClár Oifig na nOibreacha Poiblí i leith Optamú Cumhachta ag an Obair in Áras an Chontae agus tá sábháil 152,671kWh bainte amach ó bhí an bhunbhliain ann.
- Lean Comhairle Chontae Laoise dá clár athsholáthair soilse sráide agus cuireadh soilse LED in ionad 2,539 solas 'SOX and SON' a bhí ann, is é sin le rá, athsholáthar de bhreis ar na 900 solas a aisfheistíodh sa bhliain 2020. Ba é a bhí sa tsábháil kWh a rinne Contae Laoise ná sábhail thart ar 747,500 kWh sa bhliain 2021.

## Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020

| An líon iomlán teaghlach a raibh seirbhís 3 araide á húsáid acu ar an 31/12/2020 | % de theaghlaigh a raibh seirbhís 3 araide á húsáid acu | An líon iomlán cásanna truaillithe a bhí ina n-ábhar do ghearán i rith na bliana 2020 | An líon iomlán cásanna truaillithe a réitíodh i rith na bliana 2020 | An líon iomlán cásanna truaillithe a bhí ar láimh ar an 31/12/2020 |
|---|---|---|---|---|
| 11,750 | 99.96 | 1,057 | 1,067 | 22 |

| % den limistéar nach bhfuil truaillithe nó atá | % den limistéar beagáinín truaillithe | % den limistéar atá measartha truaillithe | % den limistéar atá truaillithe go mór | % den limistéar atá truaillithe go hollmhór |
|---|---|---|---|---|
| 22 | 75 | 3 | 0 | 0 |

| % de scoileanna a fuair/d'athnuaigh stádas brataí glaise sa dá bhliain go dtí suas go dtí an 31/12/2020 |
|---|
| 45 |

## SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

### OIFIGEACH SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHTA **Jim Bolger**

Rinne paindéim leanúnach Covid 19 difear arís do chur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) na Comhairle. Dá ainneoin sin, dhéileáil an Chomhairle leis an staid sin trí thacú go leanúnach le fostaithe de réir mar ba chuí, is é sin le rá, fostaithe a bhí bainteach le tionscnaimh thacaíochta thúslíne pobail, mar shampla, Córais Shábháilte Oibre/ Measúnachtaí Rioscaí a sholáthar. De bhreis air sin, coimeádadh Plean Freagartha na Comhairle i leith Covid 19 ar bun, ar plean é a chlúdaigh gach gné den phaindéim a mhéid a bhain lenár gcuid cleachtas oibre. Leanadh de chomhairliúchán Covid 19 trí oibriú i gcomhar le hionadaithe Covid 19 a bhí ceaptha ag an gComhairle. De réir mar bhí an Chomhairle ag éirí níos cleachtaithe le déileáil le Covid 19, rinneadh rialuithe agus prótacail a chur i bhfeidhm maidir le daoine a bheith ag teacht faoi lé rioscaí leanúnacha oibríochtúla agus lean an Chomhairle de na cláir chigireachta a chur i gcrích. Cé go ndearnadh dochar do chláir oiliúna ó am go ham i rith na bliana, chomhlíon an Chomhairle a cuid oibleagáidí reachtúla.

### COSAINT SHIBHIALTA LAOISE

Is eagraíocht í Cosaint Shibhialta Laoise atá bunaithe ar dhaoine deonacha agus is cúis bróid dá baill é fónamh mar sheirbhís chúltaca ardchaighdeáin chun tacú leis na príomhghníomhaireachtaí freagartha agus leis an bpobal áitiúil. Tá cuid mhór scileanna ag na hoibrithe deonacha agus is iad seo a leanas na príomhchláir gníomhaíochtaí a chuireann an eagraíocht i bhfeidhm:

- Seirbhís gharchabhrach agus otharcharr a sholáthar
- Scileanna Tarrthála - Tarrtháil uirbeach, cuardach allamuigh i leith daoine atá ar iarraidh; tá Laois i measc na gcontaetha a sholáthraíonn dróin le haghaidh cuardach ón aer
- Comhrac dóiteán - Uisce tuile a chaidéalú agus uisce a sholáthar don phobal
- Cumarsáid Raidió - Ceithre chóras neamhspleácha raidió a oibriú, is é sin, U.H.F., V.H.F., Raidió Banda Mhuirí agus Tetra. Déantar na córais sin a oibriú ónár nAonad Tacaíochta Oibríochtúla speisialaithe.

### SEIRBHÍS DÓITEÁIN & TARRTHÁLA CHONTAE LAOISE

Lean an tSeirbhís Dóiteáin de sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil sna réimsí seo a leanas: Cosc Dóiteáin, Oibríochtaí Briogáide Dóiteáin, Feasacht an Phobail ar Shábháilteacht Dóiteáin agus Pleanáil i leith Móréigeandálaí.

Dhéileáil Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Laoise le **614** theagmhas éigeandála, is é sin le rá, **265** dhóiteán, **239** dteagmhas seirbhíse speisialta agus **110** n-aláram dóiteáin.

Ar mhaithe le caighdeáin trealaimh a fheabhsú, leanadh den chlár athsholáthair agus uasdátaithe trealaimh sa bhliain 2021. Ceannaíodh aonad dí-éillithe sainghaireas análaithe - an chéad cheann riamh in Éirinn - chun feabhas a chur ar shláinte agus ar shábháilteacht ár gcuid comhraiceoirí dóiteáin agus chun forbairt a dhéanamh ar an gcoincheap maidir le "comhraiceoir dóiteáin glan". De bhreis air sin fuarthas gaireas nua análaithe agus dréimirí nua, mar aon le córas leictreonach bainistithe sócmhainní.

Mhaoinigh Comhairle Chontae Laoise clár cuimsitheach athsholáthair le haghaidh trealamh nua cosanta pearsanta (PPE) comhraicthe dóiteáin déanmhasaigh do Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Laoise. Tosaíodh ag úsáid an trealaimh sin den chineál is nua-aimseartha i mBealtaine 2021 chun an chosaint is fearr agus is féidir a chur ar fáil do na comhraiceoirí dóiteáin.




Mar thoradh ar Covid 19, cuireadh clár oiliúna laghdaithe i gcrích rud a rinneadh i gcomhréir le measúnachtaí riosca an-mhionsonraithe agus le hanailís ar riachtanais oiliúna, gan ach oiliúint riachtanach a sholáthar.

Ar mhaithe le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas a fheabhsú do chriúnna dóiteáin, leanadh den chlár Treoirlínte Oibríochtúla Caighdeánacha chun sraith oibríochtaí briogáide dóiteáin a chur i bhfeidhm sa bhliain 2021. De bhreis air sin, cheadaigh an Lucht Bainistíochta Sinsearaí ár gClár Bainistíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa agus athbhreithníodh é 30 uair i rith na bliana.

Fuarthas **73** iarratas ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin agus **53** iarratas ceadúnúcháin agus, chomh maith leis sin, tarchuireadh **103** iarratas pleanála chuig an tseirbhís dóiteáin i rith na bliana.

Ghlac Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Laoise páirt in **88** gcomhairliúchán sábháilteachta dóiteáin le daoine den phobal agus le sainchomhairleoirí sábháilteachta ar fud na bliana 2021. Iarradh ar **1** áitreabh Measúnacht Sábháilteachta Dóiteáin a sholáthar faoi Alt 18(6) de na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003.

Ar an drochuair, b'éigean ár gclár sábháilteachta dóiteáin pobail a chiorrú go mór de bharr shrianta Covid 19. Níorbh fhéidir an Clár Sábháilteachta Dóiteáin do Bhunscoileanna a chur i bhfeidhm, ar clár é eagraítear ar bhonn bliantúil, de ghnáth, do gach dalta 3ú rang ar fud an chontae idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag.

De bhreis air sin, b'éigean ár rannpháirtíocht i Seachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin 2021 a sholáthar ar líne/go fíorúil ós rud é nárbh fhéidir oíche oscailte bhliantúil na stáisiún dóiteáin a óstáil.

Ach bhí ár **nGrúpa Sábháilteachta Dóiteáin Pobail** in ann teachtaireachtaí sábháilteachta a sheachadadh ar phobail trínár Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN), trí Aoisbhá, trí Phobal agus Fiontraíocht, trí Sheirbhísí Leabharlainne, trí Nasc Áitiúil Laoise-Uíbh Fhailí, trí ionadaithe na Seirbhísí Dóiteáin agus trí leas a bhaint as nuachtáin áitiúla, as nuachtlitreacha, as raidió áitiúil agus as ár n-ardáin meán sóisialta chun díriú ar na daoine ba leochailí sa daonra i rith na Seachtaine Sábháilteachta Dóiteáin agus sa tréimhse thart ar Oíche Shamhna. Chuaigh Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Laoise i mbun comhpháirtíochta le Nasc Áitiúil Laoise chun comórtas 'braiteoir dóiteáin sa bhaile' a reáchtáil i nuachtáin áitiúla, ar raidió áitiúil, ar Facebook, ar Twitter agus ar ár láithreán gréasáin ag www.laois.ie, agus ba iad oifigigh de chuid Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Laoise a shuiteáil na braiteoirí dóiteáin i dtithe na mbuaiteoirí.

Ina theannta sin, bhain an Grúpa Sábháilteachta Dóiteáin Pobail úsáid as teachtaireachtaí téacs agus as WhatsApp chun teachtaireachtaí sábháilteachta dóiteáin a chur chuig an oiread daoine sa phobal agus ab fhéidir agus, mar chuid den chóras nua sin, áiríodh na **569** ngrúpa pobail de chuid an PPN.

Uasghrádaíodh na saoráidí ***Bainistíochta Mór-Éigeandálai*** go léir sa bhliain 2021 trí shaoráidí teileachomhdhála a chur ar fáil. Uasdátaíodh gach plean, fophlean agus nós imeachta a rith na bliana.

### Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020

Costas per Capita €52.87

| An meánam ina nóiméid chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i leith dóiteán, i gcás stáisiúin dóiteáin (lánaimseartha) | An meánam ina nóiméid chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin dóiteáin (áirithinte), i gcás teagmhais | An meánam ina nóiméid chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin dóiteáin (lánaimseartha),i gcás na dteagmhas éigeandála go léir eile (neamhdhóiteán) | An meánam ina nóiméid chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin dóiteáin (áirithinte) i gcás na dteagmhas éigeandála go léir eile (neamhdhóiteán)) |
|---|---|---|---|
| N/A | 5.55 | N/A | 5.30 |

| % de dhóiteáin a ndearnadh freastal orthu den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | % de dhóiteáin a ndearnadh freastal orthu den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | % de dhóiteáin a ndearnadh freastal orthu den chéad uair tar éis 20 nóiméad | % de na teagmhais éigeandála uile eile a ndearnadh freastal orthu den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | % de an teagmhais éigeandála uile eile a ndearnadh freastal orthu den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | % de na teagmhais éigeandála uile eile a ndearnadh freastal orthu den chéad uair chéad uair laistigh tar éis fiche nóiméad |
|---|---|---|---|---|---|
| 34.20 | 52.87 | 12.93 | 34.94 | 54.62 | 10.44 |

## AN COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM THITHÍOCHT, ATHGHINIÚINT AGUS PLEANÁIL

| | |
|---|---|
| **STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ GNÍOMHACH:** | **Angela McEvoy** |
| **INNEALTÓIR SINSEARACH GNÍOMHACH:** | **Trevor Hennessy** |
| **OIFIGEACH SINSEARACH FEIDHMIÚCHÁIN:** | **Georgina Ireland** |
| **OIBRÍ SÓISIALTA SINSEARACH:** | **Fionnuala Daly** |

| **Comhaltaí** | **Earnáil** |
|---|---|
| *An Comhairleoir Thomasina Connell (Cathaoirleach)* | *Michael Kelly Jr. (Forbairt/Tógáil)* |
| *An Comhairleoir Mary Sweeney* | *Bobby Fitzpatrick (Gnó/Tráchtáil)* |
| *An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley* | *Michael Cobbe (Pobal/Deonach)* |
| *An Comhairleoir Paschal McEvoy* | *Sheelagh Coyle (Uilechuimsitheacht Shóisialta)* |
| *An Comhairleoir Catherine Fitzgerald* | |

## SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Is é is príomhchuspóir don Rannóg Tithíochta ná a chinntiú go bhfuil caighdeán dóthanach cóiríochta tithíochta ag gach duine dár saoránaigh, ar tithíocht í a oireann dá riachtanais agus, a mhéid is féidir, atá suite i suíomh agus i dtionacht a roghnaíonn siad féin, agus seirbhís fhreagrúil thacúil tithíochta a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil gá acu le cúnamh.

### Buaicphointí i rith na bliana 2021

- Soláthraíodh 108 n-aonad faoi Atógáil Éireann.
- Fuarthas 40 aonad le haghaidh tithíocht shóisialta i suíomhanna éagsúla sa chontae.
- Léasaíodh 22 aonad le haghaidh tithíocht shóisialta i suíomhanna éagsúla sa chontae.
- Soláthraíodh 255 dheontas do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta a bhfuil cónaí orthu sa chontae.
- Ghlac Oifig na dTithe Folmha seilbh ar 12 theach fholmha sa bhliain 2021 agus cuireadh tús le próiseas an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh i leith 8 dteach fholmha eile, ar próiseas é atá ar siúl fós.
- Chuir Contae Laoise tús le haisfheistiú 157 dteach cónaithe mar chuid de thionscnamh píolótach faoin gClár Aisfheistithe Tithíochta i Lár na Tíre. Faoin gclár sin, ní mór rátáil BER 'B2' ar a laghad (nó Coibhéis Chost-Optamach) a bheith bainte amach i leith tithe.

### Tuarascáil ar an gCoiste Beartais Straitéisigh

Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile 5 huaire, is é sin, i bhFeabhra, i Márta, i Meitheamh, i Meán Fómhair agus i mí na Samhna 2021 agus, le linn na gcruinnithe sin, phléigh na Comhaltaí saincheisteanna éagsúla agus thug siad saincheisteanna éagsúla dá n-aire.

### Clár Atógáil Éireann 2018 – 2021

Príomhfheidhm de chuid Chomhairle Chontae Laoise is ea tithíocht a sholáthar. De bhreis ar bhainistíocht a dhéanamh ar thuairim is 2,251 aonad, bhí sé de chúram ar an gComhairle freisin 627 n-aonad nua a sholáthar i rith thréimhse an phlean. Ba é a bhí sa líon iomlán aonad a soláthraíodh faoi dheireadh na bliana 2021 ná 593 ach cuireadh moill le soláthar roinnt aonad mar thoradh ar shrianta Covid 19 thar thréimhse dhá bhliain.

Soláthraíodh na haonaid sin ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear tógáil dhíreach, fáil aonad, aonaid Chuid V, aonaid lándéanta, aonaid a fháil ar léas agus i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHB-anna).




Tá 21 scéim, de chineál tógála dírí agus lándéanta, ar siúl faoi láthair sa Sráidbhaile, i nDarú, i Ráth Domhnaigh, in Eiréil, i Móinteach Mílic, i mBaile an Ruáin, i mBuiríos Mór Osraí, sa Chillín, i mBaile Uí Laigheanáin, sa Dúnán, i mBaile Briotáin, i Maighean Rátha, i gCúil an tSúdaire agus i bPort Laoise agus tá siad á bpróiseáil trí phróiseas Chéim Ceadaithe Caipitil Tithíochta na Roinne.

## Iasacht Tithíochta 'Atógáil Éireann'

Rinneadh Iasacht Tithíochta 'Atógáil Éireann' a thabhairt isteach ar an 1 Feabhra 2018 i ngach údarás áitiúil lena n-áirítear Laois agus tháinig deireadh léi ag deireadh na bliana 2021. Faoin am sin, bhí ceadú faighte i leith 129 nIasacht Tithíochta agus diúltaíodh do 107 gcinn.

## Scéim Iasachta Tithíochta na nÚdarás Áitiúil (LAHL)

Tá Scéim Iasachta Tithíochta na nÚdarás Áitiúil (LAHL) ar fáil ar fud na tíre agus, le héifeacht ón 4 Eanáir 2022, glacann sí ionad scéim Iasachta Tithíochta Atógáil Éireann. Mar an gcéanna le hIasacht Tithíochta 'Atógáil Éireann', bainfidh iarratais le maoin chónaitheach nua nó athláimhe a cheannach agus le tithe féintógtha. Ina theannta sin, áirítear ceannach tithe trí scéimeanna Stáit amhail an Scéim Ceannaigh do Thionóntaí agus an Scéim Tithíochta Incheannaithe.

## An tAcht um Thithíocht Inacmhainne, 2021 agus "Tithíocht do Chách" 2022-2026

Mar thoradh ar fhoilsiú an Achta um Thithíocht Inacmhainne, 2021, "Ciorclán Tithíochta 28/2021 maidir leis an Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021 - Leasuithe ar Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000", agus "Tithíocht do Chách: Plean Tithíochta Nua d'Éirinn" i Meán Fómhair 2021, d'ullmhaigh Comhairle Chontae Laoise Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Tithíochta i ndáil le tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne a chur ar fáil i gContae Laoise sa tréimhse 2022-2026.

Sa phlean sin, leagtar amach na spriocanna bliantúla maidir le soláthar tithíochta nua faoi 'Tithíocht do Chách' thar na chéad 5 bliana eile, de réir mar a shonraigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an 20 Meán Fómhair 2021.

***Spriocanna Bliantúla maidir le Soláthar Tithíochta Sóisialta 2022-2026***

| Bliain | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aonaid | 200 | 79 | 80 | 87 | 88 | 534 |

## An Íocaíocht Chúnaimh Tithíochta (HAP)

Tháinig HAP i bhfeidhm i Laois ar an 1 Nollaig 2016. Bhí 901 tionóntacht gníomhach faoin 31 Nollaig 2021 agus bhí 320 ceann díobh ann mar thoradh ar aistriú ón bhforlíonadh cíosa. Ní mór cigireacht a dhéanamh ar gach maoin HAP laistigh de 8 mí ón tráth a dtugtar an chéad íocaíocht HAP don tiarna talún. Rinneadh 236 chigireacht san iomlán sa bhliain 2021.

Cruthaíodh ról Aimsitheora Áite HAP i mí na Nollag 2018 chun tacú le teaghlaigh gan dídean tionóntacht HAP a fháil. Sa bhliain 2021, fuair 59 dteaghlach gan dídean cóiríocht trí HAP.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Faoi Chlár Cóiríochta Chomhairle Chontae Laoise don Lucht Siúil 2019-2024, leagadh síos sprioc i leith 37 n-aonad gnáth-thithíocht údaráis áitiúil a sholáthar agus tá an sprioc sin bainte amach cheana féin. Ina theannta sin, bhí sprioc ann sa chlár i leith athfheistiú Láithreán Stad Oak Park agus trí bhá breise a chur ar fáil ann. Cuireadh tús le hoibreacha tógála ag Oak Park i mí Eanáir 2022.

## Bainistíocht Eastáit

Feidhm thábhachtach de chuid na Rannóige Tithíochta atá i mBainistíocht Eastáit fós. Chuir an Rannóg Tithíochta raon tacaíochtaí ar fáil do ghrúpaí éagsúla cónaitheoirí, lena n-áirítear deontais a chur ar fáil nuair ba chuí sin

## Plean Straitéiseach Chomhairle Chontae Laoise maidir le Daoine faoi Mhíchumas 2021 – 2026

Glacadh Plean Straitéiseach Chomhairle Chontae Laoise maidir le Daoine faoi Mhíchumas 2021 - 2026 i mí na Nollag 2021. Beidh an Straitéis ina cuid dhílis de na Pleananna Soláthair Tithíochta agus, mar thoradh uirthi, déanfar soláthar cóiríochta do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus tabharfar tacaíocht ina leith sin, trí leas a bhaint as na sásraí soláthair tithíochta cuí go léir.

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean/Cóiríocht Éigeandála

De réir mar ba chuí, lean Comhairle Chontae Laoise de chóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine a láithrigh mar dhaoine gan dídean sa bhliain 2021. Baintear leas as gach sásra soláthair tithíochta le linn a bheith ag féachaint le cóiríocht a fháil do dhaoine a meastar ina leith gur daoine gan dídean iad

Soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise cóiríocht agus tacaíochtaí do dhaoine gan dídean a bhfuil riachtanais chasta acu, agus déantar amhlaidh de réir 'Tús Áite don Tithíocht' - Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme 2022 - 2026. Áiríonn an plean sin sprioc i leith 35 aonad cóiríochta a sholáthar thar thréimhse cúig bliana.

## Deontais Phríobháideacha

Sa bhliain 2021, rinneadh Deontais Phríobháideacha ina raibh suim iomlán €1,294,412 a íoc le haghaidh Scéimeanna Deontais um Oiriúnú Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tríd an maoiniúchán a bhí ar fáil a bhainistiú go héifeachtach, agus d'ainneoin bearta dianghlasála, bhí an Rannóg Tithíochta in ann an scéim a choinneáil ar oscailt le haghaidh na bliana ar fad.

## Measúnú Riachtanas Tithíochta

Rinneadh Measúnú Riachtanas Tithíochta i rith na míonna ó Mheán Fómhair go mí na Samhna 2021 agus cuireadh i gcrích agus ceadaíodh é ar an 19 Samhain 2021. Measúnaíodh 1,725 theaghlach san iomlán. Cháiligh 593 theaghlach le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta ar dháta an Mheasúnaithe Riachtanas Tithíochta, is é sin, an 17 Samhain 2020. Cinneadh nár cháiligh 10 dteaghlach le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta.

## Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Soláthraíonn Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHB) tithíocht shóisialta ar cíos do dhaoine atá liostaithe ar Liosta Tithíochta Laoise agus bainistíonn siad an tithíocht sin.

Tá caidreamh oibre an-dearfach ag an Comhairle Chontae Laoise le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe atá gníomhach sa Chontae.

## Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020

<u>Stoc Tithíochta Sóisialta</u>

| | |
|---|---|
| An líon teaghaisí faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil ar an 01/01/2020 | 2,180 |
| An líon teaghaisí a cuireadh le stoc an Údaráis Áitiúil sa bhliain 2020 (teaghaisí a tógadh nó a fuarthas mar éadáil) | 49 |
| An líon teaghaisí Údaráis Áitiúil a díoladh sa bhliain 2020 | 4 |
| An líon teaghaisí Údaráis Áitiúil a scartáladh sa bhliain 2020 | 0 |
| An líon teaghaisí faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil ar an 31/12/2020 | 2,225 |
| An líon teaghaisí faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil atá le scartáil faoi scéim atá ceadaithe ag RTRÁO | 0 |

<u>Tithe Folmha</u>

| | |
|---|---|
| % den líon iomlán teaghaisí faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil a bhí folamh ar an 31/12/2020 | 2.65 |

<u>An meánam chun athligean a dhéanamh agus an costas; Costas Cothabhála in aghaidh an Aonaid</u>

| | |
|---|---|
| An meánam ón dáta a fhágtar teaghais folamh go dtí an dáta sa bhliain 2020 a tosaíodh tionóntacht nua | 18.61 seachtain |
| An meánchostas (€) maidir leis na teaghaisí a ullmhú lena ligean le tionóntaí nua (€) | 9,576.85 |
| An meánchaiteachas in aghaidh an aonaid sa bhliain 2020 maidir le deisiú agus cothabháil Thithíocht Údaráis Áitiúil (€) | 761.34 |

Cigireachtaí in Earnáil na Tithíochta Príobháidí ar Cíos

| | |
|---|---|
| An líon iomlán tionóntachtaí cláraithe i limistéir an Údaráis Áitiúil ag deireadh mhí an Mheithimh 2020 | 4,621 |
| An líon teaghaisí príobháideacha ar cíos a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2020 | 445 |
| % de theaghaisí a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2020 agus nach raibh i gcomhréir leis na rialacháin chaighdeánacha | 100 |
| An líon teaghaisí comhlíontacha, agus an líon teaghaisí neamhchomhlíontacha, a tháinig chun bheith comhlíontach, i rith na bliana 2020 | 10 |

Aosaigh gan dídean go fadtéarmach

| | |
|---|---|
| An líon aosach i gcóiríocht éigeandála ar daoine gan dídean go fadtéarmach iad mar % den líon iomlán aosach gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana 2020 | 50.00 |

## PLEANÁIL

**APLEANÁLAÍ SINSEARACH GNÍOMHACH:** **David O'Hara**

**PLEANÁLAÍ SINSEARACH FEIDHMIÚCHÁIN:** **Donal Kiely**

Is é cuspóir foriomlán na Roinne Pleanála forálacha na nAchtanna um Pleanáil a chur i bhfeidhm agus bearta tacaíochta cuí a sholáthar chun leas fisiciúil, sóisialta agus geilleagrach an chontae a chur chun cinn ar mhaithe le caighdeáin mhaireachtála a chosaint agus a ardú agus ar mhaithe le deiseanna oibre a chothú agus a chruthú, ag féachaint do phrionsabail na hinbhuanaitheachta.

Is féidir an Roinn Pleanála a mhiondealú ina 5 réimse ar leith:

i) Bainistíocht Forbartha
ii) Pleanáil Chun Cinn
iii) Forfheidhmiúchán Pleanála
iv) Rialú Foirgníochta
v) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

### (i) Bainistíocht Forbartha

Fuarthas 930 iarratas pleanála san iomlán sa bhliain 2021. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh 188 cheann den líon iomlán iarratas sin neamhbhailí sin agus gurbh éigean don iarratasóir iarratas nua a thíolacadh. Ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna le comhaid phleanála a bheith neamhbhailí: fógraí poiblí as dáta nó gan iad a bheith curtha in airde ar an láithreán; ceadanna roimhe a bheith imithe in éag; ainm an ghníomhaire a bheith fágtha ar lár sna léarscáileanna/líníochtaí; gan pointe an tuaiscirt a bheith ar taispeáint ar na léarscáileanna agus gan achair a bheith ar taispeáint ar leagan amach an láithreáin.

### Táscairí Feidhmíochta Áitiúlars 2020

Tugtar miondealú sa tábla seo a leanas ar na hiarratais phleanála bhailí a fuarthas agus ar na cinntí a rinneadh i rith na bliana 2021:

| | |
|---|---|
| An líon iarratas bailí a fuarthas | 742 (Iarratais Bhailí) |
| An líon cinntí a rinneadh | 692(Cinntí a Rinneadh) |
| An líon iarratas ar géilleadh dóibh | 657(Cinntí i leith géilleadh d'iarratais) |
| An líon iarratas ar diúltaíodh dóibh | 35 (Cinntí i leith Diúltú) |
| Iarratais neamhbhailí a seoladh ar ais chuig an iarratasóir | 20.21% (Iarratais Neamhbhailí) |
| Tarchur chuig Oifigí Ceantair (laethanta oibre) | Ráta 14 lá bainte amach |
| An líon iarratas a ndearnadh achomharc chuig an mBord Pleanála ina leith sa bhliain 2021 | 15 iarratas |

## Tionscnaimh Seirbhíse Custaiméara

Sa bhliain 2021, leanadh de bheidh ag scanadh iarratais pleanála de réir mar a fuair an tÚdarás Pleanála iad. Ar fud na bliana 2021, bhí daoine den phobal in ann rochtain a fháil ar gach iarratas pleanála ar líne laistigh de dhá sheachtain ón tráth a fuair an tÚdarás Pleanála iad.

Tionóladh 424 chruinniú réamhphleanála sa bhliain 2021 agus, le linn na gcruinnithe sin, bhí deis ag daoine den phobal cúrsaí pleanála a phlé le pleanálaí roimh iarratas pleanála a thíolacadh. D'fhreastail na pleanálaithe ar an bpobal freisin trí roinnt cruinnithe réamhphleanála a thionól ar an láithreán.

Phróiseáil Comhairle Chontae Laoise 41 n-iarratas Alt 5 sa bhliain 2021.

Leanann an suíomh gréasáin pleanála de bheith ina uirlis fhónta i ndáil le caidreamh leis an bpobal - bhí tuairim is 31,800 amas ann sa bhliain 2021.

## Imeachtaí Allamuigh a Cheadúnú

Is é atá sa sainmhíniú ar imeacht allamuigh ná taibhiúchán a tharlaíonn hiomlán nó go formhór amuigh faoin aer nó i ndéanmhas nach bhfuil díon air nó a bhfuil díon páirteach, sealadach nó intarraingthe air, i bpuball nó i ndéanmhas sealadach dá shamhail agus ab éard atá ann ceol, rince, taispeántais siamsaíochta poiblí nó aon ghníomhaíocht dá samhail. Ceanglaítear ar lucht eagraithe aon imeachtaí den sórt sin ceadúnas a fháil ón Údarás Pleanála i gcásanna ina mbeidh 5,000 duine nó níos mó i láthair ag an imeacht.

Ní raibh aon imeachtaí ann sa bhliain 2021 de bharr Covid 19.

## (ii) Pleanáil Chun Cinn

Tá ról lárnach ag Pleanáil Chun Cinn maidir le forbairt fhisiciúil, gheilleagrach agus shóisialta Chontae Laoise. I bPlean Forbartha Chontae Laoise 2017-2023 soláthraítear an creat straitéiseach agus an comhthéacs beartais ar dá réir a dhéanann an tÚdarás Áitiúil a chinntí pleanála.

### Plean Forbartha Chontae Laoise 2017-2023 a athbhreithniú agus plean nua don tréimhse 2027-2023 a ullmhú

Cuireadh Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Laoise ar taispeáint go poiblí ón 12 Eanáir 2021 go dtí an 23 Márta 2021. Fuair an tÚdarás Pleanála 154 aighneacht i rith na tréimhse sin.

Scaipeadh an 2ú Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach ar na Comhairleoirí ar an 22 Meitheamh 2021 le go ndéanfaidís breithniú uirthi agus pléadh í le linn Cruinniú Speisialta ar an 1 Meán Fómhair 2021.

Cuireadh na Leasuithe Ábhartha faoi réir comhairliúcháin i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair 2021. Fuarthas 30 aighneacht agus eisíodh an 3ú Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach chuig na Comhairleoirí ar an 17 Samhain 2021.

Bhreithnigh na Comhairleoirí an tuarascáil sin ag Cruinniú Speisialta ar an 25 Eanáir 2022 agus bhí sé beartaithe ag an Údarás Pleanála an plean a ghlacadh agus a thabhairt i bhfeidhm go luath sa bhliain 2022.

## Forbairt Údaráis Áitiúil (tionscadail Chuid)

Ullmhaíodh tuarascálacha pleanála le haghaidh na dtionscadal Údaráis Áitiúil (Cuid 8) seo a leanas agus cheadaigh an Chomhairle na tionscadail sin i rith na bliana 2021:

1. An Stáisiún Dóiteáin, an Sráidbhaile
2. Feabhsuithe Bóthair i Mainistir Laoise

## Pleanáil Ceantair Áitiúil

### Tailte Bhóthar an tSráidbhaile - Máistirphlean

Fostaíodh sainchomhairleoirí chun máistirphlean a ullmhú le haghaidh thalamh Tyrrell ar Bhóthar an tSráidbhaile, Port Laoise, chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí tithíochta, áineasa agus taitneamhachta agus ar nascacht le húsáidí talún sa cheantar máguaird. Cuireadh Dréacht den Mháistirphlean ar taispeáint go poiblí go dtí an 25 Deireadh Fómhair 2021. Ullmhaíodh tuarascáil faoi na haighneachtaí agus tíolacfar an tuarascáil sin do Cheantar Bardasach Phort Laoise le go dtacófar léi sa bhliain 2022.

### Fís Chúil an tSúdaire/Creat Uirbeach

Cuireadh ullmhú Straitéis Athghiniúna Chúil an tSúdaire i gcrích sa bhliain 2021 i bhfoirm fís/creat uirbeach do Lár an Bhaile a mhéid a bhaineann leis na nithe seo a leanas-

- Úsáidí talún/tréigean agus foirgnimh fholmha
- Cúrsaí Oidhreachta agus foirgnimh oidhreachta - Teach an Mhargaidh
- An fearann poiblí

Tar éis próiseas comhairliúcháin i mBealtaine 2021, glacadh an straitéis le linn cruinnithe de chuid an Cheantair Bhardasaigh i Meán Fómhair 2021.

## (iii) Forfheidhmiúchán Pleanála

De réir na gceanglas reachtúil faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2008, arna leasú, féachann an tÚdarás Pleanála le comhlíontacht a áirithiú i ndáil le ceadanna pleanála agus, ina theannta sin, le forbairt neamhúdaraithe a chosc.

Sa bhliain 2021, lean an Fhoireann Forfheidhmiúcháin den obair chun a chinntiú go ndéanfaí imscrúdú ar aon sárú ar an dlí pleanála agus go ndéanfaí beart leantach ina leith.

D'fhreastail foireann na Comhairle ar an gCúirt 65 huaire sa bhliain 2021 i leith ionchúisimh forfheidhmiúcháin agus, cé go bhfuil roinnt cásanna ar siúl i gcónaí, réitíodh 7 chás go rathúil i rith na bliana 2021. Sheirbheáil an tÚdarás Pleanála 67 bhfógra forfheidhmiúcháin agus 259 litir rabhaidh agus rinne sé imscrúdú ar 143 ghearán, rud a léiríonn an dóigh ghníomhach a dtéann ár Rannóg Forfheidhmiúcháin i ngleic le neamhchomhlíonadh i leith cúrsaí pleanála agus le forbairt neamhúdaraithe.

Fuarthas cúiteamh **€12,660.30** i leith costais forfheidhmiúcháin.

Fuarthas suim **€36,687.17** mar tháillí i ndáil le hiarratais coimeádta bhailí maidir le gníomhartha forfheidhmiúcháin.

## (iv) Láithreáin Thréigthe

Tá a cuid cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, á gcur i bhfeidhm ag an gComhairle agus dírítear ar mhaoin atá liostaithe i gClár na Láithreán Tréigthe. Trí oibriú i gcomhair le húinéirí maoin den sórt sin, táthar ag déileáil le saincheisteanna gan réiteach agus déantar maoin na meastar gur maoin 'tréigthe' í a thuilleadh a bhaint de Chlár na Láithreán Tréigthe.

An Líon Iomlán Comhad a osclaíodh sa bhliain 2021: 26

An Líon Iomlán Comhad a dúnadh mar thoradh ar aghaidh a thabhairt ar thréigean sa bhliain 2021: 11

An Líon Iomlán Comhad: 65

## (v) Láithreáin Fholmha

Ar an 1 Eanáir 2021, bhí 10 láithreán taifeadta ar Chlár na Láithreán Folamh. Bhain siad sin le láithreáin atá suite i bPort Laoise (6), i gCúil an tSúdaire (3) agus sa Ghráig (1). Tá luachálacha faighte i ndáil leis na láithreáin.

## (vi) Rialú Foirgníochta

Déileálann an Rannóg Rialaithe Foirgníochta le gach fógra tosach feidhme a fhaightear agus tugann sí faoi chigireachtaí ar na foirgnimh chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na rialacháin éagsúla maidir le Rialú Foirgníochta.

Sa bhliain 2021, tugadh fógra faoi **553 Fhoirgneamh Nua** don Rannóg Rialaithe Foirgníochta. Rinneadh cigireacht ar 71 foirgnimh san iomlán (ag céimeanna éagsúla den tógáil) - is ionann sin agus ráta cigireachta **12.8%**

## (vii) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe-

Tá freagracht ar Chomhairle Chontae Laoise i ndáil le heastáit a ghlacadh faoi chúram. Sa bhliain 2021, glacadh 5 eastát faoi chúram mar atá leagtha amach sa tábla anseo thíos. San am atá caite, tharla sé sin i gcásanna ina bhfuarthas iarraidh ó fhorbróir an eastáit agus/nó ó úinéirí na dtithe laistigh den eastát. Le blianta beaga anuas, áfach, i gcás inar theip ar an bhforbróir an t-eastát a chríochnú, tá idirghabháil déanta ag Comhairle Chontae Laoise chun an t-eastát a chríochnú agus déantar an obair sin a mhaoiniú, más féidir, trí bhíthin an bhanna. Sa bhliain 2022, leanfar den bheartas sin ar dá réir a dhéileáiltear leis an ábhar trí dhul i dteagmháil leis an bhforbróir agus le sealbhóir an bhanna.

Glacadh na heastáit seo a leanas faoi chúram sa bhliain 2021:

1. Millbrook (Eanáir 2021)
2. Aghnaharna Drive (Eanáir 2021)
3. Gracefield Manor (Eanáir 2021)
4. Court View, an Sráidbhaile (Meán Fómhair 2021)
5. Bellingham, Port Laoise (Meán Fómhair 2021)

Féachann an Roinn Pleanála le hidirchaidreamh a dhéanamh le cónaitheoirí eastát neamhchríochnaithe chun iad a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoin dul chun cinn i leith a gcuid eastát.

## Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020 Foirgnimh nua a ndearnadh iniúchadh orthu

| Foirgnimh Nua a nDearnadh Cigireacht Orthu, mar chéatadán de na foirgnimh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil ina leith | An líon cinntí pleanála údaráis áitiúil a bhí ina n-ábhar d'achomharc chuig an mBord Pleanála agus ar chinn an Bord iad sa bhliain 2020 | % de na cinntí lenar deimhníodh (le hathrú nó gan athrú) an cinneadh a rinne an t-údarás áitiúil |
|---|---|---|
| 16.61 | 6 | 100 |

## Cásanna forfheidhmiúcháin a dúnadh mar chásanna réitithe

| An líon iomlán cásanna pleanála a tarchuireadh chuig an údarás áitiúil, nó a thionscain an t-údarás áitiúil, i rith na bliana 2020, agus ar imscrúdaíodh iad | An líon iomlán cásanna a dúnadh i rith na bliana 2020 | % de chásanna dúnta nó atá faoi urchosc reachta nó ar forbairt dhíolmhaithe atá i gceist leo | % de chásanna dúnta a réitíodh trí chaibidlíochtaí chun sástacht an údaráis áitiúil | % de chásanna dúnta de bharr imeachtaí forfheidhmiúcháin | An líon iomlán cásanna pleanála a bhí á n-imscrúdú amhail ar an 31/12/2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| 94 | 129 | 48.84 | 1.55 | 49.61 | 165 |

## Costas per capita na Seirbhíse Pleanála

| Costas per Capita |
|---|
| €24.95 |

## Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin

| % d'iarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2020 agus a cinneadh laistigh de 2 mhí ón tráth a fuarthas iad | % d'iarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2020 agus a cinneadh laistigh de thréimhse fhadaithe a comhaontaíodh leis an iarratasóir |
|---|---|
| 21.31 | 57.38 |

## OIDHREACHT

### Plean Oidhreachta nua an Chontae

Scríobhadh Straitéis nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta do Chontae Laoise sa bhliain 2021 le cúnamh ó People Place Consulting agus u gcomhar le Fóram Oidhreachta Laoise. Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí agus tar éis moltaí a fháil ón gCoiste Tithíochta agus Pleanála Straitéisí, ghlac Comhairle Chontae Laoise an Straitéis i mí na Nollag 2021. Tá an Straitéis ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae Laoise agus lainseálfar go foirmiúil í go luath sa bhliain 2022.

### Gníomhartha de chuid Phlean Oidhreachta an Chontae

Chuathas i mbun na dtionscadal seo a leanas de chuid Phlean Oidhreachta Laoise le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta i rith na bliana 2021.

#### Imeachtaí Feasachta Oidhreachta

Eagraíodh cláir Feasachta Oidhreachta le haghaidh Sheachtain na Bithéagsúlachta agus Sheachtain na hOidhreachta. Cuireadh tromlach na gclár sin i bhfeidhm ar líne de bharr srianta sláinte poiblí. Rinneadh tochailt seandálaíochta a eagrú do leanaí agus, mar chuid den imeacht sin, bhí seisiúin ann i dTeach Oidhreachta Mhainistir Laoise do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Coimisiúnaíodh sraith scannán faoi Oidhreacht Chontae Laoise agus cuireadh ar taispeáint den chéad uair iad le linn Sheachtain na hOidhreachta - is féidir breathnú ar na scannáin sin ar Chainéal Youtube Oidhreacht Laoise.

Thacaigh Oifigí Oidhreachta Chomhairlí Chontaetha Laoise agus Uíbh Fhailí le podchraoladh nua dar teideal "In Your Name" a bhaineann le héin agus le speicis eile fiadhúlra agus tá an podchraoladh sin íoslódáilte beagnach 30,000 uair anois.

#### Pobail a chur i gceangal lena chéile

Leanadh de thionscadal "Pobail a chur i gceangal lena chéile" sa bhliain 2021 agus leagadh béim ar an láithreán manachúil i dTigh Mochua, go háirithe ar bhainistíocht fásra agus crann ar láithreán luath-Chríostaí Thigh Mochua i gcomhréir le haidhmeanna Phlean Caomhantais Thigh Mochua.

#### Foilseacháin

Bhí an méid seo a leanas ann i measc fhoilseacháin na bliana 2021:

- Cuireadh Céim II den leabhar faoi Dhún Másc i gcrích i gcomhar leis an bhfoilsitheoir Wordwell Books. Foilseofar an leabhar sa bhliain 2022.
- Leagan críochnaitheach Phlean Caomhantais Chosantóir an Dúin (atá le lainseáil go luath sa bhliain 2022)

**Dea-chleachtas a bhunú agus a chur chun cinn i dtaca le bainistiú agus caomhnú na hoidhreachta de.**

Tionscadail de chuid an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta maidir le Bithéagsúlacht

Bogaigh

Cuireadh tús le Suirbhéireacht ar Bhogaigh Laoise sa bhliain 2021. Tá suirbhéireacht deisce Chéim I críochnaithe anois agus déanfar obair allamuigh Chéim II sa bhliain 2022.

Leanadh de thacaíocht a sholáthar le haghaidh taighde agus suirbhéireachtaí éiceolaíochta i ndáil le Portach Mhainistir Laoise agus rinneadh suirbhéireachtaí ar choillearnacha fliucha agus ar chaonaigh.

Garraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta

Rinneadh sraith alt nuachtáin a bhí dírithe ar gharraíodóirí agus a bhain le conas feabhas a chur ar an bhfiadhúlra i ngairdíní daoine a choimisiúnú agus a fhoilsiú i rith na bliana sa Leinster Express.

Foilsíodh leagan Gaeilge den Leabhar Garraíodóireachta ar son na Bithéagsúlachta agus tá sé ar fáil lena íoslódáil ó shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae Laoise.

Méadú feasachta maidir le pailneoirí - Sraith fógrán raidió a craoladh ar Midlands 103 i rith na bliana agus sraith clár speisialta a craoladh ar mhaithe leis an mBithéagsúlacht.

**Tionscadal an Chiste um Aistriú Cóir**

Tá tús curtha ag Comhairlí Chontae Laoise agus Chontae Uíbh Fhailí le mórthionscadal nua trína nasctar caomhnú na hoidhreachta meánaoisí agus an bhithéagsúlacht le chéile. Rinneadh €748,000 a bhronnadh ar an tionscadal trí bliana seo faoi Chiste an Rialtais um Aistriú Cóir, ar ciste é atá dírithe ar thacaíocht a sholáthar le haghaidh tionscadail nuálacha a rannchuidíonn le hinbhuanaitheacht comhshaoil Lár na Tíre agus lena ngabhann acmhainneacht ó thaobh cúrsaí fostaíochta agus fiontraíochta de. Is é atá sa bhuiséad iomlán don tionscadal ná €880,000.

Cuireadh tús leis an tionscadal maidir le Caomhnú agus Pailniú sa bhliain 2021 nuair a ceapadh an Mheitheal Chaomhantais faoi cheannas Howley Hayes Cooney Architects. Déanfar pleananna caomhantais do gach ceann de na 6 láithreán reilige a fhoilsiú go luath sa bhliain 2022. Sa bhliain 2022, cuirfear tús le caomhantas agus bainistíocht saoirseachta, agus pailneoirí á gcur i gcuntas.

**Tionscadail Athghiniúna**

D'oibrigh an Oifig Oidhreachta i gcomhar le rannóga eile de chuid Chomhairle Chontae Laoise agus leis an bpobal ar na tionscadail athghiniúna seo a leanas sa bhliain 2021:

- Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le haghaidh Thigh Mochua (ar siúl i gcónaí). Mar thoradh air sin, déanfar an tIonad Oidhreachta i dTigh Mochua, atá á reáchtáil ag an bpobal, a chaomhnú agus a athfheistiú;
- Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le haghaidh an tSráidbhaile (ar siúl i gcónaí) ina n-áireofar caomhnú oibre cloiche ar an droichead agus suiteáil gnéithe atá báúil do phailneoirí agus do ghabhláin ghaoithe, de bhreis ar feabhsúcháin ar an bhfearann poiblí;
- Ionchur oidhreachta i leith chaomhnú Theach Margaidh stairiúil Chúil an tSúdaire mar chuid de Thionscadal foriomlán Chiste Athnuachana Tuaithe Chúil an tSúdaire.

## Ciste na Séadchomharthaí Pobail

Sa bhliain 2021, leanadh den scéim atá dírithe ar shéadchomharthaí seandálaíochta agus fuair gach ceann de na 6 thionscadal a cuireadh faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniúchán faoin scéim sa bhliain 2021.

I gcomhpháirtíocht le Músaem Chontae Cheatharlach, cuireadh tionscadal breise i gcrích a bhain le caomhnú shamhail uaighe an

| Déanmhas | Iarratasóir | Méid |
|---|---|---|
| Caomhnú Eaglais Chill Abáin | Coiste Láithreán Manachúil Chill Abáin | €31,053 |
| Cill Sheaneaglais Naomh Peadar, Portlaoise | Comhairle Chontae Laoise | €59,525 |
| Eaglais Dysart Enos | Coiste Caomhantais Dysart Enos | €66,407 |
| Eaglais agus Reilig Chill Bhríde | Bailte Slachtmhara Bhaile Cholla | €8,610 |
| An Fraoch | An Dr Eoin Sullivan, Gort Archaeology | €22,174 |
| Léirmhíniú Eaglais Chill Abáin | Coiste Láithreán Manachúil Chill Abáin | €11,594 |
| Líon iomlán iarratas faoi CSP - 21 | | €199,363 |

an ridire mheánaoisigh, Robert Hartpole, agus leis an tsamhail sin a thabhairt ar ais go Ceatharlach ó Chúil an tSúdaire..

## An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí

Chláraigh Comhairle Chontae Laoise mar Comhpháirtí Comhairle sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí sa bhliain 2021. Tá gníomhartha a chuir ranna de chuid na Comhairle i gcrích chun aire a thabhairt do phailneoirí san áireamh in athbhreithniú an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar ghníomhartha comhairlí ar fud na tíre i rith na bliana. Tá mionsonraí faoi ghníomhartha Laoise le fáil anois sa tuarascáil bhliantúil faoi ghníomhartha comhairlí ar son Pailneoirí ar tuarascáil í a bhfuil teacht uirthi ag pollinators.ie.



## Feasacht faoi oidhreacht Chontae Laoise a mhéadú agus spreagadh a thabhairt i leith taitneamh a bhaint as oidhreacht Laoise

### Eitleán Phort Laoise agus an Cornal Fitzmaurice



D'oibrigh an Oifig Oidhreachta go dlúth le Coiste Cuimhneacháin an Chornail Fitzmaurice chun filleadh sábháilte Eitleán Phort Laoise a phleanáil agus a chur i gcrích, is é sin le rá, filleadh abhaile go Port Laoise agus eagraíodh imeacht ceiliúrtha i mí Mheán Fómhair in Ionad Ceoil Laoise. Rinneadh scannán gearr faoi theacht abhaile an eitleáin go Port Laoise.

### Cartlann Nuachtán an Chornail Fitzmaurice

Le cabhair ó Mhaoiniúchán Deontais na Comhairle Oidhreachta i leith Oidhreacht Phobail, rinneadh bailiúchán luachmhar nuachtán agus ábhair cartlainne eile, de chineál bunaidh, a bhaineann leis an gcéad eitilt Thrasatlantach Anoir Siar a chaomhnú, a chartlannú agus a scanadh go gairmiúil lena n-uaslódáil chuig Cartlann Dhigiteach Laoise.

## Tionscadal Mhainistir Laoise maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Idir Meán Fómhair 2020 agus Márta 2021, ba í an Dr Niamh Shaw an Cumarsáidí Eolaíochta Cónaithe i Mainistir Laoise. D'oibrigh Niamh le Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise chun teacht ar bhealaí cruthaitheacha chun daoine den phobal a chur i gceangal le gach gné den athrú aeráide. Cruthaíodh Siúlóid an Ghníomhaithe ar son na hAeráide chun ceiliúradh a dhéanamh ar dheireadh na cónaitheachta sin.

I gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Laoise, Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise agus Midlands Science, fuarthas tacaíocht ó Éire Ildánach Laoise le haghaidh an Tionscadal maidir le Gníomhú ar son na hAeráide mar chuid de Chlár Éire Ildánach (2017-2022). Cruthaíodh an tsiúlóid a bhuí le tacaíocht ó Éire Shláintiúil' ar tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann é agus, chomh maith leis sin, fuarthas maoiniúchán ó Chiste Éire Shláintiúil agus ó Chiste Sláintecare ar maoiniúchán é a chuir Pobal ar fáil agus a ndearnadh Comhairle Chontae Laoise riarachán ina leith. Cruthaíodh léarscáil scéalaíochta le haghaidh na Siúlóide Gníomhaithe ar son na hAeráide i Mainistir Laoise agus is féidir breathnú ar an tsiúlóid ar líne ag https://arcg.is/yDuK9



## Baile Cinn Scríbe Phort Laoise (á mhaoiniú ag Fáilte Éireann)

De bhreis ar an Plean Léirmhíniúcháin agus ar an bPlean Caomhantais i leith Chosantóir Dhún an 16ú haois i bPort Laoise, cuireadh cuid de chiste Fháilte Éireann i gcomhair Bailte Cinn Scríbe ar leataobh chun léirmhíniú ardchaighdeáin maidir le scéal an Dúin, agus maidir leis na daoine a bhain leis, a dhearadh agus a shuiteáil. Agus sinn ag obair i gcomhar le rannóga eile de chuid Chomhairle Chontae Laoise agus le baill Chumainn Oidhreachta Laoise, tá an t-ábhar scríofa agus deartha anois agus tá sé beartaithe go gcuirfear an tsuiteáil i gcrích sa bhliain 2022.

## Tionscadail Éire Ildánach

- Chuir Scoil Oidhreachta Laoise cúrsa ar líne dar teideal "Bíodh Eolas Agat ar Do Cheantar Áitiúil" ar fáil thar ceann Oifig Oidhreachta Laoise, le tacaíocht ó Éire Ildánach Laoise.



- I gcomhpháirtíocht le Seirbhís Leabharlainne Laoise, cuireadh tús le hobair ar chartlannú bhailiúchán Ronnie

Mathews agus fuarthas tacaíocht ó Éire Ildánach Laoise ina leith sin.

## Caomhantas

Sa bhliain 2021, reáchtáil Comhairle Chontae Laoise dhá scéim deontais (do Dhéanmhais Chosanta) maidir le hoidhreacht ailtireachta agus fuarthas maoiniúchán lena aghaidh sin ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

### An Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Fhoirgnithe 2021

Tá an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Fhoirgnithe dírithe ar thionscadail bheagscála diansaothair a bhaineann le caomhnú agus cothabháil déanmhas cosanta. Bronnadh maoiniúchán ar 10 dtionscadal san iomlán ach ní rabhthas in ann leanúint ar aghaidh le dhá cheann acu sa bhliain 2021 de bharr deacrachta maidir le tuíodóirí a aimsiú.

| Uimh Thag an Tionscadail | Déanmhas | Deontas |
|---|---|---|
| BHIS21/LS01 | Halla an tSráidbhaile | €10,775 |
| BHIS21/LS02 | Teach Ceann Tuí, Darú | €12,500 |
| BHIS21/LS03 | Teach Ceann Tuí, Gráig an Eiscire | €3,473 |
| BHIS21/LS06 | Eaglais Naomh Pól, Cúil an tSúdaire | €6,850 |
| BHIS21/LS07 | Teach Ceann Tuí, Baile Thaidhg Dhuibh | €6,000 |
| BHIS21/LS09 | Teach Ceann Tuí, Baile Baodáin | €1,000 |
| BHIS21/LS10 | Teach Ceann Tuí, An Ghráig | €12,250 |
| BHIS21/LS12 | An Fóram, Móinteach Mílic | €12,224.50 |
| Iomlán | | €65,072.50 |

## Ciste na nDéanmhas Stairiúil

Tá ciste na nDéanmhas Stairiúil dírithe ar thionscadail mhórscála agus ar fhoirgnimh lena ngabhann tábhacht phobail. Bhíothas in ann maoiniúchán a aimsiú do na tionscadail seo a leanas sa bhliain 2021:

| Déanmhas | Iarratasóir | Deontas |
|---|---|---|
| Eaglais Eaglais na hÉireann, Lé | Aontas Eaglaisí Chúil an tSúdaire | €50,000 |
| Clochar na Toirbhearta, Port Laoise | Cumann Tithíochta Sophia | €50,000 |
| Iomlán faoi CDS - 21 | Teach Ceann Tuí, Gráig an Eiscire | €100,000 |

## Dearbhuithe Alt 57

Sa bhliain 2021, próiseáladh 9 gcinn de Dhearbhuithe Alt 57 san iomlán i ndáil le hoibreacha ar Dhéanmhais Chosanta i suíomhanna éagsúla ar fud Chontae Laoise.

## LEATHANBHANDA

### Straitéis Dhigiteach Laoise 2020-2024

D'ullmhaigh agus ghlac Comhairle Chontae Laoise a céad Straitéis Dhigiteach sa bhliain 2021. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm na straitéise sin trí bhíthin na dtionscadal seo a leanas: -

### Pointí Ceangail Leathanbhanda

Mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, lainseáil Comhairle Chontae Laoise **Pointí Ceangail Leathanbhanda** i 4 cheantar tuaithe i gContae Laoise.

1. Ionad Pobail Bhaile an Bhiocáire
2. Ionad Pobail "Seanscoil" Ioma
3. Teach Oisín, an Ros Mór, Cill Uisean
4. Teach na mBocht agus an Músaem Talmhaíochta sa Domhnach Mór

Tá dhá cheann breise curtha leis an líon sin agus bhí Ionad Pobail Seangánach Mhór, Teach na Bearú, ar fáil beo i mí Eanáir 2022 agus beidh Ionad Pobail Bhaile an Ruáin ar fáil beo faoi dheireadh Ráithe 2 den bhliain 2022.

Faoi láthair, is saoráidí allamuigh iad sin ar fad i ngach suíomh ach beidh teacht orthu ar an taobh istigh freisin nuair a cheadaíonn Treoirlínte Sláinte Poiblí amhlaidh.

Is suíomhanna poiblí iad Pointí Ceangail Leathanbhanda agus roghnaíodh iad chun nascacht ardluais a fháil sa chéad bhliain sa chéad bhliain den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Is iad na húdaráis áitiúla a roghnaigh na Pointí Ceangail Leathanbhanda agus áiríonn siad ionaid éagsúla amhail hallaí pobail, leabharlanna, saoráidí spóirt, moil fiontraíochta, áiteanna turasóireachta agus spásanna poiblí eile. Is cuid de thionscnamh na bPobal Ceangailte iad.

### WiFi4EU

Is é atá i WiFi4EU ná tionscadal atá forbartha ag an Aontas Eorpach agus é beartaithe chun WiFi saor in aisce a chur ar fáil do phobail áitiúla. Baineann bardasachtaí a dhéanann iarratas ina leith leas as deontas chun baill theo a chur ar bun in ionaid taobh istigh agus taobh amuigh a mbíonn daoine ag tarraingt orthu go minic, amhail cearnóga poiblí, institiúidí cultúir, foirgnimh bhardasacha nó saoráidí sláinte. Is é is aidhm do thionscnamh WiFi4EU ná rochtain ardchaighdeáin ar WiFi a chur ar fáil in áiteanna nach bhfuil an rochtain sin ar fáil iontu fós ach ina mbeadh sí luachmhar í a chur ar fáil don phobal lena mbaineann.

Chuir Comhairle Chontae Laoise tús le soláthar WiFi4EU i bPort Laoise, i gCúil an tSúdaire, i Mainistir Laoise agus i Móinteach Mílic. Reáchtáladh próiseas tairisceana sa bhliain 2021 i leith an tionscadail seo agus coimisiúnaíodh Network Infrastructure Services.chun an tionscadal seo a chur i gcrích. Tá an tionscadal ar siúl faoi láthair agus cuirfear i gcrích sa bhliain 2022.

## BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

**CEANN AIRGEADAIS:** **Gerry Murphy**

**CUNTASÓIR BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS:** **Julie Bergin**

Tá freagracht ar an Roinn Airgeadais i ndáil leis na seirbhísí seo a leanas:

Mótarcháin, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim (Rátaí, Muirir Dhóiteáin, Cíosanna, Iasachtaí, Ranníocaíochtaí Forbartha), NPPR, Iniúchadh Inmheánach, Ullmhú Buiséad Bliantúil agus Ráiteas Airgeadais, Bainistíocht Airgeadais agus gach ní a bhaineann leis an méid sin.

### Rátaí Tráchtála

Ba é a bhí sa Ráta Bliantúil Ginearálta ar Luacháil ná .2217

### Íoc Pras Cuntas

Comhlíonann an Chomhairle téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála).

An líon iomlán íocaíochtaí déanacha os cionn €250: ceann ar bith

### An Scéim um Tharscaoileadh Rátaí Tráchtála 2021

Is i gCiorclán Airgeadais 01/2021, dar dáta an 27 Eanáir 2021, a leagadh amach na treoirlínte don chéad ráithe den bhliain 2021 i leith gnóthaí a rinne srianta phaindéim Covid 19 difear dóibh. Fadaíodh na treoirlínte sin go dtí an tríú ráithe den bhliain 2021.

Is i gCiorclán Airgeadais 20/2021, dar dáta an 21 Deireadh Fómhair 2021, a leagadh amach na treoirlínte don ráithe deiridh den bhliain 2021 i leith gnóthaí a rinne srianta phaindéim Covid 19 difear dóibh. Bhí sé sin dírithe ar tharscaoileadh rátaí tráchtála chun tacú le hearnálacha áirithe agus d'aontaigh an Rialtas é le haghaidh na ráithe deiridh den bhliain 2021.

Rinneadh rátaí tráchtála i leith na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 a tharscaoileadh i gcás na ngnóthaí cáilithe. Chuir Comhairle Chontae Laoise an tarscaoileadh i bhfeidhm maidir le 989 gcuntas rátaí tráchtála ar bhain luach iomlán €3,827,742.92 leo

.

## Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2020

### Achoimre 5 bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim

| | |
|---|---|
| 2016 | €-198,369.00 |
| 2017 | €-128,095.00 |
| 2018 | €-68,333.00 |
| 2019 | €5,009.00 |
| 2020 | €70,614.00 |

### Achoimre 5 bliana ar leibhéil bhailiúcháin mar % le haghaidh mórfhoinsí ioncaim

Figiúirí céatadánacha ar leithligh le haghaidh (a) Rátaí, (b) Cíosanna & Blianachtaí agus (c) Iasachtaí Tithíochta sna blianta 2016, 2017, 2018, 2019 agus 2020

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| Rátaí | 76 | 75 | 76 | 80 | 71 |
| Cíosanna & Blianachtaí | 95 | 96 | 96 | 96 | 93 |
| Iasachtaí Tithíochta | 65 | 68 | 72 | 75 | 72 |

## MOTARCHÁIN

Bailíonn an Chomhairle dleachtanna ceadúnais feithicle laistigh dá limistéar feidhme thar ceann na Roinne Iompair, lena n-áirítear athruithe úsáide, ceadúnais leantóra, leabhair chlárúcháin & plátaí trádála. Ina theannta sin, déileálann baill foirne le nithe nach féidir iad a réiteach ar líne i.e. saincheisteanna a bhaineann le húinéireacht feithicle, le feithicil a fháil, le scor díolúintí, le scaoileadh sonraí de réir an chreata reachtaíochta agus le fiosruithe ad-hoc. Chomh maith leis sin, bainistíonn an rannóg seo an Oifig Airgid Thirim i dtaca le hadmhálacha a bhaineann le cúrsaí airgid an údaráis áitiúil.

Ar fud thréimhse na paindéime, lean an fhoireann de sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá custaiméirí i gContae Laoise - trí sheirbhísí poist agus tríd an mbosca poist taiscthe ar dtús agus le linn leibhéal 5 ach, den chuid is mó, bhí ár gcuntair phoiblí ar oscailt do chustaiméirí agus dianbhearta á gcur i bhfeidhm chun ár gcustaiméirí agus ár mbaill foirne a chosaint. Tharla méadú ollmhór ar an líon fiosruithe teileafóin ach bhí an fhoireann ar fáil chun cúnamh a thabhairt do chustaiméirí maidir lena gceisteanna. Ba é a bhí sa líon iomlán idirbheart ar dhéileáil an oifig seo leo sa bhliain 2021 ná 16,172.

### Ceadúnais Feithiclí

Is ionann an t-ollioncam don bhliain agus €2,609,312.00 agus léiríonn sé sin laghdú €740,318.00 i gcomparáid le €3,349,630 sa bhliain 2020. Bhíothas ag súil leis an laghdú sin ar ioncam mar gheall ar mhéadú ar idirbhearta ar líne agus go háirithe i rith thréimhse na paindéime.

### Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta 2020

| An Céatadán d'Idirbhearta Mótarchánach a Rinneadh Ar Líne |
|---|
| 78% |

## AN RANNÓG BAINISTÍOCHTA MAOINE

Lean an Rannóg Bainistíochta Maoine d'fheidhm bhainistíochta maoine na Comhairle a chomhlíonadh trí chomhordú a dhéanamh ar cheannach, ar dhíol, ar léasú agus ar aistriú maoine. Sa bhliain 2021, d'fhorbair Irish Mapping and GIS Solutions Ltd. Clár nua Bainistíochta Sócmhainní Maoine. Déileálfaidh an córas nua le riachtanais na Comhairle maidir leis na sócmhainní a bhainistiú agus a rialú ó lá go lá agus maidir leis an gClár a Chomhréiteach le Clár na Sócmhainní Dochta in Agresso. Leanfar den obair a bhaineann le clárú talún agus leasanna tithíochta agus le cothabháil Chlár na Sócmhainní Maoine.

## Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2021

| Cuntas Ioncaim | Ollchaiteachas 2021 | Ioncam 2021 | Glanchaiteachas 2021 |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas de réir Rannáin** | € | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 17,231,591 | 17,853,896 | (622,305) |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 23,775,618 | 17,594,741 | 6,180,877 |
| Uisce & Séarachas | 4,440,020 | 4,391,371 | 48,650 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 10,130,917 | 6,568,400 | 3,562,518 |
| Cosaint an Chomhshaoil | 9,235,265 | 2,224,286 | 7,010,979 |
| Áineas & Taitneamhacht | 5,589,332 | 1,215,040 | 4,374,292 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 857,181 | 366,837 | 490,344 |
| Ilghnéitheach | 13,310,552 | 13,042,632 | 267,920 |
| Caiteachas/Ioncam Iomlán | 84,570,476 | 63,257,202 | |

| | |
|---|---|
| Glanchostas na gclár atá le maoiniú ó Rátaí agus ón gCiste Rialtais Áitiúil | 21,313,274 |
| Rátaí | 14,367,844 |
| Tobhach Pinsin | - |
| An Ciste Rialtais Áitiúil - Deontas Cuspóra Ghinearálta | 9,063,079 |
| Barrachas don Bhliain roimh Aistrithe | 2,117,649 |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste | (2,042,989) |
| Barrachas Foriomlán don Bhliain | 74,660 |
| An Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir 2021 | 70,614 |
| An Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig 2021 | 145,274 |

### Cuntas Caipitiúil

| | |
|---|---|
| Iarmhéid ar an01/01/2021 | 8,718,712 |
| Deontais | 24,110,754 |
| Ioncam Eile | 6,768,432 |
| Aistriú ó Ioncam/go hIoncam | 1,456,129 |
| Caiteachas | (31,889,752) |
| Iarmhéid ar an 31/12/2021 | 9,164,275 |

# AIRGEADAS, FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS TURASÓIREACHT

## AN COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM FHIONTRAÍOCHT, FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS TURASÓIREACHT

**CEANN AIRGEADAIS /STIÚRTHÓIR FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA:** **Gerry Murphy**

**CEANN FIONTAR ÁITIÚIL (An Oifig Fiontar Áitiúil):** **Evelyn Reddin**

| Comhaltaí | Earnáil |
|---|---|
| *An Comhairleoir Conor Bergin (Cathaoirleach)* | *Pat Hennessy (Earnáil Talmhaíochta/Feirmeoireachta)* |
| *An Comhairleoir Aisling Moran* | *Pat Culleton (Forbairt/Tógáil)* |
| *An Comhairleoir Seamus McDonald* | *Bernie Everard (Gnó/Tráchtáil)* |
| *An Comhairleoir Aidan Mullins* | *P.J. Phelan (Pobal/Deonach)* |
| | *Deirdre O'Connell Hopkins (Ceardchumann)* |

Tá Aonad Tacaíochta Gnó Chomhairle Chontae Laoise ina phointe lárnach teagmhála le haghaidh gnóthaí láithreacha agus gnóthaí ionchasacha. Tá sé mar aidhm aige timpeallacht ghnó-bháúil a chothú ina dtugtar tacaíocht don fhiontraíocht agus ina gcuirtear Contae Laoise chun cinn ar bhonn náisiúnta agus domhanda mar shuíomh a roghnaítear le haghaidh gnó agus infheistíochta.

Bhí dúshláin ann i gcónaí sa bhliain 2021 mar thoradh ar thionchar uafásach phaindéim Covid 19 ar gach gné de chúrsaí gnó agus ar gach gné den tsochaí. Ghníomhaigh an tAonad Tacaíochta Gnó i leith ghéarchéim Covid trí oibriú go dlúth leis an bpobal gnó agus trí spreagadh a thabhairt dó leas a bhaint as na tacaíochtaí iomchuí a bhí ann dá ngnóthaí. Ceapadh na tacaíochtaí sin chun cabhrú le gnóthaí cobhsaíocht a bhaint amach agus oiriúnú a dhéanamh don staid athraitheach le linn dóibh a bheith i mbun ullmhúcháin i ndáil le téarnamh a dhéanamh. Lean sé de dhíriú ar dheimhin a dhéanamh de go mbeadh gnóthaí Laoise sa riocht is fearr is féidir chun déileáil leis an ngéarchéim sin nach raibh a leithéid ann roimhe sin agus a bhí ag athrú de shíor. Chomh maith leis sin, lean an tAonad de bheith ag obair le gnóthaí a raibh tionchar ag Brexit orthu agus chuir sé raon tacaíochtaí ar fáil chun cabhrú le micrifhiontair ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh na ndúshlán a bheadh ann.

D'ainneoin na ndúshlán sin, ba bhliain an-táirgiúil í an bhliain 2021. Sa bhliain 2021, tháinig méadú suntasach ar an líon rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna, bhí éileamh an-ard ann maidir le meantóireacht agus tháinig méadú ar líon na dtionscnamh agus na dtacaíochtaí gnó go léir ar baineadh leas astu, lena n-áirítear an clár nua dar teideal 'Green for Micro'.

### An Scéim Feabhsaithe Aghaidheanna Foirgnimh - Port Laoise & Cúil an tSúdaire





Sa bhliain 2021, leathnaíodh Scéim Feabhsaithe Aghaidheanna Foirgnimh Phort Laoise chuig Bull Lane, Cearnóg an Leastaraigh agus Lána an Leastaraigh. Tríd an scéim sin, tugadh cúnamh d'úinéirí maoine chun feabhas a chur ar a n-áitreabh tríd an taobh amuigh d'fhoirgnimh thráchtála agus de theaghaisí cónaitheacha a phéinteáil. Ranníoc Comhairle

Chontae Laoise suas go 75% de chostais cheadaithe na n-oibreacha suas go huasmhéid €750. Lainseáladh an Scéim i gCúil an tSúdaire freisin agus rinne 47 n-úinéir maoine ar Shráid Theampall na bhFrancach, ar an bPríomhshráid agus i gCearnóg an Mhargaidh iarratas i leith na scéime.

#### Scéimeanna Dreasachta Gnó

Ba bhliain ghnóthach í an bhliain 2021 agus rinne líon mór gnóthaí iarratas ar an Scéim Deontais le haghaidh Éadanais Siopa agus Inrochtaineachta agus ar an Scéim Dreasachta Gnó. Ceadaíodh 19 ngnó ar fud an chontae i gcomhair Scéim Deontais na nÉadanas Siopa ar scéim í trína dtugtar deis do ghnóthaí aghaidh a siopa a fheabhsú/ a dheisiú. Ina theannta sin, tugann an scéim deis do ghnóthaí cúrsaí rochtana ag an mbealach isteach i siopaí a fheabhsú ar mhaithe le daoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu. Ceadaíodh 2 ghnó eile le haghaidh na Scéime Dreasachta Gnó trína soláthraítear faoiseamh deontais i leith rátaí tráchtála i gcás maoin fholamh cháilithe.

### Feachtas maidir le Tacaíocht do Ghnóthaí Áitiúla

Lean an tAonad Tacaíochta Gnó de bheith ag obair go comhoibríoch le Meitheal Bhaile Phort Laoise agus le mór-gheallsealbhóirí eile chun tacú le gnóthaí Laoise agus chun iad a chur chun cinn. Sa bhliain 2021 tugadh isteach meirgí cuaille solais ar na bealaí go léir isteach i bPort Laoise chun saintréithe an bhaile a chur in iúl do chuairteoirí agus do thurasóirí araon. Seoladh feachtas Nollag chun spreagadh a thabhairt do dhaoine tacú le gnóthaí Laoise ar bhealach sábháilte agus reáchtáladh líon mór margaí Nollag ar fud an Chontae thar thréimhse na Nollag. Leathnaíodh agus feabhsaíodh córas soilsiúcháin agus fuaime sráide i bPort Laoise sa bhliain 2021.

#### Scéim Feabhsaithe na Sráid-Dreach Baile agus Sráidbhaile 2021

Tá an scéim seo dírithe ar thacú le huasghrádú agus le feabhsú aghaidheanna éadanas siopa agus aghaidheanna tithe cónaithe laistigh d'ionaid áirithe de chuid bailte/sráidbhailte tuaithe.

Fuair Comhairle Chontae Laoise leithroinnt €260,000 sa bhliain 2021 le haghaidh na scéime. Is iad Maighean Rátha, Móinteach Mílic, Ráth Domhnaigh, Baile na Coille & Baile Uí Laigheanáin na bailte agus na sráidbhailte a roghnaíodh don scéim seo. Clúdaíonn an scéim áitribh thráchtála, chónaitheacha agus neamháitithe.

Bhí idirchaidreamh ann idir an tAonad Tacaíochta Gnó agus grúpaí gnó agus ionadaithe bailte slachtmhara agus fuarthas 66 iarratas san iomlán i leith na scéime sa bhliain 2021#.

### Páirc Fiontraíochta Náisiúnta J17

Sa bhliain 2021 críochnaíodh na hoibreacha ag Páirc Fiontraíochta Náisiúnta J17 nuair a suiteáladh soilsiúchán poiblí agus, chomh maith leis sin, nuair a críochnaíodh oibreacha ar chosáin agus ar chonairí rothair a cheanglaíonn an pháirc le Páirc Ghnó Chluain Maighneáin. Sa bhliain 2021, díoladh tuilleadh láithreán le cuideachtaí a bhfuil céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Leanfaidh Comhairle Chontae Laoise de thacaíocht a thabhairt do na cuideachtaí sin maidir leis an bpróiseas pleanála agus, ina theannta sin, leanfaidh sí de J17 a mhargadh agus a chur chun cinn i measc cuideachtaí idirnáisiúnta agus cuideachtaí náisiúnta sa bhliain 2022.



## The Cube, Ionad Sármhaitheasa Ísealcharbóin

Leanadh den obair ar The Cube, Ionad Sármhaitheasa Ísealcharbóin, a bheidh suite ar Church Street, Port Laoise. Ón tráth a ceapadh Stiúrthóir an Cube, Niall Kelly, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le bunú líonra ilchineálach comhpháirtithe a bheidh mar bhonn i leith soláthar seirbhísí ag an Cube. Áiríonn sé sin comhoibriú le Coláiste na Tríonóide, le hIonad Taighde Idirnáisiúnta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, le BSL, le Community Power agus le Carbon Action, i measc dreamanna eile. Chuir paindéim Covid isteach ar chríochnú na tógála ach, dá ainneoin sin, cuireadh tús le tógáil sa bhliain 2021 agus meastar go gcuirfear an tógáil i gcrích i mí Aibreáin sa bhliain 2022.

Beidh Cube Phort Laoise ina mhol goir ilphointe i leith Ionad Sármhaitheasa Isealcharbóin a fhorbairt agus tabharfaidh sé cúnamh maidir le cuideachtaí ar spéis leo feidhmiú ar bhonn ísealcharbóin a mhealladh agus a fhorbairt.

## Ag tacú lenár gcliaint

### Deontais Airgeadais

I rith na bliana, chuir an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO), ar cuid den Aonad Tacaíochta Gnó í, cúnamh deontais ar fáil do ghnóthaí cáilithe de chuid Laoise mar chabhair chun costais tosaithe, pleananna leathnaithe gnó, dul isteach i margaí nua agus méadú fostaíochta a mhaoiniú.

Sa bhliain 2021, ceadaíodh cúnamh deontais €405,582 do 18 gcuideachta i gContae Laoise a raibh acmhainneacht acu 55 phost lánaimseartha breise a chruthú.

### Oiliúint

Rinneadh clár oiliúna na hOifige Fiontair Áitiúil a sholáthar go príomha ar líne sa bhliain 2021. San iomlán, soláthraíodh 74 chlár oiliúna agus ghlac 1,153 dhuine páirt iontu. Ina measc sin, áiríodh 12 Chlár 'Tosaigh do Ghnó Féin' do 163 rannpháirtí.

### Meantóireacht

Bainistíodh 291 seisiún meantóireachta idir meantóirí cleachta agus cliantchuideachtaí i réimsí sonracha amhail airgeadas agus meáin shóisialta. Bhain 324 rannpháirtí leas as meantóireacht.

### Dearbháin Trádála ar Líne

Agus í ceaptha chun cabhrú le gnóthaí beaga tuilleadh trádála a dhéanamh ar líne faoin Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, déantar oiliúint agus comhairle, mar aon le cúnamh airgeadais suas go €2,500, a thairiscint do chuideachtaí faoin Scéim Dearbhán Trádála ar Líne. Ceadaíodh 70 dearbhán san iomlán agus b'fhiú €153,747 iad.

### Micro finance Ireland

Soláthraíonn Micro Finance Ireland iasachta beaga trí Chiste Iasachta an Rialtais do Mhicrifhiontair. Is é is aidhm don chiste ná cabhrú le gnóthaí nua-bhunaithe agus le gnóthaí atá i mbun gnó le tamall an t-airgeadas a fháil a bhfuil gá leis le haghaidh a ngnóthais.

De réir comhpháirtíochta idir Micro Finance Ireland agus Oifigí Fiontair Áitiúil. tá iasachtaí gnó sa raon ó €2,000 go €25,000 ar fáil tríd an Oifig Fiontair Áitiúil a thairgeann ráta úis tosaíochta agus solúbthacht i leith théarmaí aisíocaíochta na hiasachta. Le gur féidir iarratas a dhéanamh, ní mór níos lú ná 10 bhfostaí a bheith ann i gcuideachtaí agus ní mór láimhdeachas atá níos lú ná €2m a bheith ann.

Sa bhliain 2021, thug Oifig Fiontair Áitiúil Laoise cúnamh do 10 gcuideachta chun iasachtaí a fháil trí chiste Micro Finance Ireland agus rinneadh socrú chun meantóireacht a chur ar fáil má bhí gá léi.

Sa bhliain 2021, thug Oifig Fiontair Áitiúil Laoise cúnamh do **10** gcuideachta chun iasachtaí a fháil trí chiste Micro Finance Ireland agus rinneadh socrú chun meantóireacht a chur ar fáil má bhí gá léi..

## Clár 'Lean for Micro'

Tá 'Lean for Micro' ceaptha chun spreagadh a thabhairt do chliaint prionsabail na tíosaíochta a ghlacadh ina n-eagraíochtaí ar mhaithe le hiomaíochas a mhéadú. Cuireann an clár seo creat ar fáil ar tríd a shainaithnítear próisis dhiomailteacha, agus chuirtear deireadh le próisis den sórt sin, ar nithe iad sin atá tábhachtach i dtaca le teacht chun bheith iomaíoch, agus chun leanúint de bheith iomaíoch, ó thaobh cúrsaí gnó de.

Sa bhliain 2021, thacaigh Oifig Fiontair Áitiúil Laoise le **10** gcuideachta atá lonnaithe i gContae Laoise chun prionsabail na tíosaíochta a chur i bhfeidhm ina ngnóthaí trí pháirt a ghlacadh i gClár 'LEAN for Micro'.

## Clár 'Green for Micro' Programme

Tá an geilleagar glas á chur chun cinn ag Oifig Fiontair Laoise tríd an gClár 'Green for Micro' a chur i bhfeidhm, ar clár é atá ceaptha chun cabhrú le gnóthaí ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh athruithe a bheith ag teacht chun cinn. Tairgeann clár 'Green for Micro' pacáiste sainchomhairle dhá lá saor in aisce in éineacht le saineolaí neamhspleách sa réimse lena mbaineann agus leagann an saineolaí sin plean ar leith amach do na gnóthaí rannpháirteacha.

GREEN FOR MICRO

Sa bhliain 2021, thacaigh Oifig Fiontair Laoise le **16** ghnó chun páirt a ghlacadh sa chlár 'Green for Micro'. I measc na dtionscadal coitianta a ndeachthas ina mbun áiríodh scrúdú a dhéanamh ar úsáid acmhainní agus ar dheiseanna chun laghdú costas agus astaíochtaí a bhaint amach. Ina theannta sin, bhí tionscadail eile ann a bhain le hanailís ar an lorg carbóin agus le cur i bhfeidhm córas simplí bainistíochta comhshaoil.

## An Clár Forbartha Bainistíochta

Is é an Clár Forbartha Bainistíochta seo an clár is cuimsithí de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil do ghnóthaí beaga i gContae Laoise. Is é is cuspóir don chlár ná a chumasú do chuideachtaí teacht chun bheith cobhsaí, chun bheith réidh le haghaidh fáis agus chun a mbuntáiste iomaíoch a fheabhsú tuilleadh. Baineann an clár seo le húinéirí/bhainisteoirí seanbhunaithe a bhfuil pleanáil á déanamh acu don chéad chéim eile dá dtimthriall gnó. Tá sé dírithe ar ghnóthaí atá i mbun gnó le 3 bliana ar a laghad ionas go bhfuil caighdeán ard ann i measc na rannpháirtithe agus go bhfuil a gcuid riachtanas gnó cosúil lena chéile.


Ghlac 10 ngnó de chuid Chontae Laoise páirt sa chlár seo sa bhliain 2021.

## Tacaíocht i leith Brexit

Leanann an Oifig Fiontair Áitiúil de chúnamh a thabhairt do ghnóthaí beaga a n-imríonn Brexit tionchar orthu. Agus í ag obair i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann, le hÚdaráis Áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile stáit, tairgeann an Oifig Fiontair Áitiúil raon tacaíochtaí chun cabhrú le micrifhiontair agus le gnóthaí beaga ullmhúchán a dhéanamh maidir leis na dúshláin atá ann mar thoradh ar Brexit.

## Comhoibriú le Geallsealbhóirí

### Clár Bia agus Deochanna Lár na Tíre




Chomhoibrigh Oifig Fiontair Áitiúil Laoise le hOifigí Fiontair Áitiúil Lár Tíre Uíbh Fhailí, na hIarmhí agus an Chabháin chun clár cuimsitheach oiliúna agus forbartha a stiúradh ar clár é a bhí dírithe ar 20 gnó nua bia agus deochanna ó áiteanna ar fud lár na tíre. Ina measc sin, bhí 5 chuideachta de chuid Chontae Laoise ann: Seccoto Coffee; The Merry Mill; The Village Dairy; 12 Acres Brewing agus Flavour Safari.

Chuaigh na rannpháirtithe i mbun 5 mhodúl a bhain le Deiseanna Forbartha Bia, Onnmhairí a Fhorbairt, Prionsabail na Tíosaíochta a Thabhairt Isteach, Tionscadail Nua a Cheapadh agus Margaíocht. Ina theannta sin, soláthraíodh clár suntasach meantóireachta duine le duine.

### Clár Bhraisle Innealtóireachta Lár na Tíre dar teideal "Engenuity"

Is tionscnamh comhoibríoch leanúnach de chuid Oifigí Fiontair Áitiúil Lár na Tíre é seo agus baineann sé le forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin innealtóireachta agus le spreagadh a thabhairt i leith foghlaim chomhroinnte agus comhoibriú i measc gnólachtaí innealtóireachta i lár na tíre.

Mar chuid den tionscnamh sin, bhí 4 ghnólacht atá lonnaithe i gContae Laoise páirteach i gComhdháil agus i dTaispeántas Náisiúnta Monaraíochta & Slabhra Soláthair san RDS i gCúirt Shíomóin i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2021.

## Fiontraíocht a Chur Chun Cinn

Chomhordaigh LEO sraith clár agus imeachtaí fiontraíochta chun fiontraíocht a chur chun cinn sna hearnálacha uile agus áiríodh an méid seo a leanas ina measc:


- An tSeachtain Fiontraíochta Áitiúla
  Mar chuid dár dtiomantas leanúnach i leith na fiontraíochta sa chontae, seoladh sraith seimineár daor in aisce i rith na Seachtaine Fiontraíochta Áitiúla sa chéad seachtain de Mhárta agus bhí os cionn 80 fiontraí áitiúil páirteach iontu. De bharr Covid 19, seoladh gach seimineár agus gach imeacht go fíorúil agus bhí roinnt imeachtaí móra náisiúnta ann a raibh fiontraithe de chuid Chontae Laoise in ann a bheith páirteach iontu.

- Na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta
  Ainmníodh Integrileads Ltd chun bheith ina ionadaí thar ceann Laoise le haghaidh Ghradaim Náisiúnta Fiontraíochta 2020/2021. Seoladh an babhta ceannais go fíorúil i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath, ar an 11 Feabhra 2021. Tá Integrileads lonnaithe i mol comhoibre Slieve Bloom HQ agus tairgeann sé seirbhís nuálach socraithe coinní do chuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta san earnáil teicneolaíochta.

- Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan
  Chláraigh fiontraithe baineanna ar fud Chontae Laoise le haghaidh Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan 2021 agus seoladh an t-imeacht go fíorúil ar an 7 Deireadh Fómhair faoin teideal 'Build the Future'. Ba í Áine Kerr a d'óstáil an ócáid agus bhain an clár imeachtaí le conas pleanáil a dhéanamh le haghaidh todhchaí gnó ar leith agus áiríodh ábhair amhail conas gnó a thosú, margaí nua a aimsiú, trádáil éifeachtach ar líne, nuálaíocht, líonrúchán agus clinicí comhairle gnó duine le duine.

## Ag Ullmhú don Todhchaí - Cláir Fiontraíochta do Mhic Léinn

Sa bhliain 2021, gné thábhachtach de cuid obair na hOifige Fiontair Áitiúil ab ea cultúr fiontraíochta a chothú i gContae Laoise agus daoine a spreagadh chun breithniú a dhéanamh i dtaobh na fiontraíochta mar rogha le haghaidh gairmréim inmharthana. Tugann an Oifig Fiontair Áitiúil spreagadh i leith fiontraíocht óige trí Chlár na nGradam le haghaidh Fiontraíocht Mhac Léinn. Ghlac os cionn 300 as 7 scoil dara leibhéal de chuid Laoise i gclár 2020/2021 lena spreagtar do mhic léinn taighde a dhéanamh agus a ngnó féin a chur ar bun agus a reáchtáil le cabhair ó chomhordaitheoir fiontraíochta mac léinn. De bharr phaindéim Covid 19, seoladh na Babhtaí Ceannais Contae agus na Babhtaí Ceannais Náisiúnta go fíorúil. Ba é ionadaí Chontae Laoise sa bhabhta Ceannais Náisiúnta a seoladh i mBealtaine 2021 'O-Glo' ó Scoil Mhuire na mBráithre Críostaí, Post Laoise, agus ghnóthaigh siad an chéad duais in earnáil na hÚsáide Is Éifeachtaí i dtaca le Meáin Shóisialta. Ba iad na mic léinn bhuaiteacha Colm Byrne, Aaron Dooley agus Adam Ramsbottom a bhí ag obair faoi stiúradh a múinteora, Deirdre Moore. Monaraíonn a bhfiontar coinnleoirí de dhéantús baile trí úsáid a bhaint as coincréit dhoirte a bhácáiltear agus a spraephéinteáiltear.



## Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta 2020

| An líon iarratas ar dhearbháin trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Fiontair Áitiúil sa bhliain 2020 in aghaidh an 100,000 duine den daonra | An líon de na dearbháin trádála ar líne sin a tarraingíodh anuas sa bhliain 2020 in aghaidh an 100,000 duine den daonra | An líon rannpháirtithe a fuair meantóireacht ón 01/01/2020 go dtí an 31/12/2020 in aghaidh an 100,000 duine den daonra |
|---|---|---|
| 207.7996 | 63.7567 | 354.2038 |

## TURASÓIREACHT

Sa bhliain 2021, lean Comhairle Chontae Laoise le Laois a chur chun cinn trí thacú le raon tionscnamh, trí oibriú le gníomhaireachtaí stáit agus trí leanúint de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí Bhord Thurasóireacht Laoise.

### Turasóireacht Laoise

Thug an Chomhairle tacaíocht do Bhord Thurasóireacht Laoise sa bhliain 2021 i ndáil lena chuid oibre ar chur chun cinn Chontae Laoise Rinne Turasóireacht Laoise conradh le O'Connell Marketing Consultants chun bheith ag obair leis an mBord ar mhargú agus ar chur chun cinn an chontae. Tá láithreacht láidir ar líne ann trí bhíthin an tsuímh gréasáin nua turasóireachta, agus trí bhíthin cainéil meán sóisialta, a mbaintear úsáid astu chun an contae, agus gach rud a bhaineann leis, a chur chun cinn.

### An Contae a Chur Chun Cinn

Lean an Chomhairle de bheith ag obair le Fáilte Éireann chun Laois a chur chun cinn mar cheann scríbe in Oirthear Ársa na hÉireann trí shraith Feachtas Fógraíochta Náisiúnta sna Meáin Chlóite & sna Meáin Shóisialta, amhail "Lean Ort Ag Foghlaim" agus "Caith Sos Anseo", a reáchtáil chun spreagadh a thabhairt do dhaoine a gcuid málaí a phacáil agus dul amach chun foghlaim faoi nithe atá ar fáil i gContae Laoise agus in Éirinn.

### An Tionscadal maidir le Síondíonadh & Proinnspásanna Allamuigh

I gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann, soláthróidh Comhairle Chontae Laoise saoráidí síondíonta chun úsáid proinnspásanna allamuigh a chumasú ar fud na bliana i bPort Laoise agus i nDarú ar mhaithe le leanúint de thacaíocht a thabhairt le téarnamh na hearnála turasóireachta agus aíochta.

### Ionad Oidhreachta Thigh Mochua

Faoin Scéim na nDeontas do Bhailte agus do Shráidbhailte, tá tús curtha le hoibreacha ar chaomhnú agus uasghrádú an Ionaid Oidhreachta a reáchtálann an pobal sa tsean Eaglais de chuid Eaglais na hÉireann i dTigh Mochua. Tá na hoibreacha sin á ndéanamh chun creatlach an fhoirgnimh stairiúil a chosaint agus chun saoráidí agus léirmhíniúchán oidhreachta a sholáthar do thurasóirí agus do mhuintir na háite.

### Rianta Rothaíochta Sléibhe Shliabh Bladhma

I gcomhar le Comhairlí Contae Laoise agus Uíbh Fhailí, d'oibrigh Coillte ar fhorbairt Thionscadal Rothaíochta Sléibhe Shliabh Bladhma. Tá 11km de Rianta Gorma, 12km de rianta Dearga agus 21km de rianta Dubha ann i gContae Laoise anois.

### Ciste na mBailte 'Ceann Scríbe Turasóireachta'

Cuireadh tús leis an obair ar Thionscadal Turasóireachta Baile Cinn Scríbe le haghaidh Phort Laoise, ar

ar tionscadal é ina n-áirítear bailchríoch a chur ar na tograí maidir le script, pleanáil agus dearadh comharthaíochta aimsithe bealaigh agus léirmhíniúcháin do lár an bhaile. Cuireadh tús leis an Scéim Feabhsaithe Péinteála sa bhaile freisin. Cuireadh oibreacha sibhialta agus tírdhreacha i gcrích ar Lána Bull mar chuid den tionscadal foriomlán.

## Gormbhealach na Bearú

Rinneadh dul chun cinn seasta sa bhliain 2021 maidir le Gormbhealach na Bearú. I dtaca leis na 36,340m de dhromchla gan cheangal a bhaineann leis an tionscadal, tá an obair curtha i gcrích i ndáil le 18,020m de agus tá an obair i ndáil le 5,570 ar siúl i gcónaí. Cuireadh bailchríoch ar Phlean Eacnamaíochta Ghormbhealach na Bearú agus lainseáladh i mí Iúil é. Is é is aidhm don phlean sin ná eolas a chur ar fáil le haghaidh tionscnaimh phobail agus ghnó trína n-uasmhéadaítear na deiseanna a bheidh ann do Laois agus do Chill Dara mar thoradh ar an nGormbhealach agus treoir agus spreagadh a thabhairt ina leith sin.

### Féilte & Imeachtaí:

Mar gheall ar phaindéim Covid 19 a bheith ann fós sa bhliain 2021, cealaíodh na féilte móra go léir a bhíonn ar siúl sa Chontae gach bliain de ghnáth Ach, i measc na n-imeachtaí a bhí ann, áiríodh rás cúig lá do mhná, is é sin, an rás cúig lá ar a dtugtar Rás na mBan Tharla an tríú lá den rás i Laois tráth a chuaigh na rannpháirtithe trí Chrochta Ard, tríd an Sráidbhaile, trí Phort Laoise, trí Mhóinteach Mílic, trí Ros Fhionnghlaise, trí Chluain na, Slí, trí Chionn Eitigh agus tríd an nGearradh ar Shliabh Bladhma áit ar tháinig deireadh leis an rás. Bronnadh geansaithe ar an rothaí buaiteach ar an lá sin. Seoladh Féile Ealaíne & Cultúir Twin Trees Heywood sa tréimhse ón 8 go dtí an 20 Lúnasa. Ina theannta sin, thug Comhairle Chontae Laoise tacaíocht do Mhargaí Nollag éagsúla i mí na Nollag.

## MY PAY, IONAD COMHROINNTE SEIRBHÍSÍ RIALTAIS ÁITIÚIL/PÁROLLA & AOISLIÚNTAS

**STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:** **John Forde**

Faoi láthair, tá an tionscadal á sheoladh de réir an sceidil agus an bhuiséid ina leith. Tá 86 fhostaí lonnaithe san Ionad Seirbhísí Comhroinnte faoi láthair. Tá Babhtaí 1, 2, 3, 4 agus 5 curtha i gcrích de réir an sceidil i ndáil leis na contaetha seo a leanas: Laois, Uíbh Fhailí, an Longfort, Ros Comáin, an Iarmhí, Liatroim, Gaillimh, Ceatharlach, Muineachán, an Cabhán, Cill Dara, an Mhí, Cill Chainnigh, Lú, Baile Átha Cliath Theas, Tiobraid Árann, Ciarraí, Cill Mhantáin, Sligeach, Maigh Eo, an Clár, Fine Gall, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin, Comhairlí Contae Dhún na nGall agus Loch Garman, mar aon le Comhairlí Chontae agus Chathair Phort Láirge agus Comhairlí Chontae agus Chathair na Gaillimhe agus an LGMA beo anois.

Is iad seo a leanas na staitisticí a bhaineann leis an tionscadal suas go deireadh mhí na Nollag 2021:

| | |
|---|---|
| Luach na nÍocaíochtaí | €5,166m |
| An Líon Íocaíochtaí | 6,021,176 |
| An Líon Grúpaí Pá a Íocadh | 12,328 |
| Líon Eisiúintí Párolla | 7,116 |

Tá an-dul chun cinn déanta ar an obair a bhaineann le Comhairle Chontae Chorcaí a thabhairt isteach sa chóras mar chuid de Bhabhta 6. Tá obair ar siúl le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d'fhonn iad a thabhairt isteach sa chóras sa bhliain 2023.

Tá tús curtha leis an ngné Aoisliúntais den tionscadal:

- Faoi láthair, tá 20 Údarás Áitiúil beo i dtaca le seirbhísí pinsin de agus tá plean ann chun na húdaráis eile a thabhairt isteach faoin mbliain 2023.
- Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua á riaradh trí MyPay anois thar ceann Earnáil na nÚdarás Áitiúil.

D'éirigh le MyPay caighdeán ISAE 3402 a choimeád ar bun. Is caighdeán d'eagraíochtaí seirbhíse é sin a dtugtar aitheantas dó ar bhonn idirnáisiúnta agus ní mór é a athnuachan gach bliain.

**TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS LÍON COMHALTAÍ GACH COISTE AGUS COMHCHOISTE AGUS AN LÍON CRUINNITHE DE CHUID GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH I RITH NA TRÉIMHSE Ó EANÁIR GO NOLLAIG 2021**

| Ainm an Choiste | Comhaltaí Tofa | An Líon Cruinnithe |
|---|---|---|
| Coiste Forbartha Pobail Áitiúil | An Comhairleoir Paschal McEvoy<br>An Comhairleoir John King<br>An Comhairleoir Conor Bergin | 11 |
| An Comhchoiste Póilíneachta | An Comhairleoir Padraig Fleming<br>An Comhairleoir Paddy Bracken<br>An Comhairleoir Seamus McDonald<br>An Comhairleoir Paschal McEvoy<br>An Comhairleoir Catherine Fitzgerald<br>An Comhairleoir James Kelly<br>An Comhairleoir Ben Brennan<br>An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley<br>An Comhairleoir John King<br>An Comhairleoir Aisling Moran<br>An Comhairleoir Conor Bergin | 4 |
| An Fóram Oidhreachta | An Comhairleoir Padraig Fleming<br>An Comhairleoir William Aird | 3 |
| An Coiste Logainmneacha | An Comhairleoir Paddy Bracken<br>An Comhairleoir Noel Tuohy<br>An Comhairleoir Mary Sweeney<br>An Comhairleoir John King<br>An Comhairleoir P J Kelly<br>An ComhairleoirAisling Moran | 6 |
| An Coiste Iniúchta | An Comhairleoir Padraig Fleming<br>An Comhairleoir Aisling Moran | 4 |
| An Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil | An Comhairleoir Mary Sweeney<br>An Comhairleoir John King<br>An Comhairleoir P J Kelly<br>An Comhairleoir Paddy Bracken<br>An Comhairleoir Paschal McEvoy<br>An Comhairleoir Catherine Fitzgerald<br>An Comhairleoir James Kelly | 3 |
| Coiste Faireacháin Choillte Laoise | An Comhairleoir Paddy Bracken<br>An Comhairleoir Thomasina Connell<br>An Comhairleoir Aisling Moran | 0 |
| An Coiste Faireacháin Uisce Tuaithe | An Comhairleoir Padraig Fleming<br>An Comhairleoir P J Kelly<br>An Comhairleoir Conor Bergin | 5 |

# Aguisín I

**TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS LÍON COMHALTAÍ GACH COISTE AGUS COMHCHOISTE AGUS AN LÍON CRUINNITHE DE CHUID GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH I RITH NA TRÉIMHSE Ó EANÁIR GO NOLLAIG 2021**

| Ainm an hoiste | Comhltaí Tofa | An Líon Cruinnithe |
|---|---|---|
| Coiste na nImeachtaí Poiblí | An Comhairleoir Ben Brennan<br>An Comhairleoir Paschal McEvoy<br>An Comhairleoir James Kelly<br>An Comhairleoir Thomasina Connell<br>An Comhairleoir Aisling Moran | 0 |
| An Coiste Nasctha | An Comhairleoir Padraig Fleming<br>An Comhairleoir James Kelly<br>An Comhairleoir Conor Bergin | 1 |

## COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA—EANÁIR GO NOLLAIG 2021

| Ainm an Choiste | Comhaltaí Tofa |
|---|---|
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | An Comhairleoir John Joe Fennelly<br>An Comhairleoir John King<br>An Comhairleoir Aisling Moran |
| Bord Oideachais & Oiliúna Laoise & Uíbh Fhailí | An Comhairleoir Catherine Fitzgerald<br>An Comhairleoir Padraig Fleming<br>An Comhairleoir Mary Sweeney<br>An Comhairleoir Willie Aird<br>An Comhairleoir John King<br>An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley |
| Cruinniú Ginearálta Bliantúil Chomhar Árachais Comhairlí Éireann Teo | An Comhairleoir P J Kelly |
| Cuideachta Amharclainne Ealaíona Laoise Teo | An Comhairleoir Mary Sweeney<br>An Comhairleoir Thomasina Connell<br>An Comhairleoir Noel Tuohy |
| Bord Iontaobhas Oidhreachta Mhainistir Laoise | An Comhairleoir John Joe Fennelly |
| Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil | An Comhairleoir Seamus McDonald |
| Tionól Réigiúnach an Oirthir & Lár Tíre | An Comhairleoir Catherine Fitzgerald<br>An Comhairleoir Aisling Moran |
| Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise Teo | An Comhairleoir Padraig Fleming<br>An Comhairleoir P J Kelly |
| Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire | An Comhairleoir Padraig Fleming (go dtí an 27/09/2021)<br>An Comhairleoir Aidan Mullins |
| Laois Leisure Limited | An Comhairleoir Aidan Mullins (ón 27 Meán Fómhair 2021)<br>An Comhairleoir Noel Tuohy (ón 27 Meán Fómhair 2021) |
| Ionad Fiontraíochta Phort Laoise | An Comhairleoir John Joe Fennelly<br>An Comhairleoir William Aird<br>An Comhairleoir Mary Sweeney |
| Ionad Fiontraíochta Chúil an tSúdaire | An Comhairleoir Aidan Mullins<br>An Comhairleoir P J Kelly |
| Bord Threo Nua Teoranta | An Comhairleoir Noel Tuohy |
| Fóram Réigiúnach Bhaile Átha Cliath/Lár Laighean | An Comhairleoir Padraig Fleming<br>An Comhairleoir Paschal McEvoy<br>An Comhairleoir Thomasina Connell |
| An Tascfhórsa Réigiúnach Lár Tíre um Dhrugaí | An Comhairleoir Thomasina Connell |
| Ionad Nuálaíochta Phort Laoise | An Comhairleoir Catherine Fitzgerald (go dtí an 28 Meitheamh 2022)<br>An Comhairleoirr Conor Bergin (ón 28 Meitheamh 2022)<br>An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley (ón 27 Meán Fómhair 2021) |

## ACHOIMRE AR CHAITEACHAIS NA gCOMHALTAÍ

## EANÁIR – NOLLAIG 2021

| | € |
|---|---:|
| Comhdhálacha | 2,802.07 |
| Oiliúint | 9,714.83 |
| Fóin | 707.21 |
| Caiteachais Mhíosúla | 93,162.82 |
| Liúntas do Chathaoirligh Coistí Beartais Earnála | 24,000.00 |
| Liúntas Ionadaíochta | 410,286.39 |
| Liúntas an Chathaoirligh | 20,237.18 |
| Liúntas an Leas-Chathaoirligh | 3,832.75 |
| Liúntas do Chathaoirligh Cheantair Bhardasaigh | 17,960.65 |
| Liúntas Ceantair Bhardasaigh | 9,210.70 |
| FORIOMLÁN | €591,914.60 |
| | |

## CÚRSAÍ OILIÚNA AR FHREASTAIL COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE LAOISE ORTHU SA BHLIAIN 2021

| Oiliúint | Ionad | Dáta | An Líon Toscairí | Caiteachas |
|---|---|---|---|---|
| AILG | | | | |
| AILG – Modúl 1 | Glean Dá Loch<br>Sligeach<br>Béal Átha na Sluaighe | 23 Meán Fómhair<br>7 Deireadh Fómhair<br>7 Deireadh Fómhair | 6 | €1,186.86 |
| AILG – Modúl 2 | Baile an Bhriotaigh, Gaillimh, | 6 Samhain | 6 | €1,535.15 |
| LAMA—Fómhar | Sligeach | 3 go 5 Samhain | 9 | €5,339.38 |
| Institiúid Pleanála na hÉireann | Loch Garman | 17 go 19 Samhain | 3 | €1,653.44 |
| **Foriomlán** | | | | **€9,714.83** |

## COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE LAOISE ORTHU SA BHLIAIN 2021

| Comhdháil | Ionad | Dáta | An Líon Toscairí | Caiteachas |
|---|---|---|---|---|
| Margadh Cothrom | Cairlinn | 1 go 3 Deireadh Fómhair | 1 | €303.41 |
| Meabhairshláinte | Cloich na Coillte | 8 go 10 Deireadh Fómhair | 2 | €905.95 |
| Meabhairshláinte | Cairlinn | 3 go 5 Nollaig | 3 | €1,342.71 |
| Cúrsa CDP Ar Líne | Coláiste na Tríonóide | 8 Feabhra | 1 | €250.00 |
| **Foriomlán** | | | | **€2,802.07** |

# CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

www.laois.ie

RÍOMHPHOST: corpaffairs@laoiscoco.ie

| | |
|---|---|
| Áras an Chontae, Post Laoise | Teil: (057) 8664000 |
| Cuntais Iníoctha, Áras an Chontae | Teil: (057) 8664117 |
| An Oifig Ealaíon, Áras an Chontae | Teil: (057) 8664033 |
| Oifig an Airgid, Áras an Chontae | Teil: (057) 8674308 |
| Ceanncheathrú Cosanta Sibhialta, Áras an Chontae | Teil: (057) 8664106 |
| An Comhshaol, Áras an Chontae | Teil:(057) 8674318 |
| Tithíocht, Áras an Chontae | Teil: (057) 8674301 |
| Acmhainní Daonna, Áras an Chontae | Teil: (057) 8664075 |
| An Láithreán Líonta Talún, Coillte Laoise, Port Laoise | Teil: (057) 8620653 |
| Ceanncheathrú Leabharlainne, Áras an Chontae | Teil: (057) 8594982 |
| An Oifig Mótarchánach, Bloc 2, Áras an Chontae | Teil: (057) 8674305 |
| Pleanáil, Bloc 1, Áras an Chontae | Teil: (057) 8664032 |
| Clár na dToghthóirí, Áras an Chontae | Teil: (057) 8664105 |
| Bóithre, Áras an Chontae | Teil: (057) 8664242 |
| Spórt & Fóillíocht, Áras an Chontae | Teil: (057) 8664041 |
| Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae | Teil: (057) 8674358 |

I bpáirt leis an bpobal